ISSN 2009-3055

€1.65 (£1.50)
Uimh. 28

Gaelscéal

Ag Cothú Phobal na Gaeilge

11.07.2012

Céard go díreadh é 'Bóson Higgs'?

L. 9

Seachtain chinniúnach sna sléibhte ag Roche

L. 29

Baile dátheangach á dhéanamh de Chluainín

L. 6

www.gaelsceal.ie

Costas 'fíorbheag' le seirbhísí Gaeilge

0.0006%

An céatadán de bhuiséad na Roinne Coimirce Sóisialaí a chaitheadh ar sheirbhísí Gaeilge

Léiríonn figiúirí faoin méid airgid a chaitheann Ranna rialtais ar sheirbhísí Gaeilge go bhfuil costas "fíorbheag" ag baint leo, dar leis an gCoimisinéir Teanga

Colm Ó Broin

Chuir an Teachta Dála, John Deasy, ó Phort Láirge ceisteanna chuig na Ranna rialtais ar fad an tseachtain seo caite lena fháil amach cé mhéad airgid a chaith siad ar sheirbhísí trí mheán na Gaeilge le cúig bhliana anuas. Léiríonn na figiúirí nár chaith an 12 Roinn a chuir figiúirí ar fáil dó ach €365,241 ar sheirbhísí Gaeilge san iomlán in 2011. Bhain an chuid is mó den chaiteachas le haistriúchán.

Bhain beagnach leath den mhéid a caitheadh in 2011 leis an Roinn Oideachais, €158,457, nó 0.002% de chaiteachas iomlán na Roinne.

Chaith an Roinn Airgeadais an méid is lú, €4,333, nó 0.007% den bhuiséad a bhí acu anuraidh. Chaith Roinn an Taoisigh €12,506 ar sheirbhísí trí mheán na Gaeilge anuraidh, nó 0.06%, agus chaith an Roinn Coimirce Sóisialaí €89,200, nó 0.0006% den €14 billiún a chaith an Roinn anuraidh.

Ní raibh figiúirí ag an Roinn Sláinte, an Roinn Comhshaoil ná ag an Roinn Dlí agus Cirt. Chaith an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta €61 milliún ar an nGaeilge anuraidh. Dúirt an Coimisinéir Teanga, Seán Ó Cuireáin, gur léirigh na figiúirí nach bhfuil mórán costais ar chor ar bith ag baint le cearta teanga do phobal na Gaeilge.

"Bhí muid i gcónaí ag rá nach raibh costas a bhain le seirbhísí trí mheán nGaeilge mór ná suntasach," ar seisean.

"Bheadh sé áiféasach a rá go bhfuil an-iomarca airgid á chaitheamh orthu i gcomhthéacs caiteachais iomlán na Ranna rialtais," arsa sé.

Ar lean ar leathanach 2

Ábhar imní? Tá ceisteanna curtha ag John Deasy, TD, faoin méid airgid a chaitheann Ranna rialtais ar sheirbhísí Gaeilge.

Dífhostaíocht na Gaeltachta

Ceantair láidre Gaeltachta i measc na gceantracha is measa sa tír ó thaobh dífhostaíochta de

Anton Mac Cába

TÁ roinnt toghcheantar Gaeltachta i measc na gceantar is measa dífhostaíochta sa tír, de réir léarscáile ón bPríomh-Oifig Staidrimh. Tá an leárscáil seo bunaithe ar dhaonáireamh 2011.

Is é Garmna i gCeantar na nOileán i gConamara an tríú ceantar dífhostaíochta is measa sa tír agus gan ach dhá cheantar i gCathair Luimnigh níos measa ná é. Bhí ráta 52.2% dífhostaíochta i nGarmna anuraidh. In aice láimhe, tá Scainimh i gCill Ciaráin ina raibh 45.8% dífhostaíochta, An Turlach ina raibh 40.1% dífhostaíochta agus Leitir Móir, ina raibh 38.6% de ráta dífhostaíochta.

Tá ceithre cheantar Gaeltachta eile ina raibh os cionn 35% as obair. Bhí 41.8% dífhostaithe i gceantar Chnoc na Lobhar in Iorras, Maigh Eo, sin é Ceathrú Taidhg agus an ceantar thart timpeall air.

Bhí trí cheantar Gaeltachta i nDún na nGall ina raibh os cionn 35% de ráta dífhostaíochta. Bhí 41.5% dífhostaithe i Mín an Chladaigh, agus 37.4% i nGort an Choirce. De réir na léarscáile, bhí os cionn 35% den phobal oibre dífhostaithe ar Árainn Mhór. Ní tugtar figiúirí ar bith, áfach.

Is ar éigean má bhí an Tíogar Ceilteach ar leas ceantair ar bith acu seo.

Ar lean ar leathanach 2

NUACHT NÁISIÚNTA

Costas 'fíorbheag' le seirbhísí Gaeilge

Ar lean ó leathanach a haon

"De réir na bhfigiúirí sin, níor chaith na Ranna rialtais ach €1,000 in aghaidh an lae ar sheirbhísí Gaeilge i rith 2011."

Tá athbhreithniú ar bun ag an rialtas ar Acht na dTeangacha Oifigiúla agus tá imní léirithe ag Conradh na Gaeilge go bhfuil sé i gceist forálacha an Achta a dhéanamh níos laige. Tháinig deireadh le próiseas comhairliúcháin faoin athbhreithniú níos luaithe i mbliana agus táthar ag ullmhú moltaí ina leith faoi láthair.

Tá go leor gearán déanta ag John Deasy faoin Acht Teanga. Dúirt an Teachta de chuid Fhine Gael in 2004 go raibh sé "áiféiseach" go raibh ar chomhlachtaí stáit gach doiciméid a d'fhoilsigh siad a aistriú go Gaeilge agus mhaígh sé go raibh an tAcht á chur I bhfeidhm de bharr baicle beag "intleachtóirí le Gaeilge" a bhí tar éis poist chumhachtacha a bhaint amach.

Ní raibh an Teachta féin ar fáil le labhairt le Gaelscéal faoi na ceisteanna a chuir sé chuig na Ranna an tseachtain seo caite. Dúirt urlabhraí dá chuid, áfach, go gcuireann sé na ceisteanna anois agus arís le

An Coimisinear Teanga, Sean O Cuirreain, ag labhairt le linn seoladh an Tuarascail Bhliaintuil in Ostan an Galway Bay, Bothar na Tra, Co na Gaillimhe. PIC PIXSHEAIN

féachaint an bhfuil athrú tagtha ar an méid a chaitear ar an nGaeilge.

Is é seo a leanas an méid a chaith na Ranna eile:

Caiteachas Poiblí agus Athchóirithe:	€4,870
Fiontraíocht:	€48,424
Cumarsáid:	€5,514
Cosaint:	€3,210
Talamhaíocht:	€11,985
Páistí:	€17,373
Iompar:	€9,436

Dífhostaíocht na Gaeltachta

Ar lean ó leathanach a haon

Lena linn, cuireadh cosc ar iascaireacht na mbradán sa bhfarraige agus dar le daoine sna Gaeltachtaí seo, cailleadh postanna dá bharr.

Dúirt Míchéal Ó Seighin ó Cheathrú Taidhg go raibh sin ina bhuille don cheantar. "Tá sin stoptha ar mhaithe leis an tslatiascaireacht," ar seisean. "Ó 1996, mhéadaigh daonra na tíre 28% ach thit daonra an pharóiste seo 14%."

Dúirt Nóirín Ní Mhaoldomhnaigh ó Chomharchumann Árainn Mhór gurb é an cosc ar iascaireacht na mbradán an buille ba mhó don oileán. "Is oileán beag muid, táimid amach ón tír mhór," ar sise. "Bhí an pobal ag braith ar an iascaireacht. Táimid ag brath ar an tuarasóireacht agus ar an

Is é Garmna i gCeantar na nOileán i gConamara an tríú ceantar dífhostaíochta is measa sa tír agus gan ach dhá cheantar i gCathair Luimnigh níos measa ná é. Bhí ráta 52.2% dífhostaíochta i nGarmna anuraidh.

gColáiste Gaeilge. Tugann an Coláiste Gaeilge cuairteoirí isteach. Tá scór teaghlach ag brath air."

Bhíodh cuid mhór daoine as Gaoth Dobhair agus Cloch Cheannfhaola ag obair i dtionscal na tógála, faoi Bhaile Átha Cliath ach go háirithe. Thagadh siad abhaile ag deireadh na seachtaine. Bhí laghdú 55.8% ar an líon sa tionscal idir 2006 agus 2011. Maidir le toghcheantair Chonamara, fiú mura bhfuil siad ach dhá scór míle amach as Gaillimh, tá na bóithre go dona.

Tá An Tulach, Scainimh agus Mín an Chladaigh ar an trí cheantar Gaeltachta is láidre sa tír, ó thaobh na teanga de. Feicfear cad iad na himpleachtaí leis an dífhostaíocht don Ghaeilge.

An-rath ar Oireachtas Gaeilge Cheanada

Cór Gaelach Ottawa, faoi stiúir Ellen Mac Isaac, ag taibhiú ag Oireachtas Gaeilge Cheanada, 7 Iúil 2012.

BHÍ an-rath ar Oireachtas Gaeilge Cheanada i mbliana le scata as Éirinn, SAM agus as Ceanada féin i mbun ceiliúrtha ar an nGaeilge.

Tá ceangail láidir idir Ghaeltacht Cheanada agus an tOireachtas in Éirinn. I bpáirtíocht a chéile, tá siad tar éis Oireachtas Gaeilge Cheanada a reáchtáil den dara bliain, 6 - 8 Iúil 2012.

Bhí toscaireacht thall as Éirinn chun moltóireacht a dhéanamh ar na comórtais: Máirín Nic Dhonnchadha, Cilian Fennell, Labhrás Sonaí Choilm Léaraí,

Meaití Jó Shéamuis, Máirín Uí Chéide (atá ina cónaí i mBostún anois) agus Liam Ó Maolaodha, stiúrthóir an Oireachtais, a bhí mar cheannaire na toscaireachta.

Seo liosta de na buaiteoirí :

COMÓRTAIS AMRÁNAÍOCHTA (Sean Nós) 1. Ellen Mac Isaac, Ottawa, Ontario 2. Yolanta Kruk, Montréal, Quebec 3. Mícheál Newell, Bostún, Massachussetts

Ros Muc Conamara ó dhúchas. (Amhránaíocht i stíl nach Sean Nós í) 1. Séamus Ó Fianghusa, Brooklyn, Nua-Eabhrac, 2. Eithne Dunbarra, Brockville, Ontario, Baile Átha Luain ó dhúchas, 3. Donna Marie Ní Shuilleabháin, Montréal, Quebec.

(Lúibíní) Lucas Ó Cathain/Aralt Mac Giolla Chainnigh, New Jersey (SAM)/ Dún Laoghaire (Kingston), Ontario

(Cór Gaelach) Cór Ceilteach Ottawa , Ontario

COMÓRTAIS LABHARTHA(Aithris Filíochta) 1. Mícheál Newell, Bostún, Massachussetts Ros Muc, Conamara ó dhúchas. 2. (roinnte) Íosác Mac Daibhidh, Montréal, Quebec, Lucas Ó Cathain, New Jersey, SAM (Scéalaíocht) 1.Pádraig Mac Lochlainn. Montréal, Quebec, 2. Yvonne Healy, Michigan, SAM

COMÓRTAIS CHEOIL (Píb Uilleann) Jeremy Tetrault-Farber, Montréal, Quebec, (Cláirseach) Karen Kimmet, Dún Laoghaire (Kingston), Ontario, (Banna Céilí) Banna Céilí Ottawa, Ottawa, Ontario

COMÓRTAIS DAMHSA (Sean Nós) - oscailte, Síle Ní Bhuaigh, Ballahack, Ontario, (- faoi 12) 1. Ayisha & Eilé Hannigan, Baltimore, Ontario, 2. Jessica McGaughey, Dún Laoghaire (Kingston), Ontario, 3. Sadie & Anise Coleman agus Cedar & Arwen Robinson, Dún Laoghaire (Kingston), Ontario. (Damhsa Seite) Rinceoirí Chláirseach na Teamhrach, Dún Laoghaire (Kingston), Ontario

BUAITEOIR COMÓRTAS CHLÓ MHAIGH EO

- Clodagh agus Síofra Ní Dhireán, Gaillimh
- Aisling Uí Dhúllaing, Co Bhaile Átha Cliath
- C O Muircheartaigh, Co Bhaile Átha Cliath
- Brian Thornton, Co na Mí
- Clodagh Ní Fhlatharta, Gaillimh
- Margaret Berkery, Co Luimneach

Gaelscéal

Le cabhair ó: Foras na Gaeilge

Baineann Gaelscéal úsáid as Gaelspell agus Ceart, bogearraí a chabhraíonn le litriú agus gramadach na Gaeilge, www.cruinneog.com

Oifig an Spidéil: 00353-91-897766

Ciarán Dunbar, *Eagarthóir*, ciaran.dunbar@gaelsceal.ie

Colm Ó Broin, *Iriseoir*, colm.obroin@gaelsceal.ie

Caroline Ní Chualáin, *Oideachais*, scoil@gaelsceal.ie

Gráinne McElwain, *Spóirt*, grainne.mcelwain@gaelsceal.ie

Patricia Ní Chonghaile, *Comhordaitheoir Táirgíochta*, patricia.nichonghaile@gaelsceal.ie

European Newspaper AWARD NEWSPAPERDESIGN & CONCEPT

Cáineadh faoin mBille Gaeltachta diúltaithe

Colm Ó Broin

TÁ cáineadh faoin mBille Gaeltachta a rinne Conradh na Gaeilge agus Guth na Gaeltachta diúltaithe ag an Aire Stáit Gaeltachta, Dinny McGinley.

Mhaígh an dá eagraíocht go raibh an bille ina bhfuil, "an reachtaíocht is tábhachtaí ó thaobh na Gaeilge agus na Gaeltachta de le trí scór bliain anuas," á bhrú trí Thithe an Oireachtais roimh bhriseadh an tsamhraidh. Dúirt Dónall Ó Cnaimhsí ó Ghuth na Gaeltachta: "Thug an tAire Gaeltachta, Dinny McGinley, féin le fios sa Seanad le déanaí go mb'fhéidir gurb í an reachtaíocht seo an deis deiridh a bheidh againn chun an Ghaeltacht a shlánú agus más fíor sin, creideann Guth na Gaeltachta gur mór an náire í nach bhfuil a dhóthain ama á tabhairt le plé mar is cóir a dhéanamh ar an mBille Gaeltachta."

Dar le Donnchadh Ó hAodha, Uachtarán Chonradh na Gaeilge: "Ba léir ó líon na leasuithe a moladh i dtaobh na reachtaíochta ag Céim an tSeanaid go raibh an chéad dréacht den Bhille Gaeltachta lochtach ar go leor bealaí, agus tá sé scannalach nach mbeidh deis ag na polaiteoirí - ná ag an bpobal - plé mar is cóir a dhéanamh air sula mbrúitear tríd an Dáil é."

Mhol an dá eagraíocht don Aire fanacht go dtí go bhfilleann an Dáil i mí Mheán Fómhair leis an mBille Gaeltachta 2012 a reachtú. Dúirt urlabhraí na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta nár aontaigh an tAire Stáit le seasamh na neagraíochtaí.

"Is é tuairim an Aire Stáit go bhfuil plé leanúnach poiblí ar siúl maidir le ceist na Gaeilge agus na Gaeltachta le blianta fada anuas agus go bhfuil an t-am tagtha chun gníomh fónta, dearfach a chur in áit na cainte. Is é sin atá i gceist le Bille na Gaeltachta 2012.

"Tá sé curtha in iúl ag an Aire Stáit go minic cheana nach mór an Bille seo a achtú chomh luath agus is féidir mar go dtagann deireadh le tréimhse na gcomhaltaí tofa reatha ar Bhord Údarás na Gaeltachta ar 2 Deireadh Fómhair 2012.

"I bhfianaise chinneadh an Rialtais deireadh a chur le toghcháin dhíreacha d'Údarás na Gaeltachta feasta, caithfidh meicníocht reachtúil a bheith curtha in áit chun socruithe cuí a dhéanamh maidir le Bord nua a cheapadh."

Dúirt an t-urlabhraí nach n-aontaíonn an tAire Stáit nár tugadh deis do pholaiteoirí díospóireacht chuimsitheach a dhéanamh ar an mBille.

"Faoin am go mbeidh an plé sa Seanad críochnaithe ar an gCéadaoin, 11 Iúil, beidh díospóireacht de dheich n-uair a chloig déanta ar an mBille sa Teach sin agus tabharfar beagnach an méid céanna ama don Bhille nuair a thabharfar os comhair na Dála é.

"Sna cúinsí seo, measann an tAire Stáit go bhfuil allúntas ama an-réasúnta tugtha do Thithe an Oireachtais forálacha an Bhille a chíoradh go mion."

Róisín agus Katie Ní Shuilleabháin ag baint suilt as Champa Samhraidh Ealaíona Phléaráca a bhí ar siúl an tseachtain seo caite in Ionad Fiontair Ros Muc, Conamara.

ACTA diúltaithe ag an Eoraip

Diarmuid Ó Muirgheasa

DHIÚLTAIGH tromlach mór de Pharlaimint na hEorpa don chomhaontú trádála conspóideach "ACTA" ("Anti-Counterfeiting Trade Agreement") i vótáil an tseachtain seo caite. Vótáil 478 FPE (Feisire de Pharlaimint na hEorpa) i gcoinne an chomhaontaithe, 39 ar a shon, agus staon 165 ó vótáil.

Comhaontú idirnáisiúnta a bhí le bheith i gceist le ACTA , agus é de sprioc aige cabhrú chun deireadh a chur le trádáil idirnáisiúnta in earraí góchumtha. Mar aon leis an Aontas Eorpach, bhí páirt san idirbheartaíocht ag Stáit Aontaithe Mheiriceá, Ceanada, Meicsiceo, an tSeapáin, an Astráil agus an Nua-Shéalainn, i measc tíortha eile.

I measc na ngrúpaí a bhí i mbun stocaireachta ar son ACTA, bhí an MPAA ("Motion Picture Association of America") agus PhRMA ("Pharmaceutical Research and Manufacturers of America"). Deir an dá ghrúpa úd go ndéanann trádáil in earraí góchumtha damáiste ollmhór dá mbaill, agus don gheilleagar idirnáisiúnta i gcoitinne.

Ar an taobh eile den argóint, tá grúpaí a deir go ndéanfadh ACTA níos mó damáiste ná maitheasa. Dar leis an EFF ("Electronic Frontier Foundation"), grúpa a dhéanann stocaireacht ar son cearta digiteacha an phobail, "tá neart cúis buartha sa chonradh ó thaobh phríobháideachas an tomhaltóra [...] cearta sibhialta nuálaíochta [...] agus saorghluaiseacht eolais ar líne atá mar chuid de thráchtáil dhlisteanach". Deir Médecins Sans Frontières (MSF) go gcothaíonn an conradh "baol dáiríre maidir le leigheas a chur ar fáil [...] agus fiú baol pionóis choiriúla do leithéidí MSF".

Shínigh Éire an conradh ag tús na bliana, ach níor daingníodh é. Bheadh gá le daingniú ("ratification") ó chuile tír san AE, chomh maith le daingniú ón AE féin, sula dtiocfadh an conradh i bhfeidhm anseo. Go hidirnáisiúnta, bheadh gá le daingniú ó shé thír éagsúla sula dtiocfadh an conradh i bhfeidhm. Ní léir anois an dtarlóidh sé sin ar chor ar bith.

Cé gur cosúil go bhfuil deireadh leis an gconradh seo, ní léir nach bhfeicfear codanna conspóideacha de arís. Deir Dr. Michael Geist, ollamh dlí ag Ollscoil Ottawa i gCeanada, "tá sé i gceist ag an Aontas Eorpach úsáid a bhaint as an "Canada-EU Trade Agreement" ("CETA"), atá ag teannadh leis na céimeanna idirbheartaíochta deireanacha, mar shlí le roinnt d'fhorálacha ACTA a bhrú tríd an pharlaimint go ciúin".

Folúntas

Tá folúntas ag Cló Iar-Chonnacht **d'Fheidhmeannach Margaíochta** ó thús mhí Lúnasa ar feadh tréimhse seacht mí (clúdach do thréimhse saoire máithreachais).

Níor mhór d'iarrthóirí:

- Ardchaighdeán Gaeilge agus Béarla, idir labhartha agus scríofa, a bheith acu.
- Céim sa Mhargaíocht nó a comhionann, nó taithí ábhartha.
- Taithí ríomhaireachta agus eolas ar phacaistí éagsúla ríomhaireachta. Bheadh taithí ar na meáin shóisialta ina bhuntáiste.

Seol CV agus litir iarratais chuig:
An Bainisteoir, Cló Iar-Chonnacht, Indreabhán, Co. na Gaillimhe, roimh an 13 Iúil.
Glacfar le hiarratais ar r-phost: cic@iol.ie

Tuilleadh eolais ar www.cic.ie

THE HONORABLE SOCIETY OF KING'S INNS

DEISEANNA OIBRE DEN SCOTH LEIS AN AONTAS EORPACH DO CHÉIMITHE LE GAEILGE

- **Ard-Dioplóma sa Dlítheangeolaíocht agus san Aistriúchán Dlíthiúil**
- **Ard-Dioplóma san Aistriúchán Dlíthiúil**

Earcaíonn an tAontas Eorpach aistritheoirí agus dlítheangeolaithe go tráth rialta. Tá ganntanas ar an AE faoi láthair maidir le haistritheoirí dlíthiúla agus dlítheangeolaithe[1] le Gaeilge.

Deireadh Fómhair 2012 - Bealtaine 2013 tairgfidh Óstaí an Rí cúrsaí páirtaimseartha ardleibhéil chun rannpháirtithe a chumasú le cur isteach ar fholúntais mar aistritheoirí dlíthiúla le Gaeilge agus dlítheangeolaithe le Gaeilge le hInstitiúidí an AE.

Seasfaidh na cáilíochtaí seo freisin don té ar suim leis fostaíocht taobh amuigh d'Institiúidí an AE. Tá maitheamh táillí ar fáil do dhaoine a bhfuil deacrachtaí airgeadais acu. Ní gá cáilíocht sa Dlí don chúrsa san Aistriúchán Dlíthiúil.

Foirmeacha iarratais & tuilleadh eolais ar fáil ag
www.kingsinns.ie/gaeilge.htm
agus ó : daithi.maccarthaigh@kingsinns.ie 087-2368364.

Cuireann an Roinn Ealaíon Oidhreachta agus Gaeltachta tacaíocht ar fáil don dá chúrsa seo.

An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of Arts, Heritage and the Gaeltacht

[1] Daoine, a bhfuil cáilíocht ghairmiúil sa dlí nó céim sa dlí acu, a dheimhníonn go bhfuil leaganacha éagsúla de achtachán i dteangacha éagsúla ag teacht lena chéile.

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 11 Iúil, 2012

Kevin de Barra: Stiúrthóir Nua Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge

Tá **Kevin de Barra** ceaptha mar Stiúrthóir Nua ar Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge, labhair sé le **Ciarán Dunbar**

TÁ fear an Spidéil, Kevin de Barra, ceaptha mar stiúrthóir nua ar Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge, i gcomharbas ar Phádraig Mac Criostail a bhí mar Stiúrthóir ar an gComhdháil ó 2007.

D'fhreastail an tUasal de Barra ar Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, áit ar bhain sé Céim Tráchtála agus Máistreacht sa Ghnó agus sa Mhargaíocht amach, chomh maith le Dioplóma sa Ghaeilge, agus Dioplóma i Staidéar an Aistriúcháin. Le déanaí, tá Máistreacht sa Ghaeilge Fheidhmeach bainte amach aige le hInstitiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath.

Tá sé ag obair le Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge ó bhí 2007 ann, ar dtús mar Bhainisteoir Margaíochta agus Cumarsáide Poiblí, ansin mar Rúnaí na Comhdhála, agus ó Feabhra na bliana seo bhí sé ag feidhmiú mar Stiúrthóir Gníomhach ar an gComhdháil.

Aithnítear é mar urlabhraí cumasach agus mar fhear a labhair amach go fíochmhar agus go héifeachtach i gcoinne na Samhla Nua Maoinithe a bhí beartaithe ag Foras na Gaeilge agus atá anois cloíte ag na heagraíochtaí bunmhaoinithe Gaeilge.

"Tugann cinneadh Bhord Fhoras na Gaeilge faoiseamh áirithe do na heagrais Ghaeilge, a bhí faoi bhagairt leanúnach le blianta beaga anuas," a deir de Barra.

"Is gá anois d'Fhoras na Gaeilge agus do na heagrais bhunmhaoinithe comhoibriú ar bhonn comhpháirtíochta, le hionchur ó shaineolaithe sa phleanáil teanga agus ó shaineolaithe sa bhainistíocht um athruithe chun a theacht ar an mbealach is éifeachtaí agus is éifeachtúla chun earnáil dheonach na Gaeilge a mhaoiniú ar mhaithe leis na seirbhísí a chuirtear ar fáil do phobal na Gaeilge a chothabháil agus a fhorbairt."

Ach an féidir an comhoibriú sin a dhéanamh anois?

"Is gá a bheith airdeallach go

Kevin de Barra

bhfuil na heagrais bhunmhaoinithe agus Foras na Gaeilge ag obair i dtreo na sprice céanna, is é sin chun a theacht aníos leis an múnla is fearr, is éifeachtaí agus is éifeachtúla chun an Ghaeilge a chur chun cinn amach anseo," a deir de Barra.

"Molaim go ndéanfadh Foras na Gaeilge taighde cuimsitheach ar obair na n-eagras, chun tuiscint a fháil ar an obair a dhéanann na heagrais sin, agus tuiscint a fháil ar cad is eagraíocht dheonach ann."

Cad is féidir le CNG agus cad is féidir leis an rialtas a dhéanamh chun deireadh a chur le meath na Gaeilge sna Gaeltachtaí?

"Tá an Bille Gaeltachta atá á phlé faoi láthair ag Leibhéal an Choiste sa Seanad iontach lag mar Bhille.

"Nílim dóchasach i leith na n-athruithe atá molta a gheobhaidh réidh le toghchán an Údaráis, agus a fhágfaidh pobal na Gaeltachta gan guth.

Tá Straitéis Fiche Bliain don Ghaeilge, agus cuspóirí Bhille na Gaeltachta ag braith go mór ar ionchur agus ar thacaíocht an phobail."

"Maidir leis na moltaí atá curtha chun cinn sa Bhille i dtaobh na pleanála teanga, ní féidir a bheith ag súil go ndéanfaidh pobal na Gaeltachta an obair seo go léir gan na tacaíochtaí agus na struchtúir chuí a chur ar fáil chuige seo," a deir sé.

"Mar fhear Gaeltachta tá mé imníoch faoi stádas reatha na Gaeltachta, faoin gcóras oideachais sna Gaeltachtaí, agus faoi thodhchaí na Gaeilge sna Gaeltachtaí. Measaim nach gcuireann siollabas an Teastais Shóisearaigh nó na hArdteistiméireachta dóthain dúshláin rompu siúd a bhfuil líofacht sa Ghaeilge bainte amach acu cheana féin, bíodh siad sa Ghaeltacht nó lasmuigh di.

"Tá gá le hobair mhór ó thaobh na pleanála teanga de sna Gaeltachtaí, ar bhonn cuimsitheach, leis na struchtúir agus na hacmhainní cuí a chur ar fáil ionas go mbeidh an ghlúin óg in ann an teanga a shealbhú go hiomlán," a deir sé.

EUROPUS

Ardchúrsa Oiliúna in Aistriúchán Cáipéisí Dlí agus Cáipéisí Stáit eile

Europus i gcomhar leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta

Reáchtálfaidh Europus, faoi urraíocht na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, dianchúrsa oiliúna lánaimseartha in aistriúchán cáipéisí dlí agus cáipéisí stáit eile i gConamara i mí Lúnasa agus Meán Fómhair.

Glacfar le céimithe a mbeidh caighdeán ard acu i nGaeilge agus i mBéarla agus beidh buntáiste ag daoine a mbeidh cáilíochtaí sa dlí acu. Beidh scrúdú scríofa mar chuid den phróiseas roghnúcháin.

Ní bheidh aon táille ar an gcúrsa.

Déanfar roghnú randamach ar na daoine a cháileoidh má bhíonn an iomarca iarrthóirí ann.

Seol iarratas mar aon le CV chuig :-

EUROPUS
An Comhlacht Teanga
An Cheathrú Rua
Co. na Gaillimhe

faoin Aoine an 4 Lúnasa 2012

Teil: 091/595492 Ríomhphost aine@europus.ie

Straitéis Gaeilge le foilsiú

Anton Mac Cába

D'EISIGH Cearál Ní Chuilín, Aire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta an Tuaiscirt doiciméad comhairliúcháin ar Chosaint agus Cur Chun Cinn na Gaeilge. Tá próiséas comhairliúcháin ar an doiciméad le bheith ann ar feadh 20 seachtain, ón 11 Iúil go dtí an 27 Samhain.

Molann an doiciméad go mbeadh Acht Gaeilge ann agus is cinnte gur beart conspóideach a bheidh ansin. Gealladh Acht sé bliana ó shin i gComhaontú Chill Rimhín. Ní dearnadh dul chun cinn ar bith ó shin. Sa doiciméad, deirtear go bhfuil sé seo le cur os comhair an Tionóil "chomh luath agus is féidir."

Molann an doiciméad, leis, go mbeadh deireadh leis an Administration of Justice (Ireland) Act 1737. Cuireann sé sin cosc ar úsáid na Gaeilge sna cúirteanna.

Cuireann an doiciméad spriocanna roimhe, mar atá: méadú ar líon na ndaoine go bhfuil teacht acu ar Ghaeloideachas, méadú ar an líon a bhaineann úsáid as seirbhísí poiblí trí Ghaeilge, agus níos mó teacht a bheith ar na meáin Ghaeilge.

Moltar go mbeadh daoine ábalta gnó a dhéanamh trí

Crosáidire i gcoinne na Gaeilge : Michelle McIlveen, Ball Tionóil DUP

Gaeilge leis na seirbhísí poiblí. Mar chuid de seo, molann an doiciméad traenáil d'oibrithe sa tseirbhís phoiblí le bheith ábalta deileáil le daoine le Gaeilge. Bheadh dualgas ar eagrais phoiblí plean a dhéanamh amach chun é sin a chur i bhfeidhm.

Tá comhairlí áitiúla, chomh maith leis an státseirbhís agus eagrais phoiblí, i gcás maidir leis seo. Faoin Athbhreithniú ar an Riarachán Poiblí (RPA) ó Thuaidh, tá líon na gcomhairlí áitiúla le laghdú ó 26 go dtí 11. Admhaíonn an doiciméad go mbeidh, dá bharr sin, fadhbanna le polasaí Gaeilge. Níl Oifigigh Gaeilge ag tromlach na gcomhairlí. Léiríonn an doiciméad imní go mbeadh laghdú ar stádas na n-oifigeach nuair a thiocfaidh na comhairlí le chéile.

An mhí seo caite, sheol an tAire moltaí Phobal maidir le hAcht Gaeilge. Tá moltaí a bhí i ndoiciméad Phobail sa doiciméad seo. Cuireann an dá dhoiciméad béim ar thábhacht na Gaeilge sna scoileanna Béarla mar aon leis an tábhacht atá le meáin Ghaeilge. Admhaíonn doiciméad an Aire go bhfuil fadhb le cúrsaí craoltóireachta mar gur ag Parlaimint Westminster agus ní ag an Tionól, atá an chumhacht maidir leis sin.

Tá conspóid áirithe faoin doiciméad cheana féin. Dúirt foinsí sa DUP gur cheart é a chur faoi bhráid choiste na Roinne i dtús báire. Is comhalta den DUP í cathaoirleach an choiste, Michella McIlveen, agus tá sí le scríobh chuig an Aire lena míshástacht a chur in iúl. "Níl sé seo ag cuidiú le deachaidreamh a thógáil leis an gCoiste," arsa foinse san DUP.

Tá próiséas comhairliúcháin ar bun maidir le hAlbainis Uladh chomh maith, ach in ait a bheith ar 'theanga' amháin,tá "oidhreacht agus cultúr" i gceist chomh maith.

CLUAS SA CHEANNÁRAS

Lenár gcomhfhreagraí polaitiúil i dTeach Laighean, **Colm Ó Broin**

Cáin Ioncaim 23% ar an 10% is saibhre

TÁ measúnú déanta ag na Coimisinéirí Ioncaim ar an méid airgid a thuillfidh an 10% is saibhre den phobal i mbliana. Dar leo, tuillfidh siad €29.6 billiún agus íocfaidh siad cáin ioncaim de €7.08 billiún air seo, nó 23% dá n-ioncaim.

Ag freagairt ceiste ón Teachta Neamhspleách ó Phort Láirge, John Halligan, dúirt an tAire Airgeadais, Michael Noonan, gur 60% den cháin ioncaim iomlán a bhaileofar i mbliana a bheas ann.

Dúirt sé chomh maith nach raibh an Muirear Sóisialta Uilíoch nó Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa san áireamh sa €7.08 billiún sin. Is é 7% agus 4% na rátaí don MSU agus don ÁSPC faoi seach, rud a ardóidh an céatadán a thógann an rialtas ón 10% is saibhre sa tír go dtí 36%. Léirigh figiúirí a d'fhoilsigh an Phríomh-Oifig Staidrimh níos luaithe i mbliana gur ardaigh ioncaim an 10% is saibhre de 8% in 2010. Thit ioncaim an 10% is boichte sa tír de 26% sa tréimhse chéanna. Sin iad na figiúirí is déanaí atá ag an oifig.

Dúradh go minic, le linn an Tíogair Cheiltigh, go raibh na daoine saibhre ag éirí níos saibhre agus na daoine bochta ag éirí níos boichte - ach ní raibh sé sin fíor. Bhí ioncaim gach aicme den phobal ag ardú i rith na tréimhse úd, cé go raibh ioncaim na ndaoine saibhre ag ardú i bhfad níos tapúla ná ioncam na ndaoine eile. Ach chlis ar an ngeilleagar, thit ioncaim gach aicme den phobal seachas an 10% is saibhre sa tír.



€29.3 billiún a thuilleann an 450,000 is saibhre sa Phoblacht, sin €64,000 ar an meán. Chuir Billy Timmins ó Fhianna Fáil ceisteanna ar an Aire, chomh maith, faoin méid airgid a bhaileofaí dá n-ardófaí cáin ar dhaoine ar ioncaim ard. Dúirt an tAire Noonan go mbaileofaí €205 milliún breise dá n-ardófaí an t-uasráta cánach 1% agus go mbaileofaí €490 milliún dá ngearrfaí cáin 50% ar an ioncaim thar €100,000. Dúirt sé, áfach, go raibh an dara measúnú eatramhach toisc go raibh sé bunaithe ar fhigiúirí ó 2009 a ceartaíodh ó thaobh "treochtaí ioncaim agus fostaíochta" de ó shin i leith.

Idir an dá linn, ritheadh an Bille Caidreamh Thionscail (2011) tríd an Dáil an tseachtain seo caite. Baineann an bille le Comhchoistí Saothair, a leagann síos rialacha pá agus coinníollacha don 200,000 duine a thuilleann€18,000, ar an meán, in aghaidh na bliana.

Tá €92,000 do Theachtaí Dála 'féaráilte'

An tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Brendan Howlin, ag dul go cruinniú rialtais inné.

DÚIRT an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Breandan Howlin, le Brian Stanley ó Shinn Féin go sábhálfaí €3.2 milliún dá laghdófaí tuarastal Theachtaí Dála go dtí €75,000 agus tuarastal Sheanadóirí go dtí €60,000. Tuilleann Teachtaí agus Seanadóirí €92,672 agus €65,621, faoi seach, faoi láthair ach dúirt an tAire Howlin go raibh an tuarastal a fhaigheann teachtaí ceangailte le grád na bpríomhoifigeach sa státseirbhís agus go raibh sé 'féaráilte'.

"For whatever reason, in the public's mind Deputies are overpaid. We have taken significant reductions," arsa an tAire. Labhair Clare Daly agus Mick Wallace le linn na díospóireachta, ach ní raibh an tAire chun ligint dóibh an rialtas a cháineadh gan tagairt éigin a dhéanamh do na conspóidí a bhain leo féin le déanaí.

Dúirt Daly go bhfaigheann Teachtaí Dála i bhfad níos mó airgid ná formhór na ndaoine sa tír.

"Not to mention expenses," arsa Howlin. Dúirt Wallace go raibh sé ráite ag an Aire gur thacaigh sé le córas cánach forásach le dul i ngleic le daoine ar ioncaim ard.

"People should pay their taxes," arsa Howlin. Dúirt an tAire go raibh sé ag déanamh athbhreithnithe ar na liúntais agus ar na costais a fhaigheann Teachtaí Dála ach is léir nach bhfuil sé ar intinn aige an tuarastal a laghdú.

Is cinnte go n-oibríonn Teachtaí Dála an-chuid uaireanta i rith na seachtaine, ach baineann go leor den obair seo le ceisteanna áitiúla agus ba cheart go mbeadh siad sin faoi chúram na gComhairleoirí Contae.

Ceist faoi 'ghadaíocht' in Arramara Teo

CHUIR Peadar Tóibín ó Shinn Féin ceist ar Aire Stáit na Gaeltachta, Dinny McGinley, faoi ráflaí atá ag dul thart faoi Arramara Teo, comhlacht feamainne de chuid Údarás na Gaeltachta atá i gCill Chiaráin, Conamara.

D'fhiafraigh sé dó faoi líomhaintí gur tharla gadaíocht sa chuideachta cúpla bliain ó shin. D'fhiafraigh sé chomh maith an raibh imscrúdú déanta ina leith nó an ndearna na Gardaí fiosrú faoi.

Sheán an tAire go raibh uisce faoi thalamh i gceist.

"Maidir leis an gceist faoi líomhaintí gadaíochta sa chuideachta cúpla bliain ó shin, tuigim ó Údarás na Gaeltachta go ndearna bainistíocht na cuideachta ag an am imscrúdú cuí faoi na líomhaintí seo, ag cur san áireamh gur i bhfoirm litreach anaithnide a rinneadh na líomhaintí," ar seisean.

Bunaíodh Arramara Teo in 1947 agus ghlac an tÚdarás seilbh air in 2006. Bhí monarcha acu sa Chlochán Liath i nDún na nGall ach dhún sé sin in 2001. Tá scór duine ag obair sa mhonarcha i gCill Chiaráin faoi láthair agus tá 250 duine eile a sholáthraíonn feamainn dóibh i gConamara.

Déanann Arramara Teo i gCill Chiaráin próiseáil ar fheamainn.

Tá an tÚdarás ag lorg infheisteoirí don chomhlacht i láthair na huaire, ach de réir Tóibín tá imní sa cheantar go cuirfear deireadh le próiséail ar an bhfeamainn in Éirinn agus go gcaillfear poist dá réir más comhlacht idirnáisiúnta a cheannaíonn scaireanna sa chomhlacht.

Seachtain na Gaeilge

Croí na Teanga - It's You! Seachtain na Gaeilge

Folúntas:

OIFIGEACH RIARACHÁIN SHEACHTAIN NA GAEILGE

Beidh Oifigeach Riaracháin Sheachtain na Gaeilge freagrach as riaracháin na Seachtaine, tacaíocht a thabhairt do na grúpaí ag eagrú imeachtaí ar an talamh, agus déileáil leis na meáin chumarsáide áitiúil. Tabharfaidh sé / sí cabhair do Bhainisteoir Sheachtain na Gaeilge le plean na Seachtaine a réiteach, a fhorbairt agus a chur i gcríoch.

RIACHTANAIS:

- Gradam tríú leibhéil atá in oiriúint don phost nó a chomhionann
- Scileanna ríomhaireachta (bheadh taithí le bogearraí suíomh idirlín agus bunachar sonraí mar bhuntáiste)
- A bheith in ann cumarsáid go maith le daoine
- A bheith ar an eolas faoi shaol na Gaeilge
- Caighdeán maith do Ghaeilge scríofa agus labhartha

Scála tuarastal: Oifigeach Cléireachais (€22,015-€35,515)

Tá níos mó eolais faoin bpost ar fáil ach ríomhphost a chur chuig:
post@cnag.ie

Seoltar iarratas mar aon le CV chuig:
post@cnag.ie nó
Folúntas,
Seachtain na Gaeilge,
6 Sráid Fhearchair BÁC 2

Conradh na Gaeilge

Le cabhair ó: Foras na Gaeilge

Is é an dáta deireadh a nglacfar le hiarratais ná Dé Luain, 16 Iúil 2012 ag 12.00 i.n.

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 11 Iúil, 2012

Baile dátheangach á dhéanamh de Chluainín

Tugann Antón Mac Cába cuairt ar Chluainín, baile beag i Liatroim atá ar a bhealach chuig an dátheangachas

Tá an Ghaeilge feiceálach i gCluainín, Co Liatroma. Tá crosbhóthar ar an bpríomhshráid, mar a dtagann Bóthar na Carraige agus Lána na hEaglaise lena gcéile agus tá Gaeilge díreach romhat ansin. Tá 'Fáilte' ar choirnéal siopa ar thaobh amháin, tá 'Siopa Uí Fhearghail' ar an gcoirnéal os a chomhair agus tá 'Leabharlann Chluainín' ar an gcoirnéal eile, ar an taobh eile den phríomhshráid.

Gabh rud beag síos an phríomhshráid agus tiocfaidh tú go hIonad Dealbhóireachta Liatroma. Lean ort tamall eile, gabh trasna an bhóthair idir Sligeach agus Inis Ceithleann agus tiocfaidh tú ar Ghaelscoil Chluainín ansin, i Sráid an Chaisleáin.

Siúil ar ais suas an tsráid, agus gabh thar an crosbhóthar, agus tiocfaidh tú chuig an gCaifé Bia agus Sláinte. Ar an gcuntar ansin tá an comhartha: 'Tá cúpla focal againn'.

Déanann an caifé beart de réir a bhriathar. B'as Gaeilge a d'ordaigh mé anraith breá blasta, cappucino, agus scóna. Fuair mé cúpla focal ar ais, in éineacht le mo chuid bia.

Ar ndóigh, tá daoine ag siúil sráideanna Chluainín gur Gaeilge a bhí ag a seantuismitheoirí, nó a sin-seantuismitheoirí. Bhí an Ghaeilge láidir go maith i dtuaisceart Liatroma ag tús an 20ú Céid. Ar shuíomh Thionscadal Gréasáin Cheirníní Doegen, tá ceithre amhrán a cheol Anna Feely as Gleann Éada, thart ar ocht míle ó thuaidh ón mbaile ar an bhóthar go Bun Dobhráin. Rinne an saineolaí Gearmánach, Karl Tempel, í a thaifeadadh in 1930.

Faraor, rinne an imirce scrios ar an gceantar. Níl daonra Chluainín ach ag pilleadh ar ais ar an áit ina raibh sé i lár an 19ú Céad.

Go fiú nuair a fuair an Ghaeilge bás mar theanga pobal, mhair traidisiún sa cheantar. Bhíodh stair agus tíreolaíocht á dteagasc trí Gaeilge sa mheánscoil ar an mbaile le blianta. Bhíodh an scoil riamh láidir ó thaobh na Gaeilge de, a bhuíochas ach go háirithe do na múinteoirí.

Níl na figiúirí áitiúla do dhaonáireamh 2011 ar fáil go fóill ach bhí figiúirí 2006 go maith. Tríd an gcontae i gcoitinne, dúirt 43% go raibh Gaeilge acu, malairt 41% sa tír ar fad. Dúirt 8% gur labhair siad í ar a laghad uair sa tseachtain taobh amuigh den scoil.

B'shin sular tháinig an borradh mór faoin nGaeilge sa chontae. Tá dhá Ghaelscoil anois ann, ceann i gCluainín, agus ceann eile i gCora Droma Rúisc, i ndeisceart an chontae. Tá naíonra i mBéal an Átha Mhóir agus tagann ciorcail chomhrá le chéile go rialta i gCora Droma Rúisc, i mBéal an Átha Mhóir agus i nDroim Dá Thiar.

I gCluainín is láidre atá an Ghaeilge faoi láthair agus níos mó ná 25% de dhaltaí an bhaile ag freastal ar Ghaelscoil Chluainín. Sa scoilbhliain dheireanach, bhí 85 ag freastal uirthi, i gcomparáid le 220 ar an Scoil Náisiúnta Chaitliceach agus thart ar 20 ar Scoil Náisiúnta Eaglais na hÉireann. Dar le Rossa Ó Snodaigh, is Meánscoil an céad céim eile don cheantar agus seans gur i gcomhar le Cathair Shligigh a tharlóidh sé sin.

Tá cuma iontach traidisiúnta ar an gCluainín mar baile. Bunaíodh an baile ag tús an 17ú Céad, in aimsir na plandála. Tá fothracha an tseanchaisleáin a thóg Sir Frederick Hamilton ar Shráid an Chaisleáin agus is as sin a fuair an baile a ainm Béarla, Manorhamilton. Bhí cuid mhór a thugadh 'Baile Hamiltún' air nuair ab ann do chanúint Gaeilge Liatroma. Den chuid is mó, tá lár an bhaile seanaimseartha go maith. Tá dornán de shiopaí agus de thithe tábhairne ar an sean-déanamh ar fad. Lúbann an phríomhshráid cúng ón mbealach mór idir Sligeach agus Inis Ceithleann suas le fána, go barr cnoic. Is é Sráid an Chaisleáin an t-aon tsráid mhór eile atá ann, é ina shaghas síneadh ag an bpríomhshráid. Tá sléibhte ar achan taobh den bhaile.

Ar thaobh amháin, mar sin, tá seo cosúil le baile Éireannach, mar a bhí sular bhéic an Tíogar Ceilteach. Tá eastáit nua ar imeall an bhaile, cuma ar chuid acu nár críochnaíodh iad, agus tithe folamha i roinnt eile.

Oifig an Phoist, Cluainín, Co. Liatroma

Gaelscéal
Ag Cothú Phobal na Gaeilge

An bhfuil Coláiste Samhraidh ar bun agat?

Lascaine le fáil do Choláiste Samhraidh ar phraghas íseal.
'neart ábhar cainte agus
díospóireachta i nGaelscéal
gach seachtain, bí i lár an
aonaigh linn i rith an tsamhraidh '

Dean teagmháil le Patricia ag:
086 02354251 nó
fograi@gaelsceal.ie

Cinnte, tá sé mar bhua ag Cluainín gur baile beag go maith ea bhí ann ina raibh thart ar 1,500 duine ina gcónaí ann. Fágann sin go bhfuil sé éasca ag an nGaeilge dul i bhfeidhm air.

Más cuma baile traidisiúnta tuaithe atá ar Chluainín, tá taobh eile leis freisin. Le roinnt mhaith blianta anuas, bhí go leoir daoine atá bainteach leis na healaíona ag aistriú isteach sa cheantar. Tháinig níos mó, d'achan saghas, isteach ann le blianta beaga anuas. Mar sin, is

I gCluainín is láidre atá an Ghaeilge faoi láthair agus níos mó ná 25% de dhaltaí an bhaile ag freastal ar Ghaelscoil Chluainín. Sa scoilbhliain dheireanach, bhí 85 ag freastal uirthi, i gcomparáid le 220 ar an Scoil Náisiúnta Chaitliceach agus thart ar 20 ar Scoil Náisiúnta Eaglais na hÉireann. Dar le Rossa Ó Snodaigh, is Meánscoil an céad céim eile don cheantar agus seans gur i gcomhar le Cathair Shligigh a tharlóidh sé sin.

daoine as taobh amuigh den cheantar thart ar an leath de phobal an bhaile. Is iadsan cnámh droma Ghaelscoil Chluainín ach ní shin le rá nach bhfuil suim ag bunadh an bhaile sa dúchas freisin. Beart iontach suntasach ná gur taobh amuigh den tír a rugadh 20% de thuismitheoirí Gaelscoil Chluainín.

Is ó 2005 i leith, ach go háirithe, a tháinig an borradh faoin nGaeilge. B'shin bhliain ar aistrigh Rossa Ó Snodaigh isteach ar an bhaile. Tógadh eisean le Gaeilge agus tá iomrá air mar cheoltóir leis an mbanna Kíla.

"Ní raibh mé in ann goile an Tíogair Cheiltigh a shásamh," ar seisean. "Ag an am, bhí Tarach againn. Bhí sé dhá bhliain d'aois, bhíomar in árasán i mBaile Átha Cliath. Roghnaigh muid an áit seo thar aon áit eile mar go raibh cairde againn sa dúthaigh agus bhí rudaí thart anseo a raibh meas againn orthu - ionad ealaíne, ionad dealbhóireachta, Cumann Lúthchleas Gael, an tIonad Orgánach. In áit bheag, bhí a mhacasamhail de mheoin a bhí agamsa, nach dtiocfadh leat a chleachtadh sa chathair."

Bhí ciorcal comhrá i gCluainín cheana féin nuair a tháinig Rossa ann. Leis na rudaí a tharla ó shin, admhaíonn sé nár shíl sé ag an am go mbeadh an meon ansin chomh cosúil lena mheoin féin agus atá.

Cuireadh Glór Chluainín ar bun agus chuir siadsan liosta lena chéile ar a bhfuil 300 duine le Gaeilge idir an baile agus an dúiche máguaird.

D'éirigh go maith le Seachtain na Gaeilge ar an mbaile i mbliana. B'fhéidir gurb é an buaicphointe ná an 'Soap and Soup' in Ionad na nGleannta, an lárionad ealaíne ar an mbaile. Mhair an sobaldráma seo ar feadh cúig lá, agus é á chur i láthair ag am lóin gach lá acu. Scriptscríbhneoir ó Ros na Rún a scríobh an dráma agus chuir Supervalu an t-anraith ar fáil, saor in aisce.

Ní le linn ócáidí Gaeilge amháin a labhraítear an teanga, áfach. Tá 32 teach san eastát mar a bhfuil Rossa agus tá Gaeilge in ocht gcinn acu. Nuair a bhí an bheirt againn ag siúl amach as an eastát, bhuaileamar le bean a bhí ag péinteáil sconsa agus bhí comhrá breá Gaeilge ag an triúr againn.

Tá rún ag Rossa, a dúirt sé liom níos déanaí: "Ba mhaith liom a fheiceáil ar an mbaile seo gur féidir baile dátheangach a dhéanamh as." Tá rud beag de sin ann cheana féin.

Siúlóid go dtí an tSí Mhór i Liatroim an tseachtain seo, a d'eagraigh Gaeil Liatroma agus Oifigeach Gaeilge na Comhairle Chontae, Seán Ó Murchadha.

Seoladh Sheachtain na Gaeilge 2012 i gCluainín. I measc na ndaoine a bhí i láthair bhí, ó chlé, Proin Ó Duigneáin (Cathaoirleach ar Ghlór Chluainín Rossa), Seán Ó Murchadha (Oifigeach Gaeilge, Comhairle Contae Liatroma, an tríú duine ó chlé), Rossa Ó Snodaigh agus Seán Ó Suilleabháin (Leabharlannaí an Chontae, ar dheis).

Folúntas

AN BHFUIL TÚ AG IARRAIDH BHEITH PÁIRTEACH IN ATHÉIRÍ NA GAEILGE?

Tá an iris chultúir agus stílbheatha **NÓS** ag cuartú duine fuinniúil tiománta le cuidiú leis an iris forbairt sa tréimhse amach romhainn. Bheadh an té seo bainteach le gach gné den tionscadal ceannródaíoch ach le freagracht ar leith as margaíocht agus cur chun cinn an fhoilseacháin.

Is post páirtaimseartha é seo atá lonnaithe i mBéal Feirste go príomha ach le féidearthacht ann aistriú go Baile Átha Cliath tar éis tamaill.

Má tá suim agat ann, má tá Gaeilge ar ardchaighdeán agat agus má chreideann tú go bhfuil meáin chomhaimseartha den scoth riachtanach do phobal na Gaeilge, déan teagmháil linn ar **eolas@nosmag.com** roimh **20 Iúil 2012**. Breis eolais le fáil ar **nosmag.com**

NÓS

Foras na Gaeilge

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 11 Iúil, 2012

Havel agus dúshlán na síochána

IarUachtarán Phoblacht na Seice, Vaclav Havel.
GRIANGHRAF: PHOTOCALL IRELAND.

Mícheál Ó hAodha

"Those who cannot remember the past, are condemned to repeat it."
An fealsamh Meiriceánach George Santayana

Is minic daoine ag cuimhneamh ar na mairbh an tráth seo den bhliain. B'fhéidir go bhfuil mé ró-chúramach nó b'fhéidir gurbh é fuil iarthar na hÉireann a bheith ag rith i mo chuislí is cúis leis, ach bím i gcónaí an-cháiréiseach agus mé ag labhairt orthu siúd atá imithe ar shlí na fírinne. B'fhearr liom gan labhairt orthu ar fhaitíos go dtarraingeoinn an brón sa mhullach ar ghaolta leo agus mar sin de.

Mar an gcéanna le hoidhreacht an té atá básaithe a mheas. Maidir leo siúd a bhí mór le rá nó a bhí i mbéal an phobail nuair a bhíodar inár measc, b'fhearr liom fanacht tamall eile sula dtabharfainn breithiúnas orthu - nó b'fhéidir go mb'fhearr liom an jab sin a fhágáil faoi dhaoine eile i ndáiríre. Is gnás de chuid ár linne é i saol seo na gceiliúrán go mbíonn dea-thréithe an té atá marbh á ríomh láithreach bonn buí, agus go háiféiseach fiú, sula mbíonn an duine bocht curtha sa chré. Nach íorónta an scéal é, áfach, gur minic dearmad iomlán déanta ar na mairbh chéanna cúpla seachtain níos deireanaí.

Tá patrún sonrach le feiceáil go minic sa lá atá inniu ann: déantar laoch mór nó naomh den té atá básaithe ar dtús ach ní luaitear é ach go hannamh tar éis cúpla seachtain nó cúpla mí. Ansin, déantar dearmad ar fad air de réir a chéile. Más boc mór le rá é an duine céanna, agus mura bhfuil de mhí- ádh ar an duine sin go n-aithnítear locht mór a bheith air, nó botún mór a bheith déanta aige (cé inár measc nár chuaigh amú uair éigin), tá seans ann go músclófar cuimhne ar an oidhreacht a d'fhág an duine sin mar uacht. Níl aon cheist faoi ach gur fhág an t-easaontóir, an polaiteoir, an gníomhaí agus an scríbhneoir Seiceach, Vaclav Havel (RIP), oidhreacht luachmhar ina dhiaidh.

San fhógra báis a foilsíodh sa New York Times, dúradh faoi go mba ambasadóir choinsias an domhain de chuid ár linne é. Ba liosta le háireamh iad na róil dhifriúla a chomhlíon Havel agus é fós beo - drámadóir, gníomhaí, Uachtarán agus ceannaire na Seice 'nua' neamhspleáiche sin a tháinig chun cinn, ní rófhada ó shin. Gné amháin de bheathaisnéis Havel a ndearnadh dearmad uirthi, go pointe áirithe, sna hailt iomadúla a scríobhadh ina thaobh ná an ról tábhachtach a bhí aige mar urlabhraí agus mar intleachtóir poiblí. Ar shlí b'fhéidir nach iontas ar bith é sin sa mhéid go bhfuiltear amhrasach faoi intleachtóirí sa lá atá inniu ann: bíonn fuath orthu i dtíortha áirithe sa ré shofaisticiúil iar-nua-aoiseach seo.

Ní hé nár comóradh gaiscí Havel i gceart; ní hé nár tagraíodh do na blianta fada gruama a chaith sé i gcarcair ar mhaithe le stair iarchogaidh Oirthear na hEorpa a chur ar ród níos dearfa. Seans gur cuireadh an iomad béime ar an díograis a thaispeáin sé sna réimsí polaitíochta agus nár clúdaíodh gnéithe eile dá shaol - ról an óráidí, ról an intleachtóra phoiblí agus mar sin de.

Ar na smaointe is tábhachtaí a bhí ag Havel, bhí a thuairimí ar cheisteanna na síochána. Bhí Havel den tuairim láidir nárbh ann don tsíocháin in éagmais an daonlathais. Ní mór saoirse intinne agus phearsanta a bheith ag daoine agus cónaí orthu i dtír dhaonlathach ionas go mbeadh síocháin eadrainn, na ciníocha difriúla atá ar an saol seo. Beagnach fiche bliain ó shin agus é ar cuairt chuig an Aithin bhí sé seo le rá ag smaointeoir na Seice:

Bhí Havel den tuairim láidir nárbh ann don tsíocháin in éagmais an daonlathais. Ní mór saoirse intinne agus phearsanta a bheith ag daoine agus cónaí orthu i dtír dhaonlathach ionas go mbeadh síocháin eadrainn, na ciníocha difriúla atá ar an saol seo.

"Is iomaí bagairt atá ann i saol an lae inniu, mar is eol dúinn go léir. Is cuma cibé slí ina bhféachaim ar an mbagairt seo, tagaim i gcónaí ar an tuiscint nach bhfuil slánú ann ach tríd an duine ag teacht ar dhomhaintuiscint dá fhreagracht phearsanta féin, rud atá ina fhreagracht dhomhanda chomh maith céanna. Mar sin, an t-aon bhealach chun an domhan a tharrtháil, feictear domsa, ná sa daonlathas sin a athmhúsclaíonn a fhréamhacha ársa sa Ghréig: an daonlathas sin atá ina bhunchuid den phearsantacht dhaonna atá freagrach go pearsanta as cinniúint an phobail."

In aiste dar teideal Anatamaíocht na Dúnárasachta a scríobh sé sa bhliain 1985 agus cos ar bolg Shóivéadach ar a thír féin i mbarr a réime, scríobh Havel na smaointe "contúirteacha" seo:

"Mura mbíonn saoránaigh againn agus meas acu orthu féin, iad féinriartha, ní bheidh náisiúin againn a bheidh saor agus neamhspleách. Gan síocháin inmheánach a bheith againn, is é sin síocháin i measc na saoránach agus idir iad agus an stát, ní féidir síocháin sheachtrach a chinntiú."

Ar an gcéad léamh duit déarfá go bhfuil iomlán na céille i ráiteas Havel. Go deimhin, seans maith go ndéarfá leat féin nach gá a bheith i do fhealsamh mór le rá chun na smaointe sin a nochtadh. Is minic bearna mhór idir beart agus briathar mar sin féin. Is rud amháin é go n-aontódh lucht cumhachta le mana Havel. Rud eile ar fad é beart de réir briathair, áfach.

Chinn muidne a bhfuil cónaí orainn san Iarthar (faoi choimirce NATO agus grúpaí míleata eile) tacaíocht a thabhairt do ghluaiseachtaí frith-Shóivéadacha tamall de bhlianta ó shin ar eagla go mbrisfeadh an Tríú Cogadh Domhanda amach, gluaiseachta fuascailte Havel ina measc. Ba i dtíortha iar-Chumannaíocha Oirthear na hEorpa amháin a chabhraíomar leis an bpróiseas athraithe sin, áfach. (Cé mhéad de na tíortha sin is féidir a rá go macánta fúthu gur tíortha iar-Chumannaíocha inniu féin iad? - ach sin scéal eile).

A mhalairt a rinne muid in go leor tíortha eile - agus tá praghas le híoc anois againn de dheasca na faillí sin. Bhíomar breá sásta tacaíocht a thabhairt do dheachtóireachtaí Cumannaíocha eile (agus réimis ollsmachtacha nach iad) má d'oir a leithéid de thacaíocht dár gcúinsí sóisialta agus eacnamaíochta féin. Cé gur a mhalairt a bhíonn á mhaíomh againn go minic, is é sin bun-pholasaí mórchumhachtaí an Iarthair i gcónaí i dtaca leis an Meánoirthear de. Táthar sásta tacú le cibé réimeas nó deachtóireacht atá amuigh ansin fad is go gcoinníonn siad smacht ar an réigiún trí chéile. Tá an Meánoirthear ar cheann de na réigiúin is foréigní ar domhan, faraor.

Déanta na fírinne, bhí teachtaireacht thar a bheith réabhlóideach á craobhscaoileadh ag Havel sna línte thuasluaite. Ní hann don tsaoirse cheart ná don tsíocháin fad is atá dream amháin ag coinneáil dream eile faoi léigear nó sa chás go mbeadh cine amháin ag iarraidh fáil réidh lena naimhde. Is trí shaoirse cheart dhaonlathach a bhronnadh ar na pobail sin atá fós faoi leatrom agus dlús a chur faoi rialtais dhaonlathacha a bhfuil an ceart agus an chóir mar bhunphrionsabail acu a thiocfaidh an tsíocháin i réim arís.

Léamh eile ar an méid a bhí le rá ag Havel ná gur bagairt an-mhór dá comharsana béal dorais í an tír sin nach gceadaíonn na cearta daonna is bunúsaí dá muintir féin. Má tá tír éigin ag cothú na mí-rialach nó ag déanamh leatroma ar a muintir féin, seans maith nach mbeidh caidreamh rómhaith aici lena comharsana béal dorais ach an oiread.

Más faoi chois a chuirtear toil an phobail, tiocfaidh cumhacht an stáit ina hionad agus beidh stádas uilechumhachtach ag gníomhairí an stáit chéanna roimh mórán ama. Tá an méid sin soiléir ó stair ar dtíre féin fiú - is é sin gur féidir le buíon bheag daoine an chumhacht a tharraingt chucu féin agus é sin a dhéanamh go gasta freisin. Ó thaobh cúrsaí síochána de, is féidir le pobal atá faoi smacht ag ionadaithe an stáit, is féidir iad a threorú chun rudaí uafásacha a dhéanamh, sléacht san áireamh.

Ba fuilteach an tréimhse é an céad seo caite. Mharaigh réimis ollsmachtacha 100 milliún duine san fhichiú haois. Céad milliún duine - Dia dhá réiteach! Is deacair é a shamhlú fiú. B'fhiú dár gceannairí polaitíochta an fhíric sin a bheith ar aigne acu sna blianta beaga atá romhainn amach, go mór mór agus na coimhlintí (ar mhaithe le saoirse) atá ag tarlú faoi láthair sa tSín, Burma, an Iaráin, i mórán tíortha Afracacha agus fiú sa Rúis (arís eile).

Níos gaire do bhaile, tá an chuma ar an scéal go mbeidh orainne (na Gaeil) ceisteanna tromchúiseacha a fhreagairt maidir le cé mhéad smachta sa bhreis is mian linn a bhronnadh ar ár "máistrí" Eorpacha. Má shocraítear vóta a cheadú do shaoránaigh na hÉireann i leith na gceisteanna sin, is cinnte go mbeidh cúpla bliain spéisiúil os ár gcomhair amach.

Ag filleadh arís ar oidhreacht Vaclav Havel. B'fhéidir nach iad muintir na Seice amháin a bheas buíoch dó amach anseo faoi iad a stiúradh i dtreo na saoirse agus níos tábhachtaí fós i dtreo ré níos síochánta dá thír féin. Mhúin Havel cúpla ceacht tábhachtach don chuid eile againn freisin agus beimid faoi chomaoin aige go ceann i bhfad, is léir.

Céard go díreadh é 'Bósón Higgs'?

Míníonn Diarmuid Ó Muirgheasa céard atá i gceist leis an gcáithnín 'Bósón Higgs' a 'fuarthas' an tseachtain seo caite

Dé Céadaoin seo caite fógraíodh gur aimsíodh cáithnín nua i luasaire cáithníní ('particle accelerator') CERN san Eilvéis. Cén chaoi a d'aimsíodh an cáithín seo?

Chun an bósón Higgs a aimsiú, ní mór na cáithníní a bhuaileadh le chéile ag luas iontach ard ar fad. Is chuige seo ar tógadh an t-imbhuailteoir mór hadróin ag CERN.

Ciorcal é seo atá 27km ar fhad, ina luasghéaraítear cáithníní (prótóin, mar shampla) beagnach chomh hard le luas an tsolais. Nuair a bhuailtear prótóin faoina chéile ag an luas sin briseann siad as a chéile agus is féidir cáithníní eile a aimsiú.

Cé nach féidir an bósón Higgs a bhraith go díreach mar go mbriseann sé ina phíosaí beaga go han-tapa, trí na píosaí sin a aimsiú is féidir bogadh ar ais suas an slabhra le hoibriú amach an raibh bósón Higgs ann sa chéad áit.

B'ollmhór an rud é an 'Bósón Higgs' seo don chomhphobal eolaíochta ar fud na cruinne, ach cén fáth? Cad é? Cén éifeacht a bheidh aige ar an saol mór amach anseo?

Agus cad faoin ainm úd a cuireadh air, 'The God Particle'? Mholfainn gan bacadh leis – níl ann ach ainm deas a chuir foilsitheoir ar leabhar le breis cóipeanna a dhíol.

Ach ba chóir, cinnte, bacadh leis an gcáithnín féin; míníonn sé conas ar féidir le cáithníní áirithe mais a bheith acu nuair nach bhfuil mais ag cáithníní eile. Is deacair, áfach, ciall a dhéanamh as an abairt sin gan beagán den chúlra a bheith agat.

Fillfimid, mar sin, ar an tuiscint a bhí againn ar fhisic na gcáithníní i lár an chéid seo caite. Ag an am sin (1950, nó mar sin), bhí an-chuid oibre agus taighde déanta ar an bhfisic adamhach (atomic physics). Ar ndóigh, bhí an buama núicléach ann sna 1940í, agus rinneadh an chéad obair ar chumhacht núicléach timpeall ar an am sin chomh maith.

Den chéad uair, bhí tuiscint againn ar na difríochtaí agus na cosúlachtaí atá idir luaidhe agus ór, mar shampla, agus bhí an teicneolaíocht ann (na céadta bliain i ndiaidh na n-ailceimiceoirí) le hór a dhéanamh as luaidhe (cé go bhfuil sé fós i bhfad róchostasach le hairgead a dhéanamh as).

Bhí samhail ann go raibh chuile rud déanta as adaimh, agus adaimh déanta suas de cháithníní níos lú: prótóin, neodróin agus leictreoin. Lig sé sin d'eolaithe na hama anchuid rudaí iontacha cliste a dhéanamh ach, in ainneoin go bhfuil sé casta, bhí sé fós róshimplí le chuile rud a mhíniú.

Sna 1950í agus 1960í, thosaigh eolaithe isteach ar ré iomlán nua. D'aimsíodar níos mó agus níos mó cáithníní fo-adamhacha (sub-atomic – is é sin, cáithníní atá níos lú ná agus a dhéanann suas an t-adamh). Ghlaíodar 'zú na gcáithníní' ar an mbailiúchán seo de cháithníní nua, os rud é go raibh an oiread sin acu ann. Gan aon mhíniú ar an ngaol a bhí eatarthu, bhí sé fíordheacair a dhéanamh amach cad go díreach a bhí ar siúl. Bhí gaol simplí eatarthu ag teastáil, agus luigh an-chuid eolaithe isteach air sin a aimsiú.

De réir mar ar éirigh trealamh agus tuiscint eolaíochta níos fearr, aimsíodh cáithníní níos lú: leaptóin, cuairc agus bósóin. As seo ar fad, shíolraigh an míniú níos simplí a bhí uathu, teoiric a nglactar sách forleathan leis go bhfuair sé an t-ainm 'An Bundéanamh '(The Standard Model)''. Deir sé seo go bhfuil na cáithníní ar fad i 'zú na gcáithníní' déanta suas de mheascán éigin de na cáithníní níos lú seo.

An fhadhb a bhí leis an tsamhail seo ná go raibh píosaí fós in easnamh. Ach go háirithe, ní raibh míniú cinnte ar an gcúis a bhfuil mais ag cáithníní áirithe agus nach bhfuil ag cáithníní eile. Níl mais ag solas, mar shampla, ach tá mais ag mórán de na cáithníní a dhéanann suas adamh d'ocsaigin. De réir a chéile, tháinig teoiric chun cinn chun é sin a mhíniú.

Mar chuid den teoiric seo, rinneadh cur síos ar mheicníocht Higgs ('Higgs mechanism'). Dar leis an teoiric seo, tá réimse ann d'arbh ainm réimse Higgs ('Higgs field'), agus téann an réimse seo i bhfeidhm ar cháithníní áirithe ach ní théann ar cháithníní eile. Smaoinigh ar mhaighnéadas. Má tá maighnéad agat, rachaidh sé i bhfeidhm ar mhiotail áirithe (iad a bhrú nó a tharraingt), ach ní rachaidh ar mhiotail eile, agus cinnte ní théann sé i bhfeidhm ar rudaí mar phlaistigh nó ceirmigh.

Go pointe, is é sin díreach an rud atá ag tarlú i gcás an réimse Higgs. Téann sé i bhfeidhm ar cháithníní áirithe, ach ní théann ar cháithníní eile. Na cáithníní a dtéann sé i bhfeidhm orthu, moillíonn sé iad, amhail is dá mbeidís ag iarraidh bogadh trí mhil. Cé go bhfuil sé níos casta ná sin, ar ndóigh, go bunúsach is ón moilliú sin a thagann mais.

Ag filleadh ar thús an scéil, tugann an réimse Higgs mais do cháithníní áirithe, ach nó thugann do chinn eile. Leis an teoiric sin a chruthú, chaithfí an bósón Higgs a aimsiú. Gan an bósón, ní sheasfadh an teoiric, agus bheadh gá filleadh ar na coincheapa bunaidh agus teoiric éigin nua a aimsiú. Leis an mbósón, is féidir brú ar aghaidh agus tuiscint níos fearr a fháil ar an bhfisic uilig a tharlaíonn ag leibhéal fo-adamhach.

Anois, b'fhéidir gur chóir a bheith cúramach. Deir na heolaithe nach bhfuileadar ach 99.999% cinnte gurb an bósón Higgs atá aimsithe acu. Tá sé sin réasúnta cinnte, ach tá neart taighde fós le theacht. Deir teoiric áirithe go bhfuil leathdhosaen bósón Higgs ann, agus nach bhfuil ach ceann amháin acu aimsithe.

Domsa, agus don domhan eolaíochta i gcoitinne, is dócha gur leor an ceann amháin sin le dul ag ceiliúradh.



Gerald Guralnik (ar chlé) lena chomhghleacaí, Ulrich Heintz, a bhí i measc seisear eile a tháinig anuias leis an teoiric 'Higgs' siar in 1964. Taobh thiar dóibh tá an luasaire cáithníní ('particle accelerator') CERN san Eilvéis a úsáideadh leis an gcáithnín seo a aimsiú.

Agus cad faoin ainm úd a cuireadh air, 'The God Particle'? Mholfainn gan bacadh leis – níl ann ach ainm deas a chuir foilsitheoir ar leabhar le breis cóipeanna a dhíol.

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 11 Iúil, 2012

An tOrd Oráisteach ag dul síos an bóthar mícheart

Eoghan Ó Néill

Chuaigh Drew Nelson go dtí an áit mhícheart an tseachtain seo chun cás an Ord Oráistigh a dhéanamh. Seachas taisteal go Baile Átha Cliath chun labhairt le Seanadóirí atá imeallach do shaol agus d'fhadhbanna an Oird, ba cheart d'Ard Rúnaí an Ord Oráistigh taisteal míle suas an bóthar óna oifig go dtí Ard Eoin.

Ansin, go labhródh sé lena chomharsanaigh faoi theacht ar chomhréiteach maidir le mhórshiúlta conspóideacha.

Bhí Drew san áit mhícheart ag labhairt leis na daoine míchearta.

Cinnte, caithfear tosú in áit éigin, ach ba bheag an tús é a chuairt ar Teach Laighean i gcomhthéacs a bhfuil ag tarlúint ó Thuaidh na saolta seo.

Ní amháin Martin Mc Guinness agus Banríon Eilís Shasana a bheith ag léiriú measa ar a chéile, nó ceannairí an UDA ar nós Jackie Mc Donald aguss John Bunting a bheith ag bualadh le Alex Maskey, nó dílseoirí, faoi dheireadh, ag baint anuas an mhurphictiúir bhagrach d'fhir armtha le cochall orthu ag cur 'fáilte' romhat go Sandy Row, 'cliabhán an UFF.'

Ach le taobh na rudaí seo go léir, tá téagar le hiarrachtaí Declan Kearney chun aird na bPoblachtach a tharraingt ar an dochar a rinne siadsan don phobal Protastúnach /Aontachtach le linn na dTrioblóidí.

Tá gluaiseacht na Poblachta meáite ar a dhul an treo nua seo.

Bhí seans iontach ag Drew Nelson leid a thabhairt dúinn go bhfuil an tOrd Oráisteach chun dul treo nua.

Ach más rud é gurb é sin a bhí sé a rá leis an Seanad, níor mhothaigh mise é.

Shílfeá, agus tú ag éisteacht lena chaint, nach raibh aon bhaint dá laghad ag an Ord Oráisteach le Droim Crí ná le gach rud a lean é, ó dhúnmharú triúr pháistí Quinn go dó na dtithe pobail Caitliceach, ó chíréibeacha a d'fhág na Sé Chontae ar bhruach na haille, go dtí an sléacht a rinne Billy Wright agus a lucht leanúna.

Tá an tOrd Oráisteach glórach faoin 300+ dá mbaill a maraíodh le linn na dTrioblóidí.

Ach níl siad chomh glórach céanna faoi Oráistigh a mharaigh Caitlicigh. Leithéidí Gusty Spence, nó John Bingham, ceannasaí de chuid an UVF, nó Brian Robinson, a maraíodh díreach i ndiaidh dó Caitliceach a dhúnmharú in Ard Eoin, nó Bobby 'Basher' Bates, duine de Bhúistéirí na Seanchille.

Ard-Rúnaí an Oird Oráistigh, Drew Nelson. Labhair sé leis an Seanad ag tús na míosa. [PIC : SAM BOAL/PHOTOCALL IRELAND]

Ní labhróidh an tOrd le Sinn Féin cion is gur mharaigh Poblachtaigh na céadta ball den Ord.

Cá mhéad ball den Ord, i ngrúpaí paraimíleatacha nó faoi éidí RUC/UDR, a mharaigh baill de Shinn Féin? Nó Caitlicigh nárbh bhaill d'aon ghrúpa iad?

Níl monaplacht ag aon taobh amháin ar fhulaingt agus ní thig diúltú labhairt cion is gur fhulaing an taobh se'agatsa, dar leat, níos mó ná dream eile.

Ina chaint sa Seanad, chaith Drew Nelson go leor ama ag labhairt faoi laigí stairiúla agus reatha an daonlathais ó Dheas, ag ionsaí Shinn Féin, agus ag cur chun tosaigh leagan den stair atá inghlactha don Ord.

Ach ní dhearna sé aon iarracht suntasach breathnú ar an ról deighilteach agus nimhiúil a bhí ag an Ord i stair na hÉireann le 200 bliain anuas.

Ní léir go dtuigeann sé go mbeidh daoine i gceantracha Caitliceacha nó i gceantracha measctha ag caitheamh an Dóú Lá Déag seo romhainn ag crith le heagla cion is an 'ceiliúradh' a bheidh ag dul ar aghaidh ag Oráistigh agus a lucht leanúna.

Ní hionann sin agus a rá go bhfuil an tOrd Oráisteach freagrach as gach olc a tharlaíonn faoin Dóú Lá Déag. Déanann daoine áirithe iad féin a cheangal le mórshiúlta chun go dtig leo dul ag ciapadh Caitliceach.

Níl aon smacht ag na hOird Oráisteacha ar an drochiompar a tharlaíonn ag tinte cnámha oíche an 11ú lá d'Iúil Agus mar sin de. Is cinnte gur eagras é an tOrd Oráisteach a d'imir ról dearfach, ar bhealaí, i saol an phobail, Thuaidh agus Theas, ach mar institiúid, níl aon imeacht ó eachtraí náireacha a bhaineann leis an Ord.

Níl aon imeacht ón ngá atá le tús nua agus le treo nua.

Chaill Drew Nelson seans chun a leithéid d'athrú a thionscnamh, ach thapaigh Declan Kearney an deis sin an tseachtain seo thart.

Shílfeá, agus tú ag éisteacht lena chaint, nach raibh aon bhaint dá laghad ag an Ord Oráisteach le Droim Crí ná le gach rud a lean é, ó dhúnmharú triúr pháistí Quinn go dó na dtithe pobail Caitliceach, ó chíréibeacha a d'fhág na Sé Chontae ar bhruach na haille, go dtí an sléacht a rinne Billy Wright agus a lucht leanúna.

Ar chuireadh ó ghrúpa sóisialach Protastúnach, thug sé caint i nDearclaigh, in Ard Mhacha Theas, áit ar mharaigh an tINLA triúr Phrotastúnach, in 1983 agus iad ag glacadh páirte i seirbhís in Eaglais Chincíseach san áit.

Bhí sé de mhisneach ag Protastúnaigh sa cheantar cuireadh a thabhairt do Declan Kearney.

Ina chaint, chuimhnigh seisean go bhfuil Poblachtaigh ag iarraidh labhairt agus éisteacht ar bhonn pearsanta le Protastúnaigh faoi na rudaí a rinne Poblachtaigh le linn na dTrioblóidí agus faoin dóigh a chuaigh sin i bhfeidhm ar Phrotastúnaigh, agus gur mhaith le Poblachtaigh próiseas athmhuintearais a bhunú ar an mbonn sin.

Tógfaidh sé blianta ach sin an bealach le dhul.

Fad is go bhfuil Drew Nelson ag diúltú labhairt go díreach leis an Seanadóir David Cullinane nó an tOrd Oráisteach ag diúltú labhairt le háitritheoirí, níl siad ag dul áit ar bith.

Cath caillte ag Merkel, ach níl an cogadh caillte

Seán Ó Tuairisg

Bundestag na Gearmáine : An é seo an áit ina bhfuil an fíor-chumhacht san Eoraip?

Scór Cruinniú Mullaigh i ndiaidh a chéile, in imeacht trí bliana, rialtais agus Príomhairí á gcaitheamh de leataobh, agus is léir go bhfuil, faoi dheireadh thiar thall, sórt cosúlacht gnaithe ag teacht ar an AE, má tá.

Agus ní maith liom an 'má' a bheith i gceist chomh luath seo sa stair, ná sa scéal seo, ach is aimsir chorrach í!

Ní túisce sórt réiteach éicínt a bheith brandáilte ar fhiacha ollmhóra na dtíortha éagsúla, ná go bhfuil cor eile fós sa scéal.

Ní raibh sé ach séanta ag Príomhaire na Breataine, David Cameron, go mbeadh gá le reifreann acusan, tar éis socrú cinniúnach faoi fhiacha na mbanc, ná go bhfuil an scéal dúisithe aríst eile ag ár gcomharsana. Sin obair lae eile.

Maidir leis an Eoraip, is deacair a bheith cinnte cén toradh a bhéas ar na himeachtaí is déanaí sa Bhruiséil.

Cosúil le greim feola, builín aráin, nó cartún bainne, bíonn dátaí na n-iasachtaí seo ón Eoraip istigh go hansciobtha! Ach ceapaim go mbeidh an ceann seo is déanaí níos fadsaolaí, mar go gcaithfidh sé a bheith. Chomh simplí leis sin. Níl an mhionscríbhinn agus na coinníollacha uilig ar pháipéar go fóill, agus is le himeacht aimsire a thagann nithe áirithe mar sin chun solais.

Ach má cheapann na Spáinnigh gur féidir leo féin an tseic mhór mhillteach a fuair siad chun a gcuid banc a choinneáil ag snámh, a líonadh isteach iad féin, tá an-dul amú orthu. De bharr na ndeontas uilig atá ceadaithe ag Angela Merkel, tá rud amháin an-soiléir: bhí dhá rogha aici, an euro a ligean le fána aille, nó é a chur ar shlí a shábhála, agus de bharr an bhrú mór millteach a bhí curtha uirthi, ghlac sí leis an dara rogha.

Tháinig an mór-bhrú uirthi as dhá fhoinse nach mbeifí ag súil leo. Ní ó Uachtarán Sóisialach na Fraince, Francois Hollande, a raibh cead a chinn faighte aige óna mhuintir páipéir agus polasaithe Sarkozy a chur sa mbruscar, maidir le ciorruithe agus eile, ach tháinig sé ó Phríomh-Aire na hIodáile, a bhí ceaptha acu féin, (ní go daonlathach ag Parlaimint na hIodáile), agus ó Phríomh-Aire Caomhach na Spáinne, a raibh an mhiodóg i gcúl a ghlaice aige, ag teacht.

Dúradh go ndea-bhalbh, le Merkel go gcaithfí stop a chur leis na fiacha arda úis a bhí ag titim ar bhannaí na hIodáile, agus go gcaithfí laghdú go mór ar an ús a bhí ar iasachtaí na Spáinne, (mar nach raibh an dá thír sin i gcruth an tsaghas sin costais a sheasamh a thuilleadh), go gcuirfí stop glan leis an bpacáiste measartha forbartha a bhí ar thob a bheith fógartha ag an mBruiséil, láithreach bonn.

Ní raibh mórán suime a thuilleadh ag Mario Monti, Príomh-Aire na hIodáile, sna coinníollacha tarrthála a leag seisean agus Mariano Rajoy, Príomhaire na Spáinne ar an nGearmáin: go gcuirfí an t-airgead isteach díreach sna bainc a bhí i dtrioblóid, gan aon mhéadú a bheith ar na fiacha náisiúnta, agus, go mbeadh an t-airgead breise sábhála seo le fáil ag an Iodáil agus ag an Spáinn, gan aon choinníollacha breise chun breis ciorruithe a chur i bhfeidhm.

Bhí Monti an-soiléir faoi céard go baileach a bhí uaidh: athrú polasaí, agus sin díreach a tharla. Dúirt an chéad abairt go gcaithfí an ceangal idir gnó na baincéireachta agus fiacha náisiúnta a bhriseadh, láithreach bonn. Tús nua ar fad - nárbh iad an pobal in aon tír airithe a bhí freagrach as na fadhbanna, ach baincéirí mífhreagracha.

Ok, chaill Merkel an cath áirid sin, ach go cinnte, níl an cogadh caillte aici. Nuair a bhéas na rialacha le scríobh, maidir le hAontas Baincéireachta na hEorpa, is í an Ghearmáin a scríobhfas na rialacha sin. Caithfear gach uile athrú a chuirfear ar rialacha an ESM, a chur faoi bhráid an Bundestag.

Ok, chaill Merkel an cath áirid sin, ach go cinnte, níl an cogadh caillte aici. Nuair a bhéas na rialacha le scríobh, maidir le hAontas Baincéireachta na hEorpa, is í an Ghearmáin a scríobhfas na rialacha sin. Caithfear gach uile athrú a chuirfear ar rialacha an ESM, a chur faoi bhráid an Bundestag. Ní hamháin sin, ach caithfear freisin, gach aon athrú a chur faoi bhráid na Cúirte Bunreachtúla sa nGearmáin.

Agus is féidir go gcaithfí reifreann náisiúnta a ghairm sa nGearmáin, an chéad cheann sa tír sin ón Dara Cogadh Domhanda. Tabharfaidh sé sin seans maith do Merkel píosa a ghearradh amach as an ngealladh seo agus píosa eile a ghearradh as an ngealladh siúd, de réir mar a bhéas sé riachtanach!

Ná níl aon ghanntanas ceisteanna ann go fóill. Mar shampla, an bhfuil dóthain airgid sa gciste tarrthála? Is beagnach cinnte nach bhfuil. Tá tionscáil tógála na Spáinne ina phraiseach damanta ó cheann ceann na tíre sin. Bím ag fánaireacht liom síos ansin. Ná níl éifeacht mar ba cheart ag na hiasachtaí atá faighte aici go dtí seo. Seans nach mbeidh rath ar thionscail na tógála go ceann blianta fada, agus sa gcás sin, beidh bainc na Spáinne tinn go ceann i bhfad.

Agus tá mórcheist eile le cur. Taitníodh sé léi nó ná taitníodh, caithfidh sí cur i bhfearas go tapa; céard a dhéanfas An Bhreatain? Beidh sé ina ghleo thall ansin as seo amach. Obair lae eile.

Mo chuimhne agus mo dhearmad, cén fáth nár éirigh linne, sa tírín seo, agus na tíortha beaga imeallacha eile, na coinníollacha céanna sin thuas, a bhaint amach? An bhfuil éagóir déanta orainn? An bhfuil muid ina gcodladh? An bhfuil seic mór le fáil ar ais againn? Lean ort, tú féin, anois, le tuilleadh ceisteanna le cur! Tuilleadh amach anseo; go luath.

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 11 Iúil, 2012

Focail le Gaoth

Le Concubhar Ó Liatháin

Faoi scáth Bhanc Ceannais na hEorpa

Agus mé ag cumadh an cholúin seo, táim i mo shuí ag bord i bPlatz atá faoi scáth Bhanc Ceannais na hEorpa i Frankfurt na Gearmáine. Os mo chomhair tá lán 'stein' de Philsner órbhuí.

Trathnóna Domhnaigh atá ann agus tá an platz lán de bheatha, tar éis reáchtáil chomórtas 'Iron Man' níos luaithe.

Ar eagla na míthuisceana, ní rabhas páirteach sa chomórtas i mbliana, de bharr gortuithe.

Táim ar mo shuaimhneas glan, tar éis don chlann seachtain saoire a chaitheamh sa Ghearmáin, a bhformhór le cairde agus an chuid eile ag taisteal timpeall. Murab ionann agus an tír seo, is féidir braith ar phoncúlacht na dtraenacha agus, ní hamháin sin, tá siad réasúnta saor chomh maith. A bhuíochas do Mhícheál Ó Laoire agus Ryanair, bhí sé níos saoire don chlann taisteal chun na Gearmáine ná go Bhaile Átha Cliath ar an gcóras iompair phoiblí.

Seo é an saol cinnte! Wish you were here, agus mar sin de!

Gach rud atá feicthe agam sa Ghearmáin go dtí seo, is oscailt súl é agus meabhraíonn sé dom an cur amú a tharla, agus a tharlaíonn fós, in Éirinn agus airgead phoiblí á chaitheamh, go háirithe airgead na hEorpa.

Banc Ceannais na hEorpa, Frankfurtm An Ghearmáin. [PIC : CONCUBHAR Ó LIATHÁIN]

Féach ar na bóithre, mar shampla. Na bóithre a tógadh in Éirinn ar chostas an Aontais Eorpaigh, ní fheadar an bhfuil oiread agus lána rothair amháin ar cheann acu in ainneoin na mbilliún a caitheadh orthu. Tá go leor ag rothaíocht ar bhóithre na Gearmáine de bharr go bhfuil na lánaí ann do rothaithe. Is buntáiste é sin don gheilleagar sa mhéid is go gcothaíonn sé daonra aclaí agus sláintiúil agus tá sábháilt mhór ar chaiteachas ar bhreosla mótair freisin.

Tríd na coigiltis sin, agus go leor eile lena gcois, tá an Ghearmáin ar an tír is láidre san Aontas anois agus, más daor féin é, tá an tairgead atá á shábháilt ansan ag cuidiú linne anseo i dtráth na héigeandála. Is cosúil go bhfuil an tsábháilt airgid mar chuid den DNA ag na Gearmánaigh. Nach sinne ba cheart a bheith buíoch as sin nuair is cosúil nach bhfuil an inniúlacht céanna ionainn.

Ní hé nach raibh - nó nach bhfuil - a trioblóidí féin ag an nGearmáin. Ní go dtí le déanaí a chríochnaigh an aisíoc ar an gcúiteamh tar éis an Chogaidh Mhóir, 1914-18. Tá atógáil déanta ar an tír ó chogadh 1939-45 agus le scór bliain tá próiseas téarnaimh agus athaontaithe ar bun, oirthear le hiarthar, tar éis na scoilte agus an Cogadh Fuar.

An deireadh seachtain seo caite, deineadh comóradh i mBeirlín ar leathchéad bliain d'athmhuintearas idir an Fhrainc agus an Ghearmáin. Agus Seansailéir na Gearmáine, Angela Merkel, agus Uachtarán nuathofa na Fraince, Françoise Hollande, ag fáisceadh a chéile i bpríomhchathair na Gearmáine athaontaithe, bhí uaigheanna shaighdiúirí na Gearmáine a cailleadh sa chéad chogadh domhanda á lot san Fhrainc.

Is deacair an bóthar a bhíonn le taisteal ag lucht an athmhuintearais cinnte. Ach is é sin bunbhrí Aontas na hEorpa, go mbeadh athmhuintearas ann in áit na cogaíochta. Réabadh an Eoraip le cogaíocht i gcaitheamh na mílte bliain. Tá sin thart anois, a bheag nó a mhór, ó theacht an Aontais Eorpaigh. Níl an tAontas foirfe, tá sí faoi smacht na maorlathach ach tá sí ag dul sa treo ceart.

Mar sin de, tá gá na ceachtanna ón Eoraip a fhoghlaim sa tír seo. In áit a bheith ag díriú ar ár gcúinne féin a throid i gcónaí, mar a bhíonn, caithfimid féachaint chuige go bhfuilimid ag cur le saibhreas agus le feabhas an phobail ar fad. Tá sé in am ag Éire a bheith níos Eorpaí in ionad a bheith i gcónaí faoi anáil ár gcomharsan béal dorais.

Seo mana nua chugaibh: Ní amháin Éireannach ach Eorpach chomh maith, ní amháin Eorpach ach Éireannach chomh maith.

SÚIL SIAR na Seachtaine

An Aneas ón Afraic a tháinig muid?

Donncha Ó hEallaithe

Le gairid, ina cholún san Irish Times (19 Bealtaine, 2012) faoin teideal 'Why Celtic DNA Leads Back to Africa', dúirt an colúnaí Michael Viney gurb é an 'unmissably Arab dynamic in the cadences of Connemara's sean-nós singing' a spreag an scannánaí Bob Quinn le tabhairt faoin tionscnamh teilifíse ATLANTEAN.

Bhí Quinn ina léiritheoir le Telefís Éireann, nuair a d'éirigh sé as sa bhliain 1969, mar agóid in aghaidh an treo a raibh RTÉ ag dul. Shocraigh sé síos i gConamara in 1970, áit ar thosaigh sé ag déanamh scannán faoi imeachtaí áitiúla, agus á dtaispeáint sna tithe tábhairne.

I gConamara tháinig sé ar an tuiscint, gur trasna na dtonnta agus ní trastíre a tháinig na tionchair éagsúla cultúrtha chugainn agus thosaigh sé ag ceistiú na gcomhthuairimíochta gur Ceiltigh muid a tháinig anoir ó lár na hEorpa.

I measc an lucht acadúil, níor tugadh mórán aitheantais do thuairimíocht Quinn, nuair a craoladh na cláracha teilifíse, ATLANTEAN, i lár na 1980aí. Bhí lucht léinn ag cloí go dlúth leis an gCeilteachas mar mhíniú ar ár dteanga, ár ealaín agus ár seandálaíocht. Ach de réir a chéile, le cúnamh ó thástálacha DNA, táthar ag tíocht ar an tuairim go bhfuil ciall áirithe lena theoiric. Tá sé suntasach, mar shampla, go raibh ollamh le seandálaíocht in Oxford, Barry Cunliffe, sásta an réamhrá a scríobh leis an leabhar, 'The Altantean Irish' (2005), a scríobh Bob Quinn faoina chuid taighde ar an ábhar.

Tríocha bliain ó shin sa nuachtán seachtainiúil, AMÁRACH, foilsíodh alt faoin tionscnamh mór teilifíse, a bhí tosaithe ag Bob Quinn lena chruthú nach Ceiltigh muid!

Amárach, 09 Iúil, 1982

Níorbh é Naomh Pádraig a thug an Creideamh go hÉirinn a deir Bob Quinn - fear déanta scannán

"NÍ dóigh liom gurbh é Pádraig Naofa a thug an Chríostaíocht go hÉirinn an chéad uair," a dúirt Bob Quinn, le AMÁRACH an tseachtain seo agus é ag tagairt den sraith cláracha teilifíse atá sé á ullmhú faoi láthair faoin gceangal atá idir na tíortha Ceilteachta agus na tíortha Arabacha - an Éigipt agus Morocco go háirithe...

Tart ar an mbliain 1976 a bhuail an smaoineamh é gur dheas an rud sraith cláracha teilifíse a dhéanamh faoin gceangal idir na tíortha Ceilteacha agus na tíortha Arabacha.

Chaith sé cuid mhaith ama ag



Bob Quinn

déanamh taighde agus ag taisteal ag bailiú eolais le cuidiú leis na cláracha a chur le chéile. Chuir sé tús lena thaifeadadh i mí na Nollag seo caite san Éigipt agus san Afraic Thuaidh agus tá súil aige go mbeidh an obair ar fad críochnaithe aige roimh deireadh na bliana seo....

"Tuairimíocht ar fad atá á dhéanamh sa sraith seo" a dúirt sé. "Níl ann ach tuairim fhear amháin atá bunaithe ar an taighde atá déanta."

I measc na rudaí atá faighte amach ag Quinn tá eolas nach bhfuil aon cheangal idir an amhránaíocht ar an sean nós agus amhránaíocht na hEorpa. Meastar go gcruthóidh Quinn sna cláracha seo nach anoir ó Mhór -roinn na hEorpa a tháinig an nós amhránaíochta seo chor ar bith.

Tá sé faighte amach ag Quinn freisin go bhfuil an bhaint ag lámhscríbhínní na hÉigipte lena macasamhla anseo in Éirinn agus deireann sé gur as an Afraic Thuaidh a tháinig an bunsmaoineamh ar dtús chun na tíre seo.

Maidir leis an tuama meigiliteach atá i mBrú na Bóinne agus a bhfuil cáil dhomhanda air as ucht go raibh sé déanta i bhfad sara a déanadh na pirimidí, dúirt Quinn go bhfaca sé tuamaí cosúil leis i Morocco na hAfraice agus gur chuir sé seo iontas air....

Ar ndóigh tá cáil bainte amach cheana ag Quinn as an obair scannaíochta atá déanta aige. Chaith sé roinnt blianta i gConamara - i Ros Muc agus ar an gCeathrú Rua - agus é i mbun an chomhlacht scannánaíochta Cinegael.

Eagarfhocal

Gaelscéal
An Chuasnóg, Baile Ard
An Spidéal,
Co. na Gaillimhe

An 12ú Lá d'Iúil

TÁ an Ord Oráisteach ag iarraidh iad féin a athchruthú mar eagraíocht chreidmheach atá ar son cearta creidimh agus cultúir na bProtastúnach a chaomhnú.

Tá sé seo iontach agus cuirfimid fáilte roimhe sin.

Tá siad ag iarraidh a chur in iúl nach bhfuil iontu ach buíon de sheanfhir atá ag iarraidh siúl chun seirbhísí eaglasta s'acu.

Tá a leithéid ann ar ndóigh, ach tá sé seafóideach iarracht a dhéanamh a chur in iúl gurb é sin amháin atá i gceist leis an Ord Oráisteach.

Ní féidir an stair a athscríobh go hiomlán. An chuid is mó dá saol, b'eagraíocht ar son fhorlámhas na bProtastúnach iad agus ní chun cothrom na Féinne a chothú idir Phrotastúnaigh agus Chaitlicigh.

Ach mar sin féin, má tá siad anois ar son chothrom na Féinne, cuirimis fáilte roimhe sin.

Seans, má tá glactha leis an gcoincheap, go dtuigfear go gcaithfear meas a bheith ann do gach cultúr in Éirinn, cultúr na nGael san áireamh.

Amárach, beidh an tOrd ag máirseáil ar fud an Tuaiscirt.

Den chuid is mó, ní chruthóidh sé sin fadhb ar bith, ach i gcorr-áit, beidh siad ina gcnámh spairne idir an dá phobal, faraor.

Tá an ceart ag pobail náisiúnacha ágóidíocht a dhéanamh i gcoinne an Oird ar ndóigh, a fhad is go bhfuil sé síochánta.

Is mór an trua nach bhfuil an tOrd Oráisteach sásta labhairt le náisiúnaigh áitiúla chun iarracht a dhéanamh a theacht ar chomhaontas maidir leis na mórshiúlta seo. Déanann sé sin a bheag dá gcaint faoi 'chothrom na Féinne' agus cuireann sé seanbhiogóideacht an fhorlámhais i gcuimhne dúinn.

Mar sin féin, tá roinnt grúpaí náisiúnacha ag baint mí-úsáide as na mórshiúlta seo chun pointí polaitiúla a dhéanamh, ag cruthú fadhbanna nuair nach bhfuil mórán le bheith tógtha faoi ar chor ar bith.

Níl cúis ar bith leis sin.

Ba chóir, más féidir ar chor ar bith, ligint don Ord a gcuid mórshiúlta a bheith acu gan bac agus neamhaird a dhéanamh díobh más gá.

I ndeireadh na dála, bheadh an cath ar son 'cothrom na Féinne' do chultúr na nGael sna Sé Chontae i bhfad níos easca mura mbeadh Aontachtóirí ábalta a rá go mbíonn baic ar chultúr s'acu féin.

Níl sé éasca a bheith ag amharc ar dhaoine ag ceiliúradh a mbua ort, ar do phobal, ag ceiliúradh cath a chuir deireadh le saoirse creidimh in Éirinn agus a chuir cultúr na tíre faoi chois.

Ach in amanna, caithfidh muid cur suas le rudaí nach dtaitníonn linn.

Sin an éagsúlacht, agus sin an Éire nua, an glas, an oráiste agus, táthar ag súil, an bán eatarthu.

Cur i gCéill nó Cur i bhFheidhm?

Eoin Ó Murchú

Tá an rialtas ag maíomh go láidir as an athrú ar shocruithe airgeadais san Aontas Eorpach, ag rá go léiríonn an deis nua atá againn le feabhas a chur ar choinníollacha na bhfiacha atá againn don Eoraip go raibh an straitéis cheart acu san eachtra seo ar fad.

Níl aon amhras ach go bhfuil deis thábhachtach againn costas na niasachtaí a laghdú, ach ní bheidh aon mhaithiúnas ann don rialtas mura dtapaíonn siad an deis seo.

Ach níl aon amhras ach an oiread nár tháinig an deis de bharr aon bheartas a rinne an rialtas féin. Is mar gheall ar sheasamh na hIodáile agus na Spáinne, agus ach go háirithe mar gheall ar ról na Fraince faoin uachtarán nua, go raibh iachall ar na Gearmánaigh géilleadh sa deireadh.

Dúirt na hIodálaigh agus na Spáinnigh go lom nach nglacfaidís le haon socrú airgid maidir le bainc nó eile mura mbeadh athchaipitliú na mbanc deighilte ó fhiacha na stát. D'fhan an dream se'againne ina dtost, ag súil go dtiocfadh an géilleadh gan olc a chur ar éinne ná ar na Gearmánaigh ar a gcéad dul síos.

Tá tagairt don tír seo sa ráiteas a tháinig amach ón gcruinniú mullaigh, ach níl aon sonruithe ann faoin socrú a bhéas i bhfeidhm sa deireadh. Cinnte, ní bheadh sé cothrom go mbeadh córas difriúil i bhfeidhm sa Spáinn maidir le hathchaipitliú na mbanc, ach ghlac muid leis go mbeadh an t-airgead seo mar fhiacha stáit agus cén gearán a bhéas againn má fhágfar cúrsaí mar atá? Luaigh Aire Airgeadais na tíre seo, Michael Noonan, an scéal ag cruinniú na n-airí airgeadais ag tús na seachtaine seo, ach níor pléadh an cheist mar bhí an cruinniú dírithe ar fhadhb na Spáinne. Is léir, ámh, gur ar éigean a bhéas aon athrú ar ár gcoinníollacha faoin Samhain nó fiú faoi dheireadh na bliana mar atá geallta ag an rialtas, mar níl aon chartaí inár lámha.

Maíomh eile atá ag teacht ón rialtas ná nach mbeadh an deis feabhais sin againn murach gur vótáil muid ar son an Chonartha Fioscaigh. Tá dea-thoil, mar dhea, ag dul dúinn mar gheall air sin; ach, arís, níl a fhios againn go fóill cén socrú a bhéas ann nó an mbeidh aon athrú ag deireadh thiar ar ár gcoinníollacha, agus ní bheadh aon chaint faoi ach gur sheas an Iodáil is an Spáinn mar a sheas.

Ag deireadh thiar beidh an bua ag an rialtas más féidir leó fás a chruthú san eacnamaíocht, daoine a chur ag obair agus caighdeáin mhaireachtála – atá buailte go hainnis ag an déine – a fheabhsú. Sa gcómhthéacs sin, is tábhachtaí agus is fírinní bhfad an infheistíocht atá le déanamh ag Banc Infheistíochta na hEorpa i dtógáil scoileanna nua in Éirinn. Seo polasaí a bhí ag an Lucht Oibre le roinnt blianta anuas, ach polasaí a lig siad ar leataoibh nuair a ghlac siad le déine.

Ach cabhróidh an infheistíocht atá fógartha le daoine a chur ag obair sa rannóg tógála – a bhfuil spreagadh ag teastáil go gear uaithi – agus le feabhsú a dhéanamh ar an infrastruchtúr a mhairfeadh i bhfad sa todhchaí, tá súil againn. Tá níos mó substainte ag baint leis an infheistíocht ná mar atá leis an socrú airgeadais, ach tagann an dá scéal ag am tábhachtach do Pháirtí an Lucht Oibre.

Tá faitíos mór sa bpáirtí mar gheall ar na figiúirí san pobalbhreitheanna agus fás Shinn Féin ach go háirithe. Agus cé go mbíonn pobalbhreitheanna ag athrú ó mhí go mí, ní hamháin go gcaillfeadh an rialtas reatha dá mbeadh olltoghchán ann amáireach ach bheadh Sinn Féin chun tosaigh ar an Lucht Oibre freisin.

An Tanáiste agus Ceannaire an Lucht Oibre, Eamon Gilmore, TD, ar a bhealach chuig cruinniú comh-aireachta ag Tithe an Rialtais maidin inné
[PIC : MARK STEDMAN/PHOTOCALL IRELAND]

Ag deireadh thiar beidh an bua ag an rialtas más féidir leó fás a chruthú san eacnamaíocht, daoine a chur ag obair agus caighdeáin mhaireachtála – atá buailte go hainnis ag an déine – a fheabhsú

Tá brú mar sin ar cheannairí an Lucht Oibre a léiriú go bhfuil níos mó i gceist ag an Lucht Oibre ná Fine Gael a chur i gcumhacht. Tá cúlbhinseoirí, ar nós chathaoirleach an pháirtí, Colm Keaveney, an-tógtha faoi seo, mar is iad a chaillfeas mura dtagann athrú ar íomhá an pháirtí, go háirithe i bhfianaise na ndáilcheantracha nua a foilsíodh le deireannas. Tá sé róluath a rá go dtiocfadh an Lucht Oibre amach as an meath, agus tabharfaidh na toghcháin áitiúla in 2014 léiriú níos fearr air sin.

Ach creideann ceannaireacht an pháirtí go gcabhróidh an dá dheascéal thuasluaite le faitíos na mball a mhaolú, sa ghearrthéarma ar aon chuma.

Is í an fhadhb, ámh, go bhfuil sé níos éasca labhairt faoi fheabhas ná feabhas a dhéanamh, agus is ar a gcuid gníomhartha a dhéanfaidh an pobal breithiúnas faoin bpáirtí, faoin rialtas agus faoin gcéad toghchán seo chugainn.

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 11 Iúil, 2012

Cad a dhéanfaimid feasta gan Volvo?

Buaiteoir Rás an Aigéin Volvo, Camper, ag treabhadh na dtonn le linn rás chalafoirt Discover Ireland amch ó thrá Bhóthar na Trá, Gaillimh, Dé Sathairn. [PIC: SEÁN Ó MAINNÍN]

Páidí Ó Lionáird

Admhaím do Dhia uilechumhachtach agus daoibhse a bhráithre, nár thugas cuairt ar mhórán imeachtaí an Ráis Aigéin Volvo le linn dó a bheith suite agus lonnaithe i nDuganna na Gaillimhe.

Ní hé gur le neamhshuim a sheachnaíos na hócáidí - a mhalairt i ndáiríre. Tá an-shuim agam in aon saghas spóirt ina bhfuil dúshlán agus misneach i gceist. B'fhéidir gurb shin an fáth go dtaitníonn an rothaíocht go mór liom.

I gcás an Ráis Aigéin seo, 39,000 muirmhíle (72,000km) in árthaigh 70 troigh ar fhad, déanta as carbón, gan aon áis chompoirdí dar fiú trácht orthu, ag seoladh trí na farraigí is contúirtí ar domhan? Anois sin spórt!

Bhíos im' shuí in aice na fuinneoige sa tseomra suite sa bhaile istoíche Dé Luain, ag faire amach agus ag feitheamh lena lorg a fheiceáil trí mo dhéshúiligh. Agus chonac. A dhorcha agus a bhí sé, bhíos in ann na soilse píolótacha dearga a phiocadh amach, iad ag seoladh thar Cheann Boirne trasna na caoláire uaim.

Ag smaoineamh dom faoin aistear fhada a bhí bainte amach ag na mairnéalaigh seo, b'ábhar iontais dom é a shamhlú, go raibh an domhan timpeallaithe acu faoina stiúir féin.

Gaoth agus scil na loingseoireachta a thóg iad ó Alicante na Spáinne go Capetown na hAfraice Theas go hAbu Dhabi agus as san go Sanya Haitang ar oileán Hainan i Muir Theas na Síne. As san go hAukland na hAstráile agus as san trasna na Mara Ciúine Theas, síos timpeall Rinn an Choirn agus isteach go calafort Itajai in Aigéan an Atlantaigh Theas sa Bhrasaíl. As san chuaigh siad go Miami timpeall an chúinne ó Mhurascaill Mheicsiceo agus as san trasna an Atlantaigh go Liospóin na Portaingéile. As san thug siad aghaidh ó thuaidh go Lorient na Briotáine agus ar deireadh tháinig siad chugainne sa Ghaillimh.

Is iontach na fir iad, beirt Éireannach ina measc - Damian Foxall a bhí ar an mbád buacach, Groupama, agus Fergus Slattery a bhí ar bord Abu Dhabi.

Chaithfinn a rá go bhfuil gach uile thuairisc atá faighte agus cloiste agam faoin tseachtain moltach agus dearfach ina n-iomláine. Ní beag an t-údar maíte é sin!

Bhí iliomad cúis nach raibh sé ar mo chumas a bheith i láthair níos minicí, tigh lán le Gaeilgeoirí (nár laga Dia iad), an ghráin atá agam ar shluaite agus go háirithe a bheith ina lár.

De réir an lucht eagraithe áitiúil, b'fhiú €100 milliún don ngeilleagar áitiúil an Rás Aigéin le hos cionn 850,000 cuairteoir i gcaitheamh na seachtaine. Mar luach ar an méid a chaith Fáilte Ireland agus na húdaráis áitiúla (€5 mhilliún)? Ba mhór é a leath féin!

Ach is measa ar fad an drochsheachtain a bhí againn de bharr na báistí ar fad a thit.

Ó thús go deireadh, n'fheadar ar stop an fhearthainn ag titim in aon chor? Ní dóigh liom é ach ar feadh corr uair an chloig anseo agus ansiúd.

Mar a dúrt, thugas cuairt amháin ar an gcathair. Maidin Dé Máirt a bhí ann agus bhí an aimsir mar a bheadh i lár Feabhra nó i ndeireadh na Samhna - fliuch, tais agus le séideán gaoithe anoir-aduaidh a bhí fuar chomh maith.

Ag siúl thart fán bhaile sealadach a bhí tógtha ar na Duganna agus ar an gCladach, ba léir go raibh atmaisféar maith cruthaithe ag lucht eagraithe na hócáide.

D'ainneoin na drochaimsire, (bhí mo chosa báite) gach áit a chuamar, bhí meangadh gáire ar chách agus ag deireadh an lae, nach é sin an rud is tábhachtaí?

Dar le lucht eagraithe na hócáide agus iadsan a chinn gur sa Ghaillimh a chríochnódh an rás i mbliana, ba de bharr an fháilte a cuireadh rompu in 2009 a bheartaigh siad ar chlabhsúr an ráis i mbliana a thabhairt ar ais ann.

Agus chuir gach a chonac ag machnamh mé - an bhfuil aon rud anseo nach bhféadfadh a bheith ann gach samhradh, is cuma cén ócáid a bheadh ann, nó fiú mura mbeadh ócáid ar bith ann? Na seastáin, na taispeántais, an láthair spraoi, na hardáin cheoil do na ceoltóirí agus na ceolchoirmeacha gach tráthnóna.

Is cine sinn atá tar éis gach cúinne den domhan a thaisteal, bíodh sé chun cónaithe agus oibre nó ar laethanta saoire.

Tá taithí ag móramh de mhuintir na hÉireann ar laethanta saoire a chaitheamh ar mhór-roinn na hEorpa - bíodh sé ag campáil i La Rochelle nó in árasán ar an Costa Del Sol nó fiú ar láthair saoire Butlins i Somerset, Shasana - tá muintir na hÉireann imithe i dtaithí ar shaoráidí siamsaíochta mar seo a bheith ar fáil gach samhradh.

Táimíd níos sofaisticiúla in Éirinn anois ná riamh agus is maith linn áiseanna mar a chonaic muid sa Ghaillimh agus ba bhreá linn iad a fheiceáil gach samhradh, cuma an le nó gan na luaimh iad.

De réir an lucht eagraithe áitiúil, b'fhiú €100 milliún don ngeilleagar áitiúil an Rás Aigéin le hos cionn 850,000 cuairteoir i gcaitheamh na seachtaine. Mar luach ar an méid a chaith Fáilte Ireland agus na húdaráis áitiúla (€5 mhilliún)? Ba mhór é a leath féin!

Tá dlús in athuair leis an iarracht ceantar na nDuganna i gCathair na dTreabh a fhorbairt ar mhacasamhail Lorient nó La Rochelle agus más ea, is údar sceitimíní é sin dúinne ar fad a chónaíonn gar don chathair iontach, féiltiúil seo. Tréaslaím le lucht Let's Do It Global ach déanaigí arís é!

Nua Eabhrac, Nua Eabhrac : an bhfeicfidh muid Gaelscoil an Úill Mhóir amach anseo?

Nua-Eabhrac ag lorg Gaelscoile!

Conall Ó Móráin

Tá achainí á dhéanamh ag dream i Nua-Eabhrac ag lorg Gaelscoile a bhunú, an chéad Ghaelscoil lasmuigh den tír go bhfios dom. Tá an dream atá taobh thiar den achainí ag lorg síniúcháin ó 20,000 duine chun é a chur faoi bhráid mhéara Nua-Eabhrac, Michael Bloomberg agus eagrais rialtais eile. Cé nach bhfuil acu ach 63 síniúchán agus an t-alt seo á scríobh níl an feachtas ach lainseáilte le cúpla lá.

De réir lucht an fheachtais (is féidir a theacht ar shonraí ar an idirlíon ag www.petitionsite.com agus an focal Gaelscoil a chur isteach i gcuardach Google) go bhfuil breis agus 4,000 duine i Nua-Eabhrac ag labhairt Gaeilge sa bhaile.

I gcomhthéacs an 8 milliún duine atá ina gcónaí sa chathair ní féidir a rá go bhfuil an uimhir sin mór ach mar iar-eagraí ag eagras Ghaelscoileanna, is féidir liom a rá go cinnte nach bhfuil ag teastáil ach thart ar fhiche duine díograiseach chun Gaelscoil a bhunú sa tír seo. Ní féidir liom a bheith cinnte faoi na rialacha sna Stáit Aontaithe ach is iad na Meiriceánaigh (agus Barack Obama ach go háirithe) a dúirt an nath 'Is féidir linn'.

De réir na bhfoinsí céanna, maíonn siad go bhfuil 100,000 duine trasna na Stáit atá ag foghlaim Gaeilge go rialta, figiúr, más fíor, a thabharfadh le fios go bhfuil níos mó daoine ag foghlaim Gaeilge (lasmuigh den chóras oideachais) sna Stáit mar atá sa tír seo fhéin. Figiúr spéisiúil cibé bealach é. Ní raibh an mhéid seo ar eolas agam ach an oiread. Bíonn cruinnithe comhrá trí Ghaeilge go rialta ag dreamanna i Nua-Eabhrac freisin, agus 109 duine ag freastal ar chruinniú amháin acu. Ní bhfaighfeá na huimhreacha sin i mBaile Átha Cliath.

Bím féin i dteagmháil go rialta ar Twitter (@ConallOM) le Gaeilgeoirí atá lonnaithe sna Stáit Aontaithe agus tá an chuma ar an scéal go bhfuil fíor bheocht ag baint leis na healaíona atá ceangailte isteach acu leis an nGaeilge. Agus céard faoi seo? Is féidir éisteacht ar an idirlíon nó ar fhón cliste leis an Dochtúir Séamus Blake ar a chlár ar WFUV, ó Ollscoil Fordham, má úsáideann tú aip TuneinRadio (atá saor in aisce).

Craolann Séamus ar feadh uair an chloig gach Satharn ar chúrsaí agus ar cheol Gaelach. Dár le Séamus, tá ceangal díreach idir a dtarlaíonn i measc na nGael agus lucht tacaíochta na Gaeilge i Nua-Eabhrac agus meon mhuintir na hÉireann i leith na Gaeilge. Feiceann an Dochtúir Blake an dúil atá ag daoine agus a gcuid iarrachtaí Gaeilge a fhoghlaim fiú agus iad 2,000 míle, agus b'fhéidir dhá ghlúin, ó bhaile. Thuigfeá uaidh go bhfeiceann sé go bhfuil ceannródaíocht ar siúl ag Gaeil Mheiriceá sa mhéid seo agus go gceapann sé go gcabhraíonn an méid atá ar siúl acu le hathrú meoin a chothú anseo ina dtír dhúchais.

Dhá cheist a thagann as seo ar fad domsa. Ar an gcéad dul síos, cén fáth go mbeadh an oiread sin dúil ag daoine an stró a chur orthu féin Gaeilge a fhoghlaim agus ansin, b'fhéidir, an Ghaelscoil sin a luaigh mé níos luaithe a bhunú?

Rud eile, is féidir leo siúd a fhoghlaimíonn Gaeilge freastal ar chúrsaí Gaeilge (nó 'saoire sa Ghaeltacht' a chaitheamh) in Ontario i gCeanada áit ina bhfuil an t-aon Ghaeltacht oifigiúil lasmuigh d'Éirinn, in áit ar a dtugtar 'Gaeltacht Bhaile na hÉireann'. Nó is féidir leo 'teacht abhaile'. Tá gradaim Ghaeltachta Fulbright ar fáil, ina dtugann brainse do Roinn Oideachais na Stáit Aontaithe, An Coimisiún um Malartú Oideachasúil, deontais dóibh siúd atá ag staidéar na Gaeilge sna Stáit Aontaithe. Má tá ar a laghad bliain caite acu á dhéanamh is féidir leo costais an chúrsa agus lóistín a fháil ar ais (níl costas taistil san áireamh faraor nó b'fhéidir go mbeadh an 100,000 thuasluaite ar a mbealach anseo cheana féin) agus iad ag freastal ar chúrsaí anseo in Éirinn.

An bhliain seo caite, tháinig daoine ó Nebraska, Ohio agus Texas go hÉirinn chun snas a chur ar a gcuid Gaeilge agus i mbliana táthar tar éis béim a chur ar mhúinteoirí Gaeilge i Meiriceá a mhealladh anseo chun dianstaidéar a dhéanamh agus a gcuid eolais a thabhairt abhaile go Meiriceá ina dhiaidh sin.

Dhá cheist a thagann as seo ar fad domsa. Ar an gcéad dul síos, cén fáth go mbeadh an oiread sin dúil ag daoine an stró a chur orthu féin Gaeilge a fhoghlaim agus ansin, b'fhéidir, an Ghaelscoil sin a luaigh mé níos luaithe a bhunú? An é go bhfuil rud éigin ionainn ar fad, Éireannaigh, Spáinnigh, Giúdaigh, gach duine againn go bhfuil fonn orainn a theacht i gcónaí ar ár gcuid fréamhacha?

An dara rud, má tá an Ghaeilge 'marbh' de réir daoine cosúil le Kevin Myers agus roinnt bheag daoine eile a scríobhann litreacha ag na nuachtáin náisiúnta, cén fáth go bhfuil daoine i Meiriceá, atá faoi na ngnáthbhrúnna maireachtála a bhíonn ar gach teaghlach ar domhan, ag iarraidh Gaelscoileanna, ranganna Gaeilge, cláir Ghaeilge, cultúr na hÉireann - an t-iomlán - a chur chun cinn agus gan faic le fáil as dóibh ach an pléisiúr ann fhéin? Níl Myers tar éis fogha a thabhairt faoin nGaeilge le tamall anuas ach le teacht an fhómhair agus torthaí na hArdteiste againn i lár na míosa seo chugainn, bí cinnte go 'gcruthóidh' sé do Myers agus a chineál, go bhfuil an Ghaeilge marbh (arís).

An é go bhfuil an saol i bhfad níos éasca a thuiscint nuair a bhíonn duine sásta agus fonnmhar a bheith aineolach.

I MEASC AN PHOBAIL

Páistí agus na múinteoirí as Campaí an Náis, Bhaile na Manach agus Thamhlachta ag campaí Ógrais i gCúige Laighean agus iad ar chuairt go Páirc an Chrócaigh.

Joe Mangan ag bronnadh gradam Pearsa Club na Bliana ar Sheán Mac Laifeartaigh ag dinnéar bliantúil Chumann Sacair Ghleann Átha Aontaithe in Óstán Loch Altán, Gort an Choirce, Tír Chonaill oíche Aoine seo caite. [PIC. TOMÁS Ó CUIREÁIN]

Martin Hayes ar an bhfidil agus Denis Cahill ag seinm sa Phuball Siamsaíochta san Global Village mar chuid d'imeachtaí 'Lá Gaelach' ag Rás Aigéin Volvo. [PIC: SEÁN Ó MAINNÍN]

Myles Mac Donnchadha ag déanamh taifead raidió i Siopa an Phobail mar chuid den champa cumarsáide atá á reáchtáil ag Comharchumann Shailearna agus an Crann Taca in Indreabhán.

Tomás Ó Fallúin agus Máirtín Tom Sheáinín ag Rás Aigéin Volvo i nGaillimh an tseachtain seo caite.

Ba bhreá linn pictiúir leatsa in Gaelscéal agus ar ár suíomh idirlín. Má tá ócáid nó imeacht pobail nó sóisialta ar siúl agat, is féidir grianghraif de a sheoladh chugainn ag pic@gaelsceal.ie Ní mór go mbeadh caighdeán réasúnta sna pictiúir agus cead faighte agat iad a fhoilsiú ó na daoine atá le feiceáil iontu. Cuirfidh muid na cinn is fearr i gcló anseo agus ar www.gaelsceal.ie

BEO ARÍS i gCroí Chaisleán an Bharraigh, An Comhairleoir Thérèse Ruane agus an Méara nua Breandán Ó Éineacháin, Stiúrthóirí Gnó Mhaigh Eo in éineacht leis an bPríomhfheidhmeannach Anna Ní Chárthaigh, urraitheoirí ar an Tóraíocht Taisce 'Labhair Gaeilge Liom!'.

Aislinn Cox i mbun voxpops i Siopa an Phobail mar chuid den champa cumarsáide atá á reáchtáil ag Comharchumann Shailearna agus an Crann Taca in Indreabhán. Tá an campa coicíse ar siúl i Seanscoil Sailearna agus tugann sé deis do ghasúir scileanna teilifíse, raidió, iriseoireachta agus ríomhaireachta a chleachtadh.

An grúpa 'Crann Óg' as Gaoth Dobhair, Tír Chonaill, ar an Stáitse Lasmuigh, a bhí ar siúl sa Phuball Siamsaíochta, 'Global Village' mar chuid d'imeachtaí 'Lá Gaelach' ag Rás Aigéin Volvo.
[PIC: SEÁN Ó MAINNÍN]

An Tanaiste, Eamon Gilmore, ag tabhairt cuairt ar sheastán Ionad Oidhreachta ag Rás Aigéin Volvo an tseachtain seo caite. Tá na leaids óga sa phictiúir faoi theagasc Jim agus Conall Horgan ag tógáil múnlaí de bháid bheaga. Tá múnla de húicéir curtha ar raifil chun airgead a bhailiú don Ionad Oidhreachta

Liadan Ceanny ag drumadóireacht mar chuid den champa cumarsáide atá á reáchtáil ag Comharchumann Shailearna agus an Crann Taca in Indreabhán.

NUACHT RÉIGIÚNACH

CONNACHTA NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Conamara

"Fáilte" an Chlocháin roimh Mhéara

Máirtín Ó Catháin

STÁITSE poiblí, ceol agus óráidí. Bhí chuile shórt in eagar le fáilte chroíúil a chur roimh Mhéara nua Chontae na Gaillimh, Thomas Welby an bhaile mhóir, sa gClochán. B'shin an tseachtain seo caite Agus b'iad Cumann Tráchtála an Chlocháin agus Chonamara a bhí i mbun an tsearmanais fáiltithe. Ach ní cosúil go raibh an pobal spreagtha suas le dhul ag ceiliúradh.

Slua an-bheag daoine a bhí ann agus is beag de chomhluadar a bhí ag na cainteoirí ar an stáitse.

Ceaptar freisin nár scaipeadh an scéala go maith; bhí roinnt daoine ag rá an tseachtain seo nach raibh a fhios acu go raibh a leithéid d'ócáid beartaithe ar chor ar bith.

Bhíothas ag tabhairt poiblíochta don ócáid mar fháilte roimh an chéad Mhéara as Conamara ar Chontae na Gaillimhe, ach, dháiríre, níl sa Méara acu teideal eile ar chathaoirleacht na Comhairle Contae. Is é an dualgas céanna atá i gceist.

Ní mhaireann an tréimhse ach bliain amháin. Bhí na Comhairleoirí seo leanas as Conamara ina gCathaoirligh ar Chomhairle Contae na Gaillimhe ó aimsir na 1980óidí: John M. Mannion as an gClochán, Micheál Ó Móráin as Carna agus Connie Ní Fhátharta as an gCeathrú Rua in 1999 - an duine deireannach as Conamara a raibh ceannas polaitiúil aice ar an gComhairle Contae.

Oíche cheiliúrtha Samuel Beckett i Leabharlann na Ceathrún Rua

BEIDH an dráma gearr 'Teacht agus Imeacht' a d'aistrigh Gabriel Rosenstock go Gaeilge ón dráma 'Come and Go' le Samuel Beckett á léiriú i Leabharlann na Ceathrún Rua ar an Déardaoin 19 Iúil ag a 8.00 i.n. mar chuid de Cheiliúradh Samuel Beckett. Beidh beagán próis as Gaeilge agus Béarla, filíocht agus dráma eile de chuid Beckett á léiriú ar an oíche freisin. Leanfaidh an ceiliúradh seo, atá ag fáil tacaíochta ó Chomhairle Contae na Gaillimhe, Foras na Gaeilge agus Ionad Eolais Choimisiún na hEorpa, ócáid ag a mbronnfaidh Agnes Touhy, atá ina cónaí I gConamara le blianta fada, ceanndealbh de Samuel Beckett ar an Leabharlann.

D'éirigh go hiontach leis an gcomhlacht 'Mouth of Fire' lena léiriú in Amharclann Focus i mBaile Átha Cliath le gairid agus tá an-áthas orthu a bheith á léiriú seo i nGaeltacht na Gaillimhe. Beidh na haisteoirí Geraldine Plunkett (RTÉ Glenroe) Jennifer Laverty, Melissa Nolan, Peadar Lamb, Marcus Lamb agus Gabriel Rosenstock i láthair ar an oíche.

Árainn

Na mílte euro d'fhíneálacha buailte ar thiománaithe busanna i gCill Rónáin anois

Máirtín Ó Catháin

D'FHÉADFADH cuid mhaith de €2,000 a bheith le n-íoc anois ag roinnt de lucht busanna Inis Mór de bharr a bhfuil de thicéid tráchta eisithe ag an gComhairle Contae i gceantar an chalafoirt i gCill Rónáin.

Tá maortha tráchta na Comhairle Contae ag eisiúint na dticéad ó thús an Aibreáin; ceaptar go bhfuil go maith os cionn 100 ticéad tugtha amach faoin am seo. Níl cuid de lucht na mbusanna in Inis Mór sásta glacadh leis na rialacha nua a chuireann cosc orthu ó dhul síos thar teorainn sa tóir ar phaisinéirí a thagann isteach ar na báid farantóireachta. Tá lucht na mbusanna atá in aghaidh na rialacha agus na dteorainneacha nua ag rá go bhfuil siadsan ag dul síos chuig na báid le fada an lá; tá siad den bharúil go bhfuil an córas nua mhífhéaráilte.

Ceaptar go mbeidh na chéad chásanna a bhaineann leis na rialacha nua tráchta ag calafort Chill Rónáin ag teacht os comhair na Cúirte Dúiche sa bhFómhar. Beidh an chéad suí eile den Chúirt Dhúiche in Inis Mór i mí Mheán Fómhair.

Maor pobail na Comhairle Contae a bhíodh ag eisiúint na dticéad ar feadh scaitheamh ach tá lámh ag na Gardaí sa scéal anois freisin. Tuigtear go bhfuil na Gardaí ag tógáil ainmneacha tiománaithe atá ag sárú na rialacha agus na dteorainneacha nua. €75 an fhíneáil atá ar shárú ar fhodhlíthe an chalafoirt. Ach tuigtear go bhfuil 5 thicéid sa lá faighte ag cuid de na tiománaithe atá ag sárú na dteorainneacha. Tá seo ag tarlú lá i ndiaidh lae i gcásanna áiríthe. Tá roinnt seachtainí ag duine leis na fíneálacha seo a íoc. Ach tá fíneálacha a bhaineann leis an dlí tráchta bóthair á ngearradh ar dhaoine eile freisin; bhainfeadh siad sin den chuid is mó le páirceáil mídhleathach. €40 an fhíneáil i gcás mar sin ach cuirtear €20 eile leis mura n-íoctar é taobh istigh de 28 lá.

Mura bhfuil fíneálacha tráchta bóthair íoctha taobh istigh de 56 lá is féidir duine a thabhairt chun cúirte faoi. Roinnt seachtainí atá i gceist más sárú ar rialacha calafoirt a bhoinn i gceist.

Dúirt foinsí sa gComhairle Contae go bhfuil formhór na ndaoine a bhfuil busanna acu ar Inis Mór ag glacadh leis na rialacha nua ach tá an dream atá ina aghaidh na rialacha nua daingean in ndearca go bhfuil an córas nua mhíchóir.

Iolair i gConamara – den chéad uair le breis agus 100 bliain

Máirtín Ó Catháin

TÁ dhá iolar i gConamara faoi láthair. Dheimhnigh foinsí sa tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra go bhfuil na héanacha maorga seo ag cuir fúthu sna sléibhte idir Cloch na Rón agus Baile Conaola. Le cúpla seachtain a chas an dá iolar an bealach agus ceaptar gur as ceantar Bhaile Uí Bheoláin i gContae an Chláir a thángadar. Níl an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra ag tabhairt mórán eolais don phobal faoi theacht na n-iolar go Conamara, an chéad uair ar leag iolair cois i gConamara le 100 bliain de réir na gcuntas stairiúla.

Ceaptar go bhfuil an rúndacht seo ann de bharr eachtraí a thárla le gairid nuair a fuarthas iolair maraithe i nDún na nGall agus i gContae Mhaigh Eo. Bhí nimh tógtha ag an iolar a fuarthas gar do Loch Bhéal Trá i Maigh Eo agus é caite le gunna freisin. Is cuid de na héanacha iad an péire atá i gConamara d'iolair an eireabaill bháin a tugadh isteach sa bPáirc Náisiúnta i gCill Áirne in 2007. Tosaíodh Clár 5 bhliana an uair sin leis an iolar a thabhairt ar ais go hÉirinn. Bhíodh go leor acu sa tír i bhfad siar sa stair - go háiríthe i gcontaetha an iarthair - ach d'imíodar i léig de réir a chéile sa 19ú haois dé bharr ar dearnadh d'fhiach orthu.

Nuair a mhéadaigh na hiolair bheaga roinnt sa bPáirc Náisiúnta i gCill Áirne scaoileadh leo agus tuairiscíodh anuraidh go raibh bunáit ag cuid acu i mBaile Uí Bheoláin agus iad ar gor ann freisin. Tuigtear gur as sin a tháinig péire acu go Conamara. Is féidir cúrsa na n-iolar a leanacht mar go bhfuil deiseanna cumarsáide feistithe iontu. An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus Cumann na nIolar in Éirinn atá ag stiúrú an tionscnaimh.

Tuairiscítear go bhfuil leithead 3 mhéadar (tuairim 10 dtroithe) i sciatháin na n-iolar atá ar na sléibhte idir Cloch na Rón agus Baile Conaola nuair a éirionn siad ag eitilt. Ach bheadh aimsir ag duine agus a theacht orthu ag eitilt sna mílte heicteár sléibhe a bhfuil idir mhoingeanna, cnocáin agus cnoic ann. Ceaptar go dtarraingeodh na hiolair tuilleadh cuairteoirí go Conamara dá gcuirfeadh siad fúthu sa gceantar agus dá mbeadh ál acu. Tá na hiolair níos flúirsí ar chóstaí na hAlbain agus téann na mílte go roinnt áiteacha ansin le súil agus go bhfaighidís amharc orthu.

Lucht campa samhraidh Chora Finne-Baile an Doire de chuid Chonradh na Gaeilge tar éis cuairt a thabhairt ar imeachtaí 'Lá Gaelach' a bhí ar siúl sa Phuball Siamsaíochta san Global Village mar chuid d'imeachtaí Rás Aigéin Volvo.

[PIC: SEÁN Ó MAINNÍN]

Cathair na Gaillimhe

Gradam an Chladaigh do George Mitchell

Máirtín Ó Catháin

DON Seanadóir George Mitchell a thabharfar príomhghradam an phobail Éireannaigh i Maine i mbliana - an "Claddagh Award". D'fhógair an Fhondúireacht atá i bhfeighil Ionad Cultúrtha na nGael i bPortland go mbronnfaí an gradam ar an Seanadóir Mitchell ag ócáid i mí Dheireadh Fómhair. De bhunú na hÉireann, ar thaobh a athar, é Mitchell a bhí ina Sheanadóir thar cheann Stát Maine i Washington ó 1980 go dtí 1995. In imeacht na mblianta sin bhí George Mitchell ar dhuine de na polaiteoirí ba chumhachtaí i dTithe na Comhdhála; ba é a bhí ina cheannaire ar na Daonlathaigh idir 1989 agus 1995 tráth a raibh ceannas acu ar an Seanad.

Ar ndóigh, b'fhearr aithne air in Éirinn de bharr a chuid oibre mar thoscaire speisialta Mheiriceá go Tuaisceart Éireann agus bhí lámh anmhór aige i ndréachtadh shocrú Aoine an Chéasta in 1998.

Is de bhunú Chonamara cuid mhaith acu siúd atá gníomhach sa bhFondúireacht i bPortland. Chuaigh cuimse daoine as an taobh sin tíre - Cois Fharraige, Cor na Móna agus Carna go háiríthe - go Portland san aimsir a caitheadh. Tarlaíonn sé go bhfuil duine de shliocht mhuintir Chonamara - Michael Brennan - ina Mhéara ar Phortland anois. Ba as Inis Ní a mháthair mhór agus is cosúil go raibh ceangal ag muintir a athar le Carna.

Tá an tOllamh Michael Connolly (de bhunú Charna) agus Máirín Coyne (de bhunú an Oileáin Iarthaigh) ar chuid de na daoine atá ag coinneáil bratach na hÉireann ar foluain sa Stát.

Chomh maith leo sin, ar ndóigh, tá an Seanadóir Margaret Craven, arbh as Leitir Ard i gCarna ó dhúchas di, ina Seanadóir i bPáirlimint an Stáit i Maine.

Dúirt an tOllamh Connolly an tseachtain seo go mb'iontach na héachtaí a rinne George Mitchell ag éirí aníos dó. "D'éirigh leis a bhealach a dhéanamh isteach in Ollscoil Bowdoin de bharr scoláireachtaí agus meabhair chinn," arsa Connolly.

Tá cor eile sa scéal a bhaineann le Conamara sa méid agus go bhfuair George Mitchell an ceann is fearr ar Joseph Brennan san iomaíocht leis an bhfód a sheasamh thar cheann na nDaonlathach sa toghchán do Ghobharnóir an Stáit in 1974, cé nár éirigh le Mitchell sa toghchán fhéin.

Sé bliana ina dhiaidh sin, d'éirigh Edmund Muskie, duine de Sheanadóirí Mhaine as an bpost sin nuair a ceapadh é ina Rúnaí Stáit i Washington. Thárla sé gurb é Joseph Brennan a bhí ina Ghobharnóir ar Maine faoin am sin - an fear a chaill san iomaíocht in aghaidh Mitchell in 1974. Ba as Carna máthair Bhrennan.

San am sin ba ag an nGobharnóir a bhí an chumhacht duine a ainmniú sa gcás agus go raibh folúntas Seanaid i Washington, rud a bhí tarlaithe de bharr ardú céime a bheith faighte ag Muskie. Shocraigh an Gobharnóir Brennan gur ag George Mitchell a bheadh an post.

Beidh an t-iarGhobharnóir Brennan ar dhuine acu siúd a bheidh ag an ócáid nuair a thabharfar Gradam an Chladaigh (The Claddagh Award) don Seanadóir Mitchell. Tá George Mitchell gníomhach in imeachtaí poiblí agus i gcúrsaí gnó i gcónaí. Beidh sé ceithre scór blianta d'aois an chéad bhliain eile.

Maigh Eo

Tóraíocht Taisce i gCaisleán an Bharraigh

TÁ Gnó Mhaigh Eo agus Coiste Chroí Chaisleán an Bharraigh ag reáchtáil Tóraíocht Taisce as Gaeilge Dé Sathairn, 21 Iúil. Tá sé seo mar chuid den fheachtas 'Labhair Gaeilge Liom' atá ag Gnó Mhaigh Eo.

Orla Leavy (12) ón ngrúpa Cheoltóirí Óga Charna ag fonnadóireachta sa Phuball Siamsaíochta, san Global Village , Déardaoin. Bhí an ceolchoirm mar chuid d'imeachtaí 'Lá Gaelach' Rás Aigéin Volvo. [PIC: SEÁN Ó MAINNÍN]

Tá cuireadh tugtha do gach gnó i gCaisleán an Bharraigh páirt a ghlacadh ann. An sprioc atá leis an Tóraíocht Taisce seo ná daoine a spreagadh chun a theacht go Caisleán an Bharraigh agus deis a thabhairt dóibh cibé Gaeilge atá acu a úsáid agus a chleachtadh. Beidh dearbháin agus lascaine siopadóireachta le buachan ar an lá.

Caithfidh gach gnó a bheidh páirteach baill foirne a ainmniú chun an suaitheantas 'Labhair Gaeilge Liom' a chaitheamh. Tiocfaidh na hiomaitheoirí isteach go dtí na siopaí agus caithfidh siad labhairt trí Ghaeilge leis na baill foirne seo chun na freagraí a fháil.

Tá Gnó Mhaigh Eo ag súil go nglacfaidh 30 gnó ar a laghad páirt san imeacht. Samhlaigh an duaischiste dá gcuirfeadh gach gnó i gCaisleán an Bharraigh €20 an ceann isteach sa phota.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ag gno@gnomhaigheo.ie, 098 26555.

D'éinne ar mhaith leo an comórtas a dhéanamh ar an lá beidh na leathanaigh iontrála ar fáil le bailiú ón Ionad Turasóireachta ar Sráid Halla an Línéadaigh/Cumann Trádála Chaisleán an Bharraigh.

"Don duine a bhfeiceann é seo agus a cheapann nach féidir leo é a dhéanamh mar gheall nach bhfuil siad líofa go leor nó gur fuath leo an Ghaeilge, b'fhiú dóibh triail a bhaint as ar feadh lá amháin," arsa Anna Ní Chárthaigh ó Ghnó Mhaigh Eo.

"Níl uainn ach daoine a spreagadh chun a bheith linn ar an lá agus craic a bheith acu agus iad ag úsáid cibé Gaeilge atá acu. Fiú dá ndéarfadh gach duine 'Go raibh maith agat', 'Le do Thoil', 'Tar Isteach', 'Slán Leat' nó 'Tá Fáilte Romhat' don lá, nach dul chun cinn iontach a mbeadh ansin!

"Bheadh ionadh ort an méid frásaí simplí i nGaeilge atá ag daoine a deir nach bhfuil aon Ghaeilge acu. Tá sí faoi ghlas i gcloigeann na ndaoine ach thiocfadh sí ar ais le cleachtadh."

Plean na Gaeltachta faoi bhráid Comhairleoirí Contae

Máirtín Ó Catháin

TIOCFAIDH na leasuithe atá le déanamh ar Phlean Ghaeltacht na Gaillimhe os comhair Chomhairleoirí Contae Chonamara seachtain ó inniu, an t-ochtú lá déag de Iúil. Tuigtear nach bhfuil bainistíocht ná feidhmeannaigh Chomhairle Contae na Gaillimhe ag iarraidh mórán d'athrú a dhéanamh. San am céanna d'fhéadfadh na leasuithe atá ag teastáil tuilleadh srianta agus tuilleadh costais a chur ar chead pleanála. Is é an Plean Gaeltachta 2008-2014 atá i bhfeidhm faoi láthair. Den chuid is mo, táthar ag leasú an Phlean sa gcaoi agus go mbeidh sé ag teacht leis an bPlean Réigiúnach do chontaetha an iarthair. Faoi scáth an Údaráis Fhorbartha Réigiúnaigh a réitítear an Plean sin; ionadaithe as Comhairlí Contae Mhaigh Eo, Ros Comáin agus na Gaillimhe atá ar an údarás sin. Go minic bíonn an Plean sin ginearálta go maith. Lena chois sin, cuirfear roinnt athruithe ar na meastacháin ar an líon tithe atá le tógáil i gceantracha éagsúla. Ach d'fhéadfadh leasuithe a bhaineann le ceantracha a mbeadh baol fuarlaigh iontu a bheith ar an gcuid is casta den obair. Cé gurb é oirthear na Gaillimhe is mo atá luaite le fadhbanna fuarlaigh, tá roinnt áiteacha i gConamara agus sa nGaeltacht sa mbád céanna. Tá na ceantracha seo aitheanta ag Oifig na nOibreacha Poiblí sa staidéar atá déanta acu.

Má tá na pleanálaithe den tuairim go bhféadfadh suíomh a bheith i gceantar a dtiocfadh fuarlach ann caithfear staidéar eolaíochta a dhéanamh ann agus tuarascáil a chur ar fáil ar chostas an iarrthóra. Tá seo tarlaithe le scaitheamh anuas i Ros Muc agus sa gClochán, ina bhfuil cúrsaí farraige i gceist. Cosnaíonn an tuarascáil tuairim agus €1,300. Tuigtear gur ghlac an Chomhairle Contae leis an tuarascáil i gcás an Chlocháin. Níl a fhios fós cén deireadh a bheidh ag cás Ros Muc. Tá marcanna ar na spotaí ar léarscáileanna atá ag Oifig na nOibreacha Poiblí a thugann léargas ar cheantar a bheadh i mbaol. Glacann an Oifig sin leis nach gá go mbeadh siad díreach ar an spota ceart ach má tá marc acu in aice suímh cuirfear caidéis air. Ciallaíonn sin costas trom breise chomh maith leis na costais eile a bhaineann le hiarratais phleanála i gConamara.

Ach a mbeidh glacadh ag Comhairleoirí Chonamara leis na leasuithe, cuirfear an cháipéis ar aghaidh chuig cruinniú iomlán den Chomhairle Contae agus déanfar socrú go gcuirfear amach ar taispeáint é go poiblí. Beidh sé roinnt míonna sula mbeidh deireadh leis an obair seo uilig agus vóta caite ar na leasuithe ag Comhairleoirí Chonamara.

LAIGHIN NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Cosc ar ghual toiteach i mbailte Laighean

TÁ cosc le cur ar 'ghual toiteach' i sé bhaile i gCúige Laighean ó mhí na Bealtaine 2013.

Leathnaigh an tAire Comhshaol, Phil Hogan, Dé Luain, an cosc atá i bhfeidhm i gCathair Bhaile Átha Cliath go dtí an contae ar fad.

Bhí cosc ar úsáid an bhreosla i rith an gheimhridh in 20 cathair agus baile cheana féin. Bheartaigh an tAire níos mó bailte a chur ar an liosta, bunaithe ar thorthaí Dhaonáireamh 2011.

Tá baile amháin i gCúige Uladh, Leitir Ceanainn i nDún na nGall, mar aon le sé cinn i gCúige Laighean; an Muileann gCearr, an Droichead Nua, an Uaimh, Port Laoise, Baile Chill Mhantáin agus na Clocha Liatha.

"Léiríonn taighde laghdaigh líon na ndaoine a bhásaigh de 350 agus gur laghdaíodh costais bhreosla tomhaltóra €184 milliún in aghaidh na bliana de bharr an choisc ar ghual toiteach a cuireadh I bhfeidhm in 1990," arsa an tAire.

Rinne an cosc laghdú ar thruailliú aeir agus chuir sé go mór le sláinte, leis an gcomhshaol agus le caighdeán maireachtála sna bailte a bhí i gceist, ar seisean.

Mhaígh an tAire go raibh breoslaí gan toit níos saoire agus níos éifeachtaí ó thaobh teasa de ná gual toiteach. Dúirt sé, áfach, nach raibh sé i gceist aige cosc a chur ar ghual biotúmanach ar fud na Poblachta.

"Bheadh sé deacair cosc náisiúnta a chur i bhfeidhm, ach go háirithe toisc go bhfuil gual toiteach ar fáil go forleathan i dTuaisceart Éireann," ar seisean. Dúirt sé go raibh sé ag lorg tuilleadh comhoibrithe leis an Aire Comhshaol ó Thuaidh, Alex Attwood, faoin gceist seo. *CÓB*.

Ceatharlach

Tithe ar ceant ar €2,380 an ceann

TÁ eastáit tithíochta sa Tulach le 63 teach le cur ar ceant ar €150,000 san

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 11 Iúil, 2012

Fadhbanna airgeadais ag Moore Abbey

Colm Ó Broin

TÁ cainteanna ar bun idir na ceardchumainn agus an bhainistíocht maidir le fadhbanna airgeadais in ionad cúram do dhaoine le míchumas intleachtúil i Mainistir Eimhín.

Sceitheadh comhfhreagras chuig na meáin le déanaí a thug le fios go raibh easnamh de €995,000 ag Moore Abbey, ionad atá faoi stiúir Fhondúireacht Mhuiríosa, nó Siúracha Carthanachta Íosa agus Mhuire mar a thugtaí air tráth.

Ardóidh an t-easnamh go €1.5 milliún roimh dheireadh na bliana mura ngearrtar caiteachas, de réir Phríomhfheidhmeannach na fondúireachta, Brendan Broderick.

De réir an chomhfhreagrais, tá baol ann nach mbeidh an fhondúireacht in ann tuarastal na n-oibrithe sna hionaid éagsúla atá acu a íoc idir Meán Fómhair agus deireadh na bliana. Dúradh chomh maith gur ar éigin go raibh siad in ann tuarastal a íoc le déanaí agus go mbeadh orthu athruithe a chur i bhfeidhm go hanluath chun an fhadhb a réiteach.

Árasáin 'The Laurels' i nDún Droma i ndeiseart Bhaile Átha Cliath.
GRIANGHRAF: MARK STEDMAN/PHOTOCALL IRELAND.

Cuireann an fhondúireacht cúram ar fáil do 500 duine fásta agus 700 páiste in ionaid éagsúla i gCill Dara, i Laois, in Uíbh Fhailí, san Iarmhí, sa Mhí agus sa Longfort. Faigheann siad maoiniú ó Fheidhmeannach na Seirbhíse Sláinte. Dúirt Brendan Broderick le Gaelscéal go raibh siad faoi bhrú aisteach ó thaobh cúrsaí airgeadais de. Gearradh maoiniú na fondúireachta 3.7% i mbliana agus tá sé tite 14% ó 2008, ar seisean.

Dúirt sé go raibh deacrachtaí acu tuarastal a íoc le déanaí de bharr róchaiteachais agus íocaíocht cnapshuime de €650,000 a tugadh d'fhostaithe a ghlac le tairiscint iomarcaíochta ón FSS.

Tá 670 duine fostaithe ag an bhfondúireacht, 120 acu in Moore Abbey. Tá an fhondúireacht clúdaithe faoi Chomhaontú Pháirc an Chrócaigh, rud a chiallaíonn nach féidir líon na n-oibrithe buan nó a gcuid tuarastal a laghdú.

Tá suas le 40% den fhoireann earcaithe go sealadach ó ghníomhaireachtaí agus beidh an fhondúireacht ag iarraidh líon na n-oibrithe sin a laghdú.

Tá siad ag beartú caiteachas a ísliú trí líon na n-oibrithe atá earcaithe acu ó ghníomhaireachtaí a laghdú roimh dheireadh na bliana. Beidh siad ag cur níos mó othar chuig teaghlaigh a chuireann cúram faoisimh ar fáil do dhaoine le míchumas intleachtúil seachas chuig tithe faoisimh ina bhfuil cúramóirí gairmiúla i mbun oibre.

Eastát Glendale sa Tulach, Contae Ceatharlach, atá ar ceant inniu. Tá praghas forchoiméadta €150,000 ar an eastát.

iomlán inniu. Sin €2,380 an ceann ar gach teach atá in Eastáit Glendale ar Bhóthar Shíol Éalaigh. Níl gach teach acu críochnaithe ansin, áfach, agus tá 58 suíomh do thithe eile mar chuid den tairiscint don láthair 14 acra a chuirfear ar ceant.

Fuarthas cead pleanála le haghaidh 149 aonad cónaitheach , sráidbhaile scoir agus teach altranais le 60 leaba ar an suíomh seo.

Tá Teach Altranais Glendale ag feidhmiú anois ach níl sé mar chuid den cheant.

Deir na ceantálaithe, DNG McCormack Properties, gur tithe dhá sheomra leapa atá iontu ach mhaígh siad gur féidir iad a athrú go tithe trí sheomraí leapa gan mórán stró. *CÓB*.

Baile Átha Cliath
Céad pleanála do chréamatóiriam diúltaithe

DHIÚLTAIGH An Bord Pleanála cead pleanála a thabhairt le gairid chun reilig agus créamatóiriam a thógáil ag Cill Tiarnáin, ar imeall Shléibhte Bhaile Átha Cliath.

Tharla sin i ndiaidh do Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Rath an Dúin cead pleanála a dhiúltú chomh maith. Bhí An Taisce orthu siúd a rinne aighneachtaí in éadán na forbartha.

Dhiúltaigh cigire an Bhoird don iarrtas ar an mbonn nach raibh criosú déanta fána choinne, gur ceantar tuaithe é agus mar sin nach raibh sé oiriúnach, go raibh an bóthar chuig an suíomh cúng, go mbeadh simléir an chréamatóiriam rófheiceálach, agus go mbeadh sé ina bhagairt don tsláinte phoiblí de bharr na talún atá san áit.

Dhá chomhlacht a chur isteach ar an bhforbairt, Hantise agus Ashman Properties. *AMC*.

Cill Dara
Caisleán an Fhaoitigh díolta ar €195,000

DÍOLADH Caisleán an Fhaoitigh i mBaile Átha Í ar €195,000 an tseachtain seo caite. Bhí praghas forchoimeádta de €50,000 ar an gcaisleán ach díoladh é ar bheagnach ceithre oiread an phraghas sin.

Bhí grúpaí áitiúla ag iarraidh go nglacfadh Oifig na nOibreacha Poiblí, nó áisíneachta stáit eile, seilbh ar an gcaisleán ionas go bhféadfaí é a fhorbairt mar áis thurasóireachta ach tuigtear gur ceannaitheoir príobháideach a chaith an €195,000.

Cheannaigh fear gnó áitiúl, Gabriel Dooley, an foirgneamh iomráiteach ar €1.2 milliún in 2005.

Rinne an Chorparáid Éireannach um Réiteach Banc, nó an Banc Angla-Éireannach mar a bhíodh air, glacadóir a cheapadh ar an gcomhlacht infheistíochta a úsáideadh chun an caisleán a cheannach anuraidh.

Dúirt an tUasal Dooley go raibh sé chun iarracht dlíthiúil a dhéanamh an ceant a stopadh ach reáchtáladh é in Óstán an Shelbourne Dé hAoine seo caite. *CÓB*.

Eilifint nua sa Zú: Tháinig eilifint nua fireann, Upali (ar clé) go Zú Bhaile Átha Cliath an tseachtain seo. Tá Upali (17) in éineacht le péire eile, Anka (5) agus Asha (7). Táthar ag súil go bpóróidh sé le heilifintí baineanna sa zú.
GRIANGHRAF: MARK STEDMAN/PHOTOCALL IRELAND.

Ceartúchán

DÚRADH in alt an tseachtain seo caite go raibh cúrsa Gaeilge atá á reáchtáil ag COGG agus Gaelchultúr i mBaile Átha an Rí i nGaillimh i mí Lúnasa dírithe ar bhunmhúinteoirí. Is ar mhúinteoirí iar-bhunscoile atá sé dírithe.

Baol dóiteáin le foirgneamh eile a thóg Pierse

Colm Ó Broin

TÁTHAR chun tionóntaí a bhogadh ó bhloc árasán i ndeisceart Bhaile Átha Cliath de bharr baol dóiteáin san fhoirgneamh.

Sin iad na tionóntaí ó 'The Laurels', bloc árasán atá suite in aice le hIonad Siopadóireachta Dhún Droma.

Bheartaigh glacadóirí an fhoirgneamh, KPMG, na tionóntaí a aistriú fad is atá fadhbanna sna hárasáin á ndeisiú thar thréimhse trí mhí. Deir siad go n-íocfar as lóistín do na dtionóntaí idir an dá linn.

Thóg Pierse Construction an fhoirgneamh in 2007 ach leachtaíodh an comhlacht tógála ó shin i leith.

Nochtaigh Gaelscéal níos luaithe i mbliana go bhfuil fadhbanna dóiteáin i bhfoirgneamh eile a thóg Pierse Construction, an tAonad Duánach Cairdiach in Ospidéal na hOllscoile, Chorcaigh.

D'oscail an t-iarThaoiseach, Brian Cowen, an t-aonad ar an 22 Deireadh Fómhair 2010 ar chostas €85 milliún.

Bhí a fhios ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte go raibh fadhbanna le doirse dóiteáin ansin nuair a osclaíodh é, agus níor deisíodh na doirse ó shin i leith. I litir chuig an FSS, dúirt David King, Oifigeach Coiscthe Dóiteán le Comhairle Chathair Chorcaí, go raibh na doirse dóiteáin (a stopanna tinte ag bogadh ó sheomra go seomra san fhoirgneamh) 'criticiúil' i straitéis sabháilteachta an ospidéil.

MUMHAIN NUACHT



Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Corca Dhuibhne

Neart á phlé ag Tionól na Gaeltachta

Breandán Mac Gearailt

NÍ raibh mórán cúis gearáin faoin aimsir acu siúd a bhí ag freastal ar an Tionól Gaeltachta de chuid Chonradh na Gaeilge i gCorca Dhuibhne an tseachtain seo caite. "Fiú is go raibh báisteach ann maidin Dé Sathairn agus oíche Dé hAoine is beag a chuir san isteach ar ócáid shólásach," arsa Pádraig Mac Fhearghusa.

Le linn do a bheith ag seoladh an Tionóil sa Mhúsaem ar an mBuailtín, dúirt Uachtarán an Chonartha, Donncha Ó hAodha, gurb iad lucht na Gaeilge an t-aon dream riamh go bhféadfá braith orthu seasamh lena muintir féin. Dar leis go mba dhaoine líofa nó bainteach le Gaeilge a dhein aon ghaiscí gur fiú trácht riamh orthu i stair na hÉireann. Sampla dó sin ab ea Tomás Daibhís agus as san go dtí an Chraoibhinn.

Ar an Aoine, bhí an aimsir fé don scata mór a thug an Blascaod Mór orthuféin agus más fíor dóibh, bhí an-lá acu. Chuaigh roinnt eile timpeall Chorca Dhuibhne go Gallaras, Cill Maoilchéadair, Cuas an Bhodaigh agus Ceann Sléibhe. Oíche Dé hAoine bhí seimineár ar an ábhar, 'Raidió na Gaeltachta 1972-2012'. I láthair don ócáid bhí Edel Ní Churráin, Ceannaire Raidió na Gaeltachta.

Labhair Edel faoin réimse leathan cláracha, ó spórt, an óige, ceol agus an iliomad ábhar eile a bhí idir lámha ag an Raidió. Thagair sí don bheartas gur ó aon fhoinse amhain a bheadh an nuacht naisiúnta ag teacht agus thaispeáin sí giotaí faoi thús an stáisiúin agus faoi chomóradh daichead bliain ar an aer.

Bhí an Conraitheoir, an léachtóir agus Iaruachtarán an Chonartha, Íte Ní Chionnaith ó Bhaile Átha Cliath ag caint chomh maith agus mheas sí go mbeadh ar an bpobal Gaelach a bheith coitianta san airdeall ar eagla go gcuirfí ciorruithe gan stuaim ar an tseirbhís nó an córas a scrios i measc scata eile ciorruithe. Dar léi gur cheart go mbeadh lucht na Gaeilge agus na Gaeltachta níos treise ina seasamh ar shon a gcearta, agus an Raidió ar cheann de na príomhchinn acu sin.

Dúradh go mba cheart 'cúinne beag', a bheith i sceideal an Raidió le tabhairt ar dhaoine 'drochbhéasa Gaeilge' a chaitheamh i dtraipisí. Luadh fadhbanna gan chrích a bhí ag sleamhnú isteach i gcaint chuid de na Gaeltachtaí mar, ' máthair léi', 'gearradh siar', 'tháinig sé síos chugam ó Bhleá Cliath', nó 'tháinig sé suas chugam'. Ba léir go raibh Gaeilge an-simplí mar, suas, anuas, aníos, ciorraithe agus ag dul sa bhfraoch go leanúnach ar dhaoine a bhí nó atá seanlíofa. Ba é Donncha Ó hAodha a bhí sa chathaoir.

Scéalta Chorca Dhuibhne

Breandán Mac Gearailt

'Scéal agus Dán Oileáin' seolta

SHEOL Máire Ní Shúilleabháin Uí Chíobháin, iníon do Mhuiris Ó Súilleabháin a scrígh, 'Fiche bliain ag Fás', leabhar mór toirtiúil dar teideal 'Scéal agus Dán Oileáin,' le Mícheál de Mórdha, bainisteoir Ionad An Bhlascaoid i nDún Chaoin i Láthair an Bhlascaoid Mhóir oíche Dé hAoine. Leabhar é seo ina bhfuil dianscrúdú déanta ag an údar ar gach ar bhain le saol mhuintir an Bhlascaoid, ag áireamh, cé ar dhíobh iad, cá gcuadar nó cathain a saolaíodh iad. Tá cuntais ag Mícheál atá ag dul siar amach, fiú go dtí 'Na Fir Bholg'. Caithfead a rá gur bhaineas an-sásamh as an leabhar. D'fhéadfadh an scríbhinn a bheith pas beag níos sia síos sa leathanach dar liom agus d'fhéadfadh an cló a bheith ruainne beag níos mó dá bharr. Cinnte, bainfidh lucht feasa agus daoine gur suim leo an Blascaod an-taithneamh as an leabhar. Is foinse breá eolais é d'aon léitheoir. Leabhar é seo a thóg taoide ama ar an údar, mar bhí mórán taighde i gceist. Tá breis agus 600 leathanach ann, mar aon le raon mór pictiúr, go leor a deirtear linn nár facthas go poiblí riamh cheana. Tá an leabhar ar díol ar €25 agus é foilsithe ag Coiscéim.

Mhol 'Fear an Tí,' don oíche, Dónal Mac an tSíthigh, Micheál as a éirim peannaireachta agus ríomh treabhas Mháire Ní Shúilleabháin, go foirfe, fileata. Oíche Dé Sathairn bhí an dráma 'An Béal Bocht', ar árdán ag 'Aisteoirí Bhréanainn', in Ionad an Bhlascaoid Mhóir. Dráma é seo a chuirfeadh na cait ag gáirí.

An Blascaod Mór

"Good Piping" - Scannán Watson le feiceáil i Sráid na Cathrach

Áine Ní Chuaig

"*When this is ever done, I'd like to show it at the IFI and have drinks and tunes at this place called The Cobblestone*."

B'shin an chéad tuairisc a chuir an Meiriceánach, Davis Watson, ina dhialann nuair a tháinig sé chun na tíre seo in 2008 chun tús a chuir lena aisling: scannán a dhéanamh ar thraidisiún agus stair an Phíb Uilinn in Éirinn. D'eirigh leis an méid sin a chuir i gcrích thar na bearta!

Ba san IFI i mBarra an Teampaill a tionóladh an chéad taispeáint den chlár faisnéise 'Good Piping' ar an Domhnach 1 Iúil. Ina measc sin a bhí i láthair bhí Garech de Brún, Liam Ó Maonlaí, Máire Nic Fhinn, Deirdre Davitt, Micheál Ó Catháin, muintir cheolmhar Rowsome agus Uí Mhaolagáin.

Chaith déantóir an scannán, Davis Watson (30 bliain d'aois), beagnach ceithre bliana ag plé leis an tionscnamh seo. Dhíol sé a raibh aige lena bhealach a dhéanamh thar sáile, d'fhág sé a bhaile i Nashville Tennessee agus shroich sé Éirinn in 2008.

Thaifead sé ceol, amhráin agus seanchas a bhaineann le traidisiún na píobaireachta, in áiteanna éagsúil ar fud na tíre. Sa scannán, cuirtear aithne ar leithéidí Sheáin P. McKiernan, Néillidh Ó Maolagáin, Kevin Rowsome, Jimmy O'Brien-Moran agus Eugene Lambe.

Is píobairí iad atá ag leanacht leis an traidisiún agus atá ag tabhairt lámh chuidithe den chéad ghlúin eile, tríd a gcuid ceoil agus scileanna a mhúineadh. Roinneann siad a stór mór eolais faoi stair na píbe uilinn sa chlár. Tugann siad míniú cruinn ar an teicníc chasta a bhaineann leis na dosanna agus na rialtáin. Tugtar léargas mhaith freisin ar an bhfoighne atá i gceist leis an scil seo a bhaint amach, trí sheal a chaitheamh i gcomhluadar Banba Fitzgerald as Dún Laoghaire, déagóir díograiseach atá ag foghlaim na ceirde.

Ach leis an méid sin ráite, tá neart gáire le déanamh tríd an scannán freisin! Is carachtair mhóra cuid mhaith de na haíonna atá le feiceáil in 'Good Piping' agus tá a bpearsantacht cuimsithe go hiontach i suíomhanna neamhfhoirmiúil nádúrtha ag Davis Watson.

"The basis of Irish music is spontaneity!" a deir Seán P. McKiernan sa scannán, é ina shuí sa chistin sa bhaile in Iorras Aintheach. B'shin, go deimhin, an smaoineamh a bhí ag rith liom le linn an tseisiúin cheoil spleodraigh san Cobblestone i ndiaidh na taispeána san IFI.

Néillidh Ó Maolagáin agus Christopher Ennis ag comhrá in Ionad Séamus Ennis. Tá Néillidh agus Christopher le feiceáil sa scannán 'Good Piping.' [PIC: © SÉAMUS ENNIS CENTRE]

Bhí Ó Maolagáin agus Ó Maonlaí i lár an aonaigh. Chuir siad an lucht éisteachta faoi dhraíocht le leagan d'Eanach Dhúin, fonn le fonn, véarsa ar véarsa. Thit ciúnas ar an teach. Bhí an cruthúnas ann go raibh McKiernan ceart... b'shin a gcéad taibhiú!

Is féidir blaisín den scannán a fheiceáil ag an nasc seo: http://vimeo.com/24786300. Fuair 'Good Piping' tacaíocht ó Fhoras na Gaeilge, ón teach ósta The Cobblestone (BÁC) agus ó Alan Lomax ACE. www.culturalequity.org

Taispeánfear 'Good Piping' tráthnóna inniu, Dé Céadaoin 11 Iúil ag 5.00in, i dteach ósta Tom Malone's i Sráid na Cathrach mar chuid de Scoil Samhraidh Willie Clancy 2012. Maireann an scannán 90 nóiméad.

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 11 Iúil, 2012

Taispeántas Talamhaíochta an Daingin

IS i lár an tsamhraidh a bhíonn Taispeántas Talamhaíochta an Daingin ann go coitianta, agus is é an 15ú lá den mhí seo, Dé Domhnaigh, atá luaite leis i mbliana. Bíonn líon mór comórtas, capaill, bia, ba, caoire, ceardaíocht, trialacha madraí, bácáil, comórtas an 'Ghrainní Gaelach', agus fiú an cáca milis, i measc an raidhse a bhíonn le meas. Tá éirithe go diail leis an lá seo atá anois ina 47ú bliain. Sa chás ná beidh an lá thar moladh beirte is féidir formhór na gcomórtas a reáchtáil sa mharglann atá in aice leo. De ghnáth, lonraíonn an ghrian ar an bhféile seo. I mbliana beidh duaiseanna suas le €20,000 á chur ar fail. Dúirt an Cathaoirleach, Diarmaid Ó Murchú, go rabhadar buíoch do gach duine a chabhraigh leo, mar lucht gnó an Daingin, An t-Údarás agus an Chomhairle Contae. Beidh siad ag súil le haíonna éagsúla don ócáid, ag áireamh Uachtarán Chumann Soláthróirí Bainne na hÉireann, John Comer.

Cúnamh na Gaeltachta "curtha ar ceal"

DÚIRT Cathaoirleacht Chumann Cearta Sibhialta Ghaeltacht Chorca Dhuibhne, Seosamh Ó Conchúir, gur dócha go bhfuil muintir na Gaeltachta chomh scriosta ag ciorruithe agus bagairtí go bhfuil siad faoi 'dhubhgheasa' ag an Rialtas. Dar leis go bhfuil beagnach gach cúnamh, beag nó mór, a bhí ag an nGaeltacht curtha ar ceal.

Dúirt sé leis, de thoradh an tsíorchiorraithe, go bhfuil na 'geasa' chomh trom sin, ná fuil ar chumas dhaoine an mhisneach a bheith acu tabhairt faoi aon rud. Thagair sé d'Údarás na Gaeltachta agus na beartais nua 'Boird' atá i gceist.

"Tá's ag an saol ná raibh aon lá dá fheabhas le dealramh, go dtí gur tháinig an tÚdarás, ach anois tá an seanphraiseach á meascadh, seans ar shon polaitíochta." Dar leis go bhfuil an beartas daonlathach á cheilt ar mhuintir na Gaeltachta ar aon dul leis an bhfear a chuireann a shean-ghluaisteán meirgeach 'isteach' agus ceannaíonn sé ceann nua. In ainneoin go bhfuil an gluaisteán nua ar fheabhas cuireann a mháthair, go dteastaíonn uaithi béasa a chur ar a mac, iachall air an seanghluaisteán a cheannach ar ais agus an chairt nua a dhíol ar ais, le goimh agus le cníopaireacht."

"Ba mhaith liom an cheist a chur," arsa Seosamh, "an mbeadh Fianna Fáil, An Pairtí Glas, nó Sinn Féin, an son an daonlathais a bhronnadh ar ais ar an Údarás dá mbeadh siad i gcumhacht sa todhchaí?

"Caithfear a chuimhneamh leis," ar sé, "go mbeidh aon chontae amháin ann an chéad bhabhta eile agus go bhféadfadh lucht na Gaeilge agus mórán de mhuintir na Gaeltachta, thionchar toghchánaíochta a bheith acu sna blianta romhainn, ach beagán eagrúcháin a dhéanamh."

Saol na tuaithe le plé ag Scoil Merriman

BEIFEAR ag plé saol na tuaithe ag Scoil Samhraidh Merriman a bheas ar siúl i Lios Dúin Bhearna, Contae an Chláir ó 15-19 Lúnasa.

'Thriving at the Crossroads: Rural Ireland in a Globalised World,' téama na scoile i mbliana agus is é Bob Collins Stiúrthóir na Scoile.

"Ar feadh na gcianta, b'iad an tuath agus an talmhaíocht an bonn faoin aitheantas Éireannach," arsa urlabhraí na himeachta.

"Ba mhinic rómánsú déanta ar an mbonn seo agus ba mhinic míbhrí bainte as, ach bhí an-bhaint aige lenár múnlú agus lenár dtuiscint ar ár bhféiniúlacht ideálach aonair.

"Tá an domhan a thug an dearcadh seo dúinn imithe le fada. Tá aghaidh na tíre athraithe ó bhonn. Is ag an saol uirbeach agus an taithí uirbeach atá an svae sna meáin idirnáisiúnta agus is iadsan a mhúnlaíonn na haitheantais chomhaimseartha."

"Ach mar sin féin, is ann i gcónaí d'Éirinn na tuaithe. Fógraíonn a tírdhreach a háilleacht. Téann a pobal i bhfeidhm ar shaol na tíre. Agus soláthraíonn a goirt beatha a itear i mórán tíortha iasachta."

Beifear ag plé na mbealaí gur féidir le ceantair thuaithe a bheith beo in éindí leis an chruinne domhandaithe

Tráchtfar ar cheisteanna a bhaineann le talmhaíocht, beatha, tírdhreach, turasóireacht, inbhuanaitheacht agus an timpeallacht. Beidh fostaíocht, imirce, pleanáil agus caitheamh aimsire ina gcuid de mhósáic ábhar suime na Scoile chomh maith. Agus mar is dual, beidh an fhilíocht agus an litríocht ina gcuid de Scoil Samhraidh Merriman.

I measc na gcainteoirí beidh an tAire Talmhaíochta, Simon Coveney, An tOllamh Kevin Whelan Ollscoil Notre Dame), An tOllamh Chris Curtin (NUIG), Dr Ruth McManus (Coláiste Phádraig, Droim Conrach), An tOllamh Willie Smyth, Fiona Stack (Raidió Chiarraí), David Meredith (Teagasc), Pól Ó Coimín agus Siobhán Ní Ghadhra (Telegael), scoláire óg, Rhona Ní Chearbhaill, Carmel Fox (Ballyhoura Development), Eddie Downey (Leas-Uachtarán IFA). Is iad Harry Clifton, Moya Cannon agus Stiofán Ó Cadhla na filí a léifidh a saothar i mbliana.

I dteannta na léachtaí agus na bpainéal díospóireachta, beidh na gnáthsheimineáir Ghaeilge agus Bhéarla ar maidin, léamha filíochta ag Cúirt an Mheán Lae, turas bus i gContae an Chláir, ceol, amhráin agus rince amach san oíche. Tá tuilleadh eolais faoi Chlár iomlán na Scoile ar www.merriman.ie.

John Coffey (87), Denis McGrath (90) agus a ghairiníon, Danielle McGrath, le craoltóir RTÉ John Murray ag seoladh aip dátheangach do shiúlóidí i nGleann na hUidhre i Sléibhte an Chomaraigh, Contae Phort Láirge.

Táillí troma ar na Báid

IS dócha, ón uair a thosaíonn daoine ag caint faoi airgead, laethanta seo na gannchúise, go gcuireann siad cluais orthu féin. Dúirt iascaire ó Bhaile na nGall gur deacair do scata a thuiscint conas go bhfuil an oiread dleachtanna tromas á ngearradh ar bháid, fiú cinn bheaga, a bhíonn isteach agus amach sa chuan ar feadh tréimhsí beaga den mbliain. "Is cluichí polaitíochta, mheasfá, a bhíonn i gceist uaireanta," ar sé. "Luaitear airgead mór agus ansan nuair a árdaíonn raic, téann siad i gcomhar lena dTeachtaí Dála féin agus laghdaíonn siad an cháin le 'buachaillí maithe', a dhéanamh dá dteachtaí féin."

Seo, dar leis, a bhí i gceist sna dabhcha séarachais mar tar éis dóibh an laghdú a dhéanamh bhíodar ag súil le faoiseamh. "Ach tabhair aga dhóibh," ar sé, "agus feicfir iad ag cur a gcosa boracht fúthu arís. Uaireanta, mheasfá," ar sé, "ná fuil uathu aon bhád beag ná mór a bheith ag teacht agus ag imeacht ó chuanta Éireann. Is baolach," ar sé "gur obair gan puinn fóid an sórt seo méiseála."

Is maith an scéalaí an aimsir.

ULAIDH NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Turas Gaelach timpeall Stormont

Anton Mac Cába

BEIDH turas treoraithe trí Ghaeilge thart ar Stormont ar fáil ón bhfómhar ar aghaidh. Chinn Coimisiún an Tionóil sin a dhéanamh agus is í Seirbhís Oideachais an Choimisiúin a chuirfidh an turas ar fáil. D'fhógair an Comhalta den Tionól Reachtach, Barra Mac Giolla Duibh ó Shinn Féin, an méid sin sa Tionól thar cheann an Choimisiúin. Chuir an tSeirbhís Oideachais ball foirne chun na Gaeltachta, le snas a chur ar a chuid Gaeilge.

"Beidh an tSeirbhís (Oideachais) ag iarraidh a dheimhniú sa litir fáilteach a chuireann siad amach i Meán Fómhair go mbeidh an áis ar fáil do scoileanna a thugann cuairt ar an áit," arsa Mac Giolla Duibh sa Tionól.

"Caithfidh an foirgneamh a bheith oscailte agus fáilte a chur roimh na scoileanna uilig."

Go dtí seo ba i mBéarla amháin a bhí an turas treoraithe thart ar Stormont fiú nuair a bhí Gaelscoileanna agus grúpaí Gaeilge ar cuairt.

Tá seisear san iomlán ar an gCoimisiún. Aontachtaithe is ea triúr acu, beirt ón bPáirtí Aontachtach Daonlathach (DUP): Willie Hay, an Ceann Comhairle, agus Peter Weir. Ní raibh aon chonspóid ag baint leis an gcinneadh agus glacadh leis gur ceist oibriúcháin a bhí ann.

Dúirt Mac Giolla Duibh gur céim shuntasach chun tosaigh a bhí ann: "Is leis an bpobal go hiomlán an foirgneamh."

Idir an dá linn, áfach, tá sé ráite ag an DUP arís nach bhfuil siad sásta glacadh le hAcht Gaeilge ó Thuaidh. Maíonn siad gur bua é gan a leithéid bheith ann. Tá sin soiléir ón rud a dúirt Sammy Wilson, Aire Airgeadais an Tuaiscirt.

Bhí sé ag spochadh faoi Jim Allister, an t-aon fheisire atá sa Tionól ag an nGuth Traidisiúnta Aontachtach (TUV). Mar chuid dá ionsaí ar Allister, dúirt Wilson:

"*When Sinn Féin agreed to the terms that we had looked for in the policing and justice settlement, we were told by Mr Allister that the*

An damhsóir ar an sean-nós Seosamh Ó Neachtain as an Spidéal, ar phríomhstáitse Volvo, Déardaoin in éineacht le Mairéad Ní Mhaonaigh agus Ciarán Tourish ón ngrúpa Conallach , Altán le linn a gceolchoirm ollmhór sa 'Race Village'. Bhí an cheolchoirm mar chuid d'imeachtaí 'Lá Gaelach' Déardaoin ag Rás Aigéin Volvo. [Pic: Seán Ó Mainnín]

Iarratas chun Gailearaí ar Thóraigh a mhéadú

Anton Mac Cába

TÁ Péintéirí Thoraigh ag iarraidh méadú a chur le Gailearaí Dixon ar an mBaile Thiar ar an oileán. Chuir siad iarrtas pleanála chuig Comhairle Contae Dhún na nGall an tseachtain seo caite.

Mar chuid den iarrtas, tá na Péintéirí ag iarraidh síneadh a chur ar chúl an Ghailearaí. Is foirgneamh aon stór faoi láthair é agus tá siad ag iarraidh urlár breise a chur leis, mar a mbeidh idir gailearaí agus ionad oibre. Tá siad ag cur isteach, leis, ar chaifé beag a chur sa Ghailearaí.

Tá cáil ar Phéintéirí Thoraigh le beagnach 60 bliain agus tá pictiúir sa Ghailearaí a théann siar chomh fada leis na 50idí.

Is sa teach ina bhfuil an Gailearaí a bhí cónaí ar James Dixon tráth, an chéad phéintéir a bhí ar Thoraigh. Thosaigh seisean ar an bpéintéireacht sna 1950í. Fuair sé bás i, 1970 agus é 83 bliain d'aois.

Gailearaí Dixon, Toraigh

Cnoc an Anfa

trade-off was an Irish language Act. However, that trade-off has not happened."

Déantán Seandálaíochta i Seilbh príobháideach

Anton Mac Cába

RITH Tionól an Tuaiscirt rún le gairid chun séadchomharthaí seandálaíochta a chaomhnú tar éis don Choiste Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta rún a mholadh chuige sin, i gcomhar leis an gCoiste Comhshaoil. Comhalta den Tionól Reachtach, Michelle McIlveen, a mhol an rún, thar cheann an Choiste. Dúirt sí go raibh 1.47milliún déantán i seilbh comhlachtaí tráchtála. Dá bharr sin, ní raibh siad ag na hiarsmalanna. "Níl siad ar fáil ag an bpobal, ná ag taighdeoirí, mar sin níl siad ar leas an phobail," ar sise. Tá siad leochaileacha ar go leor bealaí: gadaíocht, lobhadh, nó teip na gcomhlachtaí. Níl sé soiléir an bhfuil aon ábhar á chur trasna na teorann nó chuig réigiúin eile de chuid na Ríochta Aontaithe. Ní bhfuair Iarsmalann Uladh oiread agus déantán amháin a fuarthas le linn oibríochtaí forbartha, ó 1999 i leith. Thug Oliver McMullan ó Shinn Féin tacaíocht don rún a ritheadh d'aon ghuth.



Iarsmalann Uladh, Béal Feirste

Scoláireachtaí Líofa 2015 á dtairiscint ag Oideas Gael

TÁ Oideas Gael ag tairiscint scoláireachtaí do dhaoine atá ag glacadh páirte sa togra Líofa 2015 dá chuid cúrsaí i nGleann Cholm Cille agus ar an gCoimín, Gleann Fhinne. Bíonn cúrsaí ar siúl gach seachtain as seo go deireadh mhí Lúnasa. Tá maoiniú faighte ag Oideas Gael ó Fhoras na Gaeilge do na scoláireachtaí. Beidh ar an té ar a mbronnfar scoláireacht clárú roimh ré le Scéim Líofa 2015 le cur isteach ar scoláireachtaí agus tabharfar tús áite dóibh siúd nach raibh deis acu Gaeilge a fhoghlaim ar scoil nó nach bhfuil sé d'acmhainn acu freastal ar chúrsa gan cuidiú ó scoláireacht.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ó Oideas Gael ag 074 9730248 nó oideasgael@eircom.net.



8,418 gan Béarla ná Gaeilge mar mháthairtheanga

Anton Mac Cába

NÍ Béarla ná Gaeilge an mháthairtheanga atá ag 8,418 dalta scoile sa Tuaisceart, sin ionann agus 2.6% d'iomlán na ndaltaí ó Thuaidh. An tAire Oideachais, John O'Dowd, a léirigh an t-eolas sin i bhfreagra a thug sé sa Tionól. Bíonn Mary Lafferty ag obair le hinimircigh, mar oibrí tionscadail leis an Omagh Ethnic Communities Support Group. Dúirt sí go bhfuil páistí inimirceacha ar scoileanna faoin dtuath, ní sna bailte móra amháin. "Léiríonn an líon páistí go bhfuil rún ag daoine fanacht," ar sise. "Tá siad, ag tabhairt a bpáistí anseo, sin nó tá siad ag fanacht anseo le páistí a rugadh anseo. Is cuid suntasach den saol iad paistí ó chúlra inimirceach."

COMHSHAOL

Pobal Charn Tóchair ag déanamh iarrachta an crotach a shábháil

Tháinig laghdú 96% ar líon na gcrotach in Éirinn le 20 bliain anuas ach tá grúpa i gCarn Tóchair i nDoire, faoi stiúir **Phóil Mhic Cana**, i mbun iarrachta an t-éan a shábháil

Is iomaí amhrán agus dán ina luaitear sianán suntasach an chrotaigh, agus is cinnte gurb é an t-éan sin ceann de na bunrudaí ar a gcuimhníonn duine nuair a smaoinítear ar thírdhreach na hÉireann.

Sin ceann de na samplaí deireanacha inár dtírdhreach talmhaíochta a léiríonn dúinn go bhfuilimid in ann, mar chine dhaonna, maireachtáil in éineacht leis an nádúr.

Ach tá titim dochrach i líon na gcrotach in Éirinn. Níl ach 200 péire pórúcháin acu fágtha ar an oileán ar fad. Sin titim 96 % thar 20 bliain, rud a chiallaíonn go bhfuil an crotach go mór i mbaol in Éirinn. Má leanann an cás seo, taobh istigh de 10 mbliana eile beidh an crotach níos teirce in Éirinn ná mar atá an traonach. Creidtear gurb athrú gnáthóige (m.s. coilltiú) agus bainistíocht an tírdhreacha (talmhaíochta níos déine) is mó is cúis leis an titim seo.

Tá pobal tuaithe beag i ndeisceart Dhoire faoi scáth shliabh Charn Tóchair agus an-bhród orthu go bhfuil na crotaigh mar oidhreacht nádúrtha acu.

Chuir an pobal seo, Coiste Forbartha Charn Tóchair, tús le tionscadal nua ar na mallaibh faoin ainm SAMHLAIGH, agus péire crotach ag eitilt ar a bhfeathal, le léiriú a thabhairt ar mhian an phobail eolas ar a n-oidhreacht a bhailiú: ainmneacha páirceanna, foirgnimh dhúchasacha, iarsmaí seandálaíochta, béaloideas agus bithéagsúlacht.

I dtaca le heolas a bhailiú faoin mbithéagsúlacht, , iarrtar ar an bpobal eolas a chur isteach faoi chrotaigh phórúcháin ar a dtalamh féin agus máguaird.

Na saorálaithe áitiúla atá ag obair ar an suirbhé ar na hÉin Ghoir leis an British Trust for Ornithology, bíonn siad ag cur eolais isteach faoin gcrotach chomh maith. Go nuige seo, creidtear go bhfuil cúig phéire crotach sa cheantar beag talmhaíochta seo.

Tá an brú atá ar an gcrotach i gCarn Tóchair mar an gcéanna leo sin atá i ngach áit eile in Éirinn agus tá an crotach ag déanamh a sheacht dhícheall fanacht linn anseo. Rinne dís de na cúig phéire pórúcháin atá ar taifead

An Crotach

againn, iarracht neadú i bpáirc bheag le crainn san fhál thart timpeall orthu, in aice le bóthar atá idir dhá theach a bhfuil 100 meadar eatarthu, agus faoi scáth muilinn gaoithe.

Is rudaí iad seo a chuireann ruaig ar an gcrotach de réir na saineolaithe. Ach rinne an péire chrotach seo iarracht cibé. B'fhéidir nach raibh an dara rogha acu amuigh ansin.

Tá teaghlach feirmeoireachta ann a bhíonn ag faire ar an bpéire pórúcháin cróga seo trí fhuinneog a seomra suí. Baineann siad sult astu mar chomharsana. Go deimhin, tá roinnt de na feirmeoirí áitiúla ag faire orthu agus iad ag cuardach bia ina gcuid páirceanna féin mar go bhfuil spéis ollmhór acu ina n-éin luachmhara.

Ar an drochuair, theip ar an nead a bhí ag na crotaigh seo cúpla seachtain ó shin – chuaigh na huibheacha ar iarraidh. Drochrud gan aon amhras, ach bhí níos measa le theacht. Seachtain

Ar an drochuair, theip ar an nead a bhí ag na crotaigh seo cúpla seachtain ó shin – chuaigh na huibheacha ar iarraidh. Drochrud gan aon amhras, ach bhí níos measa le theacht. Seachtain ó shin, tháinig baicle beag fear óg chuig an bpáirc, agus iad ag fánaíocht thart le gunnaí agus 'spórt' ar intinn acu.

ó shin, tháinig baicle beag fear óg chuig an bpáirc, agus iad ag fánaíocht thart le gunnaí agus 'spórt' ar intinn acu. Gan cead, thosaigh siad ag scaoileadh leis an dúlra sa cheantar, agus dealraíonn sé gur éirigh le duine acu ceann de na crotaigh a aimsiú lena hurchair.

Cuireadh in iúl do SAMHLAIGH go bhfuil éan acu bacach anois, agus go dtiteann leathchos leis anuas lag agus é ag eitilt. Mura dtagann bíseach ar an éan seo, seans go bhfuilimid síos anois go 199 péire pórúcháin den chrotach in Éirinn.

Is cinnte go bhfuil na feirmeoirí áitiúla an-ghonta agus buartha faoi seo. Mar sin, chuaigh an tionscadal SAMHLAIGH i dteagmháil leis an RSPB le comhairle a fháil. Tá an crotach anois liostáilte faoi Sceideal 1 sa reachtaíocht seo ar dearnadh leasú uirthi le gairid, An tOrdú um Dhúlra agus Thimpeallachta Nádúrtha (6 Chontae) 2012, agus tá an crotach anois faoi chosaint le pionóis speisialta. Mar sin, más amhlaidh gur scaoileadh agus gur gortaíodh an t-éan d'aonturas, seans gur cion coiriúil a tharla.

Is táscspeiceas é an crotach a léiríonn ár gcumas treabhadh lenár dtírdhreach ar a mbraitheann muid. Brú mór is ea an scrios agus an t-athrú atá á dhéanamh ar na gnáthóga iontu féin.

Más amhlaidh go síleann roinnt daoine gur ceadmhach an crotach a mharú mar éan géim, nó é a lámhach agus fios ag an duine gur éan faoi chosaint é, is cinnte go ruaigfear an crotach ónar dtírdhreach agus óna gcuimhneamh cultúrtha atá againn air. Mar phobal, bheidh muid níos boichte as i dtaca lenár n-oidhreacht féin agus le hoidhreacht ár bpáistí, má cheadaíonn muid dá leithéid tarlú.

Tá pobal Charn Tóchair ag faire ar a gcrotaigh luachmhara. Caithfidh an bród agus an léirthuiscint a thagann as foghlaim faoinár n-oidhreacht a theacht ar dtús sula dtagann an mian leis an oidhreacht sin a chaomhnú. Is é an t-aon dóchas atá ann, ná go bhfuil daoine eile amuigh ansin ag foghlaim faoina n-oidhreacht nádúrtha freisin sula gcaillfear an crotach.

Seans nach bhfuil ach 199 péire pórúcháin den chrotach fágtha anois de dheasca 'siamsaíochta' a bhí ag scata beag boc óg, ach leanaimid féin ar aghaidh ag comhaireamh ár gcrotach. Cé mhéad acu a bheas ann an bhliain seo chugainn?

Is tionscadal oidhreacht pobail é SAMHLAIGH agus iarrtar ar shaorálaithe taifead agus mapáil a dhéanamh ar ár n-acmhainní oidhreachta sa dóigh is gur féidir linn coincheap níos cruinne a fháil ar ár dtírdhreach áitiúil - mar atá sé anois agus mar a bheas amach romhainn. Tugann Ciste Oidhreachta an Chrannchuir, SWARD, An Cháin ar Líonadh Talún agus CEDaR, tacaíocht chaoin don tionscadal, agus oibríonn siad leis an Ulster Wildlife Trust agus leis an Woodland Trust chomh maith.

Tá tuilleadh eolais, mar aon le heolas faoin saorálaíocht, le fáil ó Phól Mac Cana ag An gCarn. Guthán 028-7954-9978 nó rphost pol.maccana@ancarn.org.

NUACHT Litríochta

Le Meadhbh Ní Eadhra

An chéad Aipleabhar Béarla agus Gaeilge riamh ar fáil anois!

TÁ nuacht iontach faighte againn ón gcomhlacht foilsitheoireachta, An tSnáthaid Mhór, go bhfuil an leabhar Ó Chrann go Crann ar fáil mar 'Aipleabhar' dátheangach ar iTunes. Is físeán ar líne é an aipleabhar seo agus is féidir éisteacht le glór binn Mhairéad Ní Mhaonaigh, as an mbanna ceoil Altan, agus í ag insint an scéil san fhíseán.

Tá ceol álainn sa chúlra chomh maith agus tá na pictiúir galánta ón leabhair le feiceáil ar an scáileán, agus iad ag athrú de réir mar a théann an scéal ar aghaidh. Má tá iPad agat sa bhaile, is féidir an aipleabhar seo a íoslódáil.

Ní hamháin gur féidir éisteacht leis an scéal á léamh ach nuair a leagann tú lámh ar an scáileáin agus ar na pictiúir, freagraíonn an aipleabhar dó seo agus osclaítear domhan iomlán nua don léitheoir, le tuilleadh den scéal á thaispeáint. Eispéireas idirghníomhach den scoth atá ann agus taitneoidh sé go mór le páistí agus daoine fásta chomh maith.

Is í Caitríona Hastings a scríobh an leabhar agus Andrew Whitson a mhaisigh é, agus tá cáil bainte amach ag an leabhar cheana féin as a fheabhas is atá sé. Is áis úrnua é an aipleabhar seo atá cruthaithe ag an gcomhlacht agus léiríonn sé cé chomh nuálach agus comhaimseartha is atá siad.

Is breá an rud é go mbeidh léitheoirí óga agus daoine ó gach aoisghrúpa, in ann éisteacht leis an scéal á léamh. Níl anseo ach an chéad chéim agus is cinnte go mbeidh tuilleadh 'aipleabhair' ar fáil amach anseo. Coinnigh súil ar an leathanach seo le haghaidh tuilleadh eolais agus bainigí sult as an gcéad aipleabhar ón tSnáthaid Mhór.

Is féidir cuairt a thabhairt ar www.antnsathaidmhor.com le haghaidh tuilleadh eolais agus ar ndóigh is féidir an aipleabhar a lorg ar iTunes chomh maith.

Rath ar Fhéile Litríochta dátheangach sa Bhreatain Bheag

IN ainneoin na drochaimsire, d'éirigh go hiontach le Féile Litríochta Dinefwr, a bhí ar siúl sa Bhreatain Bheag le déanaí. Bhí an fhéile ar siúl i Carmarthenshire agus bhí imní ar dhaoine nach rachadh an fhéile ar aghaidh mar gheall ar an mbáisteach throm agus an ghaoth láidir. Dúnadh na pubaill ar fad agus bhog siad an fhéile chuig Teach Newton, i bPáirc Dinefwr agus eastáit an Chaisleáin.

Mhair an fhéile ar feadh trí lá agus ceiliúradh a bhí ann ar litríocht agus ar chultúr na Breataine Bige, le meascán de cheol, litríocht, scannáin agus greann. De réir dealraimh, bhain gach duine an-sult as an bhféile agus bhí atmaisféar den scoth i dTeach Newton. Is cinnte go raibh slua mhór ann agus iad ag iarraidh ceiliúradh a dhéanamh ar litríocht agus ar oidhreacht na tíre.

Seo an chéad uair riamh don fhéile a bheith ar siúl agus deir lucht eagraithe na féile go bhfuil éileamh ann don chineál ócáide seo agus go bhfuil siad ag súil go reáchtálfar arís í an bhliain seo chugainn agus an bhliain dar gcionn. Ina measc sin a tháinig mar aíonna, bhí an scríbhneoir Howa Marks, na ceoltóirí Julian Cope agus Gruff Rhys, agus na filí Andrew Motion agus Gillian Clarke. Ócáid dátheangach a bhí san fhéile.

'Ciara Chainteach'

Le Maria Boden, maisithe ag Carol Betera, Cló Mhaigh Eo

Is leabhar ildaite, taitneamhach é seo le scéal simplí agus spéisiúil a choinneoidh aird na léitheoirí ó thús go deireadh. Tá an leabhar seo oiriúnach do pháistí ó aois 6-9, agus sílim go mbainfidh léitheoirí óga an-sult as scéal Chiara Chainteach. Faigheann muid seans aithne a chur ar Chiara i rith an scéil agus tá píosaí den scéal greannmhar, rud a chuireann leis an leabhar. Thaitin leagan amach an leabhair go mór liom, agus tá an scríbhneoireacht an-soiléir agus éasca le léamh. Coinnítear an Ghaeilge ag an leibhéal ceart don aoisghrúpa seo agus tá dath níos dorcha ar chuid de na línte ar gach leathanach. Is teicníc áisiúil é seo a tharraingíonn aird an léitheora ar fhocail agus abairtí éagsúla.



Cé nach bhfuil an scéal rófhada, níl sé róghearr ach an oiread, agus tá cothromaíocht mhaith ann idir théacs agus phictiúir. Sílim go mbeidh tóir ag léitheoirí óga, tuismitheoirí agus múinteoirí ar an leabhar seo agus níl aon amhras ach go bhfuil sé maisithe go galánta ag Carol Betera. Tá a stíl sainiúil féin ag an leabhar agus é foilsithe ag Cló Mhaigh Eo. Is féidir an leabhar a cheannach sna siopaí nó a ordú ar www.leabhar.com. Tá costas €8.50 ar an leabhar agus is fiú an t-airgead a chaitheamh, mar sílim go mbeadh páistí ag iarraidh an leabhar a léamh arís agus arís eile.

'Mamó agus an Peileadóir'

Le Pauline Devine
Coiscéim, 2011
€7.50

Is é seo an chéad leabhar i nGaeilge ó pheann Pauline Devine, ach tá cúig leabhar eile do dhaoine óga foilsithe aici i mBéarla chomh maith. Bheadh an leabhar seo oiriúnach do pháistí idir 8-12 atá ag iarraidh leabhar a léamh as a stuaim féin i nGaeilge. Níl an oiread sin leabhair den chineál seo ar fáil agus



mar sin is iontach an rud é go bhfuil scéal maith, spéisiúil, foilsithe ag Coiscéim don aoisghrúpa seo. Níl pictiúir istigh sa leabhar féin ach tá cludach deas ildaite ar an leabhar agus tá sé éasca an scéal a thuiscint agus a léamh.

Mhothaigh mé go raibh an leabhar rud beag gearr agus go mbeadh léitheoirí ag iarraidh tuilleadh a léamh, ach b'fhéidir go mbeidh leabhar eile foilsithe ag Devine roimh i bhfad. Tá costas €7.50 ar an leabhar, agus is cinnte go mbeidh spéis ag daoine óga léamh faoi eachtraí Chiara agus í ag dul ar saoire lena seanmháthair agus a máthair. Is cailín óg í an phríomhcharachtar, Ciara, agus mar sin beidh sé éasca do pháistí ionnanú a dhéanamh léi agus í a thuiscint. Tá greann agus eachtraíocht sa leabhar seo agus is féidir é a cheannach sna siopaí nó a ordú ar www.coisceim.ie.

COMÓRTAS SAMHRAIDH!

Coinnígí súil ar an leathanach seo sna seachtainí amach romhainn, mar beidh neart comórtas ar siúl chun seans a thabhairt dár léitheoirí meascán de leabhair áille a bhuachan.

An tseachtain seo, tá deis ag triúr léitheoirí cóip de na leabhair áille 'Siar agus Aniar' agus 'Inis Seo Dom' a thabhairt abhaile leo.

Bhí léirmheasanna ar an dá leabhar seo le léamh i nGaelscéal an tseachtain seo caite. Bailiúchán d'agallaimh beirte atá i gceist, agus iad foilsithe ag an gcomhlacht foilsitheoireachta An Gúm.

Chun páirt a ghlacadh sa chomórtas, freagair an cheist seo:

Cé a d'fhoilsigh 'Siar agus Aniar' agus 'Inis Seo Dom'?

Seol d'fhreagra chuig m.nieadhra@gmail.com nó chuig Gaelscéal, An Chuasnóg, An Spidéal, Contae na Gaillimhe, roimh Dé hAoine 20 Iúil, le d'ainm agus do sheoladh.

Go n-éirí libh!

NUACHT Litríochta

21 Dán – Poemes - Poemas

Le Tomás Mac Síomóin, Coiscéim

Léirmheas le Damian de Brún

Leabhar trítheangach í seo, 21 dán Gaeilge agus aistriúcháin Spáinnise (ullmhaithe ag María Ángeles & Tomás Mac Síomóin) agus Catalóinise (curtha in eagair ag Jordina Canyís). Mar atá scríofa ag Mac Síomóin sa réamhrá, "Ná bí ag súil le cnuasach d'amhráin tíre ar an tseannós ón leabhar seo" (Réamhfhocal l.vi), ach is léir gur thaitin dúshlán ullmhúcháin an leabhair seo leis; "fágaim le huacht é go bhfuil sásamh nach beag le fáil as dúshlán cruthaitheach an aistriúcháin" (Ibid l.vi).

Tá léaráidí de chuid Karen Dietrich ag maisiú gach dáin atá sa leabhar, léaráidí spéisiúla a chuireann filíocht an leabhair seo trasna i dteanga idirnáisiúnta na súl. Tá rian de Mheiriceá Laidineach le sonrú sna léaráidí álainne, agus cuirtear go mór le blás domhanda an leabhair leo.

Pléitear cainteoirí dúchais na Gaeilge, agus rítheann íomha an cheoil tríd an dán Eadartheangachadh. Scríobhtar faoin gceol ag teacht as 'cláirseach gan sreang'. Déantar tagairt de shean-nósanna na ndaoine 'ag cruinneáil ag na crosairí', tagairt de shean-nósanna na Gaeltachta, nuair a thagadh na daoine le chéile fá choinne cúrsaí só ag na crosbhealaí. Agus muid ag na 'crosairí' arís i dtaca le stádas na Gaeilge sa tír seo, tá Mac Síomóin a rá go bhfuil an rogha againn anois, go bhfuil anáil de dhíth i seanchnámha na Gaeilge arís sa Ghaeltacht, agus sna sean-nósanna atá ag imeacht uainn. Arís, críochnaíonn an dán le híomha an cheoil;

"agus tá feadóg gan pholl agam
ar a gcasfaidh mé
(duitse ach go háirithe)
an port ceannann céanna"

Tá luas le haimsiú sa stíl scríbhneoireachta seo thuas, sa véarsa deireanach. Athraítear an stíl agus leagan amach an dáin chun moill a chur leis an gcríoch, cosúil le port ceoil ag teach chun deiridh.

Tá an ceol mar théama ag roinnt dánta sa leabhar seo, agus tá tagairt eile ann sa dán As "Achadh Mhoirín". Tá ceangal ann idir an ceol, an creideamh agus an saol miotaseolaíochta. Luaitear arís an chruit, agus is spéisiúil an tagairt atá déanta de shiombalachas traidisiúnta na cruite. Tagann an mhiotaseolaíocht, an creideamh



agus seantraidisiúin na hÉireann le chéile;

"Fuaimníoch sí go fuíoch
A cruitcheol im' chré-se
Siollaí á stoitheadh aici
As cláirseach gan téada!"

Tá stíl an-fhileata sa dán seo, agus scríobhann Mac Síomóin go húdarásach. Tá comparáid idir an ghaoth ag séideadh tríd na crainn, agus gluaiseacht cosúil le géaga an choirp ag luascadh, fiú ag damhsa, sa ghaoth. Arís baintear úsáid as rím agus uaim leis an ngluaiseacht seo a chruthú;

"Bain creathadh as géaga!
Trá agus tuiligh
Le cúrsa na gréine!
Ciall cheannaithe an tréada
Strac ón gcré-rud!
Lonnaigh ciall
'measc bhandáil do bhréige!"

Tá an ceol mar théama arís sa dán 'Beethoven sa gCeoláras Náisiúnta', ina ndéantar plé ar nósanna an duine, an dóigh a hathraíodh iad, agus ar ndóigh mar a n-athróidh siad sna laethanta atá romhainn. Sa cheoláras, feictear daoine gléasta go snasta, é féin ina measc úd, agus é ag amharc orthu; 'i measc na gcarbhat is na gculaith'. Is suimiúil an dóigh a dhéantar plé ar an gceol, agus an dóigh a hathraíodh nósanna dhaoine an tseansaoil go dtí nósanna na ndaoine sa cheoláras ag an am sin; "Ruabheic bharbartha faoin gceol, i measc na gcarbhat is na gculaith". Sílim go bhfuil an file ag déanamh tagartha do nósanna fíochmhara an chine daonna ón tréimhse agus nósanna barbartha an duine, nós atá faoi cheilt i measc na sluaite sa cheoláras. Tá siad le haimsiú iontu go fóill, ach tagann siad chun solas arís díreach faoi thionchar an cheoil. Baintear úsáid as athrá, stíl atá coitianta sa leabhar seo, chun béim a leagan ar mhórphointe an fhile;

"ach mothaím ruabhéic
bharbartha
ag gleáradh faoi screamh na
bhfocal
fear tatúáilte ag rince
faoi charbhat is chulaith"

Tagann miotas na Gréige agus an fhilíocht shiollach le chéile sa dán Icearas. Cruthaítear luas, fuaim agus rithim leis an stíl scríbhneoireachta in Icearas;

"Ar phéac síol amhrais id' chroí
sular chraithis do sciathán céarach
sular thugais cúl le scáth is ceo
agus aghaidh ar léire na gréine?"

Tá tionchar domhanda le haimsiú i stíl scríbhneoireachta Mhic Síomóin, stíl atá eolach agus cleachta go mór, agus is léir go bhfuil an Ghaeilge go lárnach sa domhan sin. Tá Mac Síomóin go mór faoi thionchar na seanGhréige, agus tá sé le sonrú arís sa dán Gaoth na Mara ina chuirtear síos ar an ngrá agus ar an ailleacht mar nimh agus pian.

"Do cheolta sí ar shreanga
Feolta is fíon na sáimhe".

Tá dán scríofa in ómós d'Aogán Ó Rathaille dár teideal 'Aogán'. Is spéisiúil miotas na Gréige, agus miotas na nGael a bheith ag teacht le céile, ar bhealach a lonraítear filíocht agus miotas na nGael taobh le filíocht agus miotas na Gréige, agus é aistrithe go teangacha eile, an Chatalóinis agus an Spáinnis, chun blas domhanda a thabhairt don chnuasach seo. Níl meas níos airde le sonrú ná an sliocht a thógtar díreach ó Aogán é féin;

"feicim ise ag téarnamh im dháil,
Mór na Mumhan, Bé m'éigse
beola taise ar dhath na gcaor,
m'amhrán go buan á chasadh aici
gártha catha is laoithe na laoch".

Mothaím teachtaireacht Uí Shearcaigh ag teacht chun solais arís i gcuid dhánta sa chnuasach seo, is é sin le rá go gcaithfidh muid filleadh arís ar an tobar, ar an rud dúchasach, chun tuiscint a fháil ar an saol seo atá thart orainn anois. Sa dán 'Blascaod', tugtar ómós do Thomás Ó Criomhthainn, údar 'An tOileánach'. Tá plé déanta ar na rudaí a scríobh Ó Criomhthainn faoi, agus déantar tagairt den seanfhocal; "Níl in aon fhear ach a fhocal". Tá seanfhocal eile le fáil sa dán 'Binn Éadair', agus imeartas focal ag déanamh tagartha don fharraige ag cur leis;

"Lá na scolb nach tú a bhíonns ceansa!
Ach lá na gaoithe
Ní bhíonn teorainn leat"

Tá stíl an-saibhir ag Mac Síomóin, scríbhneoir a bhfuil tuiscint mhór ar a cheird aige, mar is léir ón dán 'Faochóg';

"Faigh fiodáinín doircheacht
i lár na dorchachta
do ghiodáinín fhéin fhéinín
abair"

Tá filíocht Mhic Síomóin ar fáil i leagan Spáinnise agus i leagan Catalóinise sa leabhar seo. Tá rithim, imeartas focal, stíl, stair, béaloideas, grá, ceol ann, agus ealaín álainn Karen Dietrich uilig measctha le chéile sa leabhar beag galánta seo. Tá sé curtha i gcló ag Coiscéim ar phraghas €19.95.

'An Tarrtháil' le Dónal Murray

Foilsithe ag Coiscéim

Léirmheas le Marcus Mac Dhonnagáin

Níl mórán samplaí de leabhair phopfhicsin sa nGaeilge a bhaineann le scéalta míleata: scéalta simplí faoi shaighdiúirí agus an obair chontúirteach a bhíonn ar siúl acu. Scéalta ina bhfuil an cur síos ar an aicsean i bhfad níos tábhachtaí ná saol inmheánach na gcarachtar. Sa Bhéarla, tá scríbhneoirí ar nós Tom Clancy agus Andy McNab ann, daoine atá tar éis am a chaitheamh san airm agus a úsáideann a gcuid taithí agus a gcuid eolais chun údarás a thabhairt dá gcuid scéalta. Is saothar den saghas seo é an scéal pulp fiction 'An Tarrtháil' le Dónal Murray.



Is scéal simplí go maith é An Tarrtháil, faoin teaghlach Wallner, dream iontach saibhir - ach mífheidhmiúil. Socraíonn Ciara, an duine is óige sa teaghlach, dul thar lear chuig na Balcáin - áit a bhfuil cogadh achrannach ag dul ar aghaidh - chun a scileanna mar dhochtúir leighis a úsáid. Ag an am céanna, déanann buíon foghlaithe mara ionsaí ar cheann de na longa atá mar chuid de ghnó ollmhór mhuintir Wallner, gnó a bhfuil Klaus Wallner, seanathair Chiara, i gceannas air. Nuair a fhaigheann na foghlaithe mara smacht ar an long, seolann Klaus Wallner a fhoireann slándála chun stop a chur leo. Déantar an dá shnáth den scéal a shníomh ina chéile nuair a théann aistear Chiara go dtí na Balcáin go huile is go hiomlán amú.

An fhadhb leis an scéal ná go bhfuil an iomarca aicsin agus an iomarca carachtar ann. Dá bharr sin, bíonn an iomarca rudaí ag tarlú ag an am céanna. Sa chéad leath den leabhar léimeann an scéal idir an dá phlota - scéal Chiara agus scéal na loinge. Níl luas cheachtar den dá scéal mar is ceart agus laghdaíonn sé seo go mór an teannas ba chóir a bheith i gcroílár leabhair den chineál seo. Locht atá ar an stíl ná go n-insítear an scéal ar fad dúinn ar bhealach sách lom, gan mórán a thaispeáint dúinn agus gan ligint dúinn féin an t-eolas a mheas. Mar shampla, nuair a chasann Ciara ar Eric, garda cosanta Klaus bíonn "mothúchán aisteach" aici. Níl aon iontas ann go dtiteann siad i ngrá níos déanaí sa scéal.

Ní thagann mórán forbartha ar bith ar na carachtair ó thús deireadh. Tagann feabhas ar luas na hinsinte sa dara leath agus tagann gach plota ar leith le chéile, ach faoin am sin tá sé ródhéanach. Is leabhar siamsúil go leor é 'An Tarrtháil', ach ligeann struchtúr na bplotaí éagsúla síos é.

Bás in Éirinn (May You Die in Ireland)

Iontaobhas Ultach, £10, In eagar ag Aodán Mac Póilin agus Róise Ní Bhaoill

Léirmheas le Marcus Mac Dhonnagáin



Iréamhrá Bás in Éirinn (May You Die in Ireland) míníonn Aodán Mac Póilín an phríomhchúis gur chuir sé féin agus Róise Ní Bhaoill an leabhar seo i dtoll a chéile; le taispeáint don domhan go bhfuil scoth na ngearrscéalta ar fáil sa Ghaeilge.

Déanann Mac Póilín tagairt don úrscéalaí Bhaile Átha Cliathach Anne Enright, agus an méid a scríobh sí ina réamhrá do The Granta Book of the Irish Short Story faoi "the acknowledged, if mysterious, talent of the Irish as short-story writers."

"But only," a deir sí, "if they write in English.."

Sampla eile a luann Mac Póilín faoi aineolas na mBéarlóirí ar ghearrscéalaíocht na Gaeilge ná an chaoi nár chuir an Sunday Tribune, (nach bhfuil ann a thuilleadh,) oiread agus litir admhála chuig Mícheál Ó Conghaile nuair a chuir se gearrscéal faoi bhráid an Irish Writing Page in 1996.

Ach nuair a sheol Ó Conghaile an scéal céanna isteach an bhliain dár gcionn, agus é aistrithe go Béarla, bhuaigh sé an Gradam Hennessy agus duais Scríbhneoir Óg na Bliana 1997, lena chois.

Is léir mar sin go bhfuil Bás in Éirinn ag iarraidh an dearcadh nach fiú aird a thabhairt ar scríbhneoireacht na Gaeilge a shéanadh - dearcadh thar a bheith seafóideach agus amaideach, ar ndóigh.

Léiríonn Bás in Éirinn a phointe trí na gearrscéalta a roghnaigh an dá eagarthóir agus an chaoi a leagann siad an leabhar amach. Roghnaigh Mac Póilín agus Ní Bhaoill seacht gcinn de ghearrscéalta ó scríbhneoirí éagsúla, scríbhneoirí a bhfuil cáil orthu i saol litríocht na nGaeilge.

Tá scéalta ann ó dhaoine mar Pádraic Ó Conaire, Seosamh Mac Grianna agus Liam Ó Flaithearta. Ach ionas go mbeidh Anne Enright agus a cairde in ann an leabhar a léamh agus a thuiscint, tá an bunleagan Gaeilge ar an leathanach clé agus aistriúchán Béarla ar a aghaidh amach.

Úsáidtear an struchtúr seo i leabhair dhátheangacha eile i dtíortha eile agus is struchtúr an-éifeachtach é, mar go ligeann sé duit an scéal a léamh i nGaeilge, i mBéarla nó i meascán den phéire acu. Ciallaíonn an struchtúr chomh maith go bhfuil réimse leathan daoine in ann sult a bhaint as na scéalta, go háirid daoine atá ag foghlaim na teanga, daoine a bhfuil meirg ar a gcuid Gaeilge nó fiú scoláirí meánscoile. Tá na haistriúcháin, den chuid is mó, an-mhaith. Téacs casta go maith é An tSochraid Cois Toinne ach d'éirigh leis an aistritheoir na híomhánna casta atá ar fáil ann a thabhairt leis:

"Bhí aithne agam féin air: is eol dom nár stróc sé i gcath, nár shil sé deoir ar bhás a chomrádaithe a maraíodh lena thaobh ach anseo i measc a mharbh féin sa reilig cois mara, ní fhéadfadh páiste a bheith níos boige."

"I knew him: I knew he had not stinted in battle, that he had not shed a tear for the comrade who had fallen by his side, but today, here among his own dead in this graveyard by the sea, a child could not have been more vulnerable."

Tá laigea nó dhó i gcorr-áit sna haistriúcháin, ach ní mórán iad. Ach céard faoi na scéalta féin? An téama a shníonn trí gach scéal ná an bás, téama a phléitear i scéalta áirithe ar bhealaí i bhfad níos spéisiúla ná mar a dhéantar i gcinn eile.

Ar bhealach amháin, tá sé beagáinín íoróineach téama an bháis a úsáid leis an mbeocht i saothrú ghearrscéalaíocht na Gaeilge a léiriú. Míníonn Mac Póilin go bhfuil an bás i gcroílár go leor scéalta i nGaeilge. Deireann sé chomh maith nach bhfuil mórán scéalta Gaeilge ann a dhéileálann leis an gcumhacht mar théama. B'fhéidir gurb é an chúis atá leis sin ná nach raibh mórán cumhachta polaitiúil ná stádais i dtéarmaí saolta ag na Gaeil agus gur scríobh siad faoi théamaí a bhí i bhfad níos tábhachtaí ina saol - maireachtáil ó lá go lá, cúrsaí grá, agus cúrsaí báis.

Is iad na píosaí ba mhó a thaitin liom ná na scéalta lán d'íomhánna éagsúla a chuir go mór lena dtéama. I ngearrscéal Sheosaimh Mhic Ghrianna, Ar an Tráigh Fholamh, cuireann Mac Grianna síos ar an aistear a dhéanann fear i rith Aimsir an Ghorta ón trá go dtí an reilig, agus é ag iompar coirp ar a dhroim. Chuirfeadh an t-atmasféar dorcha agus na daoine ocracha úrscéal iarapacailipteach Cormac McCarthy, The Road, i gcuimhne duit.

Scéal iontach eile sa leabhar ná An Beo a scríobh Liam Ó Flaithearta. Is scéal álainn é, ina ndéanann Ó Flaithearta comparáid idir an bhreith agus an bás agus na cosúlachtaí atá eatarthu.

Tá scéal nó dhó nach bhfuil ar an gcaighdeán céanna. Is scéal siamsúil é Grásta ó Dhia ar Mhicí le Séamus Ó Grianna, ach seachas sin ní bheidh tú ag déanamh mórán machnaimh air tar éis duit é a léamh.

Thairis sin, is bailiúchán anmhaith é Bás in Éirinn a thaispeánann go bhfuil gearrscéalta cumasacha ar fáil i nGaeilge. Beidh réimse leathan daoine, ó Ghaeilgeoirí líofa go daoine nach bhfuil acu ach corrfhocal, in ann sult a bhaint as gach uile scéal.



Crosfhocal 11.07.2012



NODA

TRASNA

1 Rud gur féidir le duine amháin a dhéanamh go maith nach féidir le duine eile a dhéanamh, b'fhéidir (4)
3 Caint, úsáid focal (8)
7 Tá na leabhair sa Bhíobla roinnte sa Sean agus ____ nua (6)
9 Daoine óga in eagraíocht náisiúnta a bhíonn ag campáil agus faoin aer (6)
10 Úsáidtear é seo le hadhmaid a bhriseadh don tine (3)
11 Uair, tréimhse (2)
13 Cóngarach don bhun, don talamh (5)
14 Lofa, imithe ó mhaith (5)
16 Láthair, ionad (3)
17 Briseadh amach do mhothúcháin, scaoileadh do ____ (5)
20 'Féileachán' a itheann do chuid éadaí (7)
22 Téarma gramadaí do cheann amháin (5)
23 Cuir i láthair ag tús leabhair (7)
24 Feoil nó glasraí san oigheann (5)
25 Feithidí beaga a chuireann isteach ort oíche shamhraidh (8)

SÍOS

2 Dhá sheachtain (6)
3 50% is dócha (5)
4 Focal nó gníomh a chuirfeadh eagla ar dhuine eile (7)
5 Deir, dúirt (4)
6 Tóg 'a' nó 'b'... déan do ___ (5_
8 Rún oifigiúil ag cruinniú (6)
12 Cailíní.. fásta suas (3)
14 Planda a choinnigh Suibhne Gealt beo fadó, agus úsáidtear ar shailéad anois é (6)
15 Seán, Brian, Máire, Caitlín, srl (4)
17 Duine a shuigh timpeall an tábla cruinn le hArt fadó, b'fhéidir (6)
18 Bog go tapa ó áit ard síos (3)
19 Costasach (4)
21 Ag teacht ón taobh eile uait (5)
22 Tá sé chinn déag acu i bpunt meáchain (4)

Crosfhocal
04.07.2012

Buaiteoir na Seachtaine seo:

Eilís Ní Bheaglach
Caisleáin Gearr, Gaillimh

Duais na seachtaine

Bronnfar dearbhán €20 urraithe ag Cló Iar-Chonnacht ar bhuaiteoir na seachtaine.

Ní mór iarratais a bheith ar ais roimh 16.07.2012 chuig: *Crosfhocal, Gaelscéal, 15 Sráid an Mhargaidh, Gaillimh.*

Ainm .....

Seoladh .....

.....

Fón..... Rphost.....

Indreabhán, Conamara, Co. na Gaillimhe. Tel. +353-91-593307
www.cic.ie

An focal deireannach

Le Síle Ní Bhraonáin

Dá mbeadh slaitín draíochta againn!

SAMHLAIGH dá mbeadh an domhan ina maireann muid iomlán difriúil. Samhlaigh dá mbeadh an chumhacht agat do dhomhan fhéin a chruthú agus d'amlíne fhéin a leagan amach!

Seo comhrá spraoiúil a thagann aníos go minic idir mé fhéin agus mo chairde agus is éagsúil na smaointe a bhíonn againn ar fad.

Seo meascán de na bealaí a n-athródh muide ár saol féin agus roinnt de na hathruithe a dhéanfadh muid ar an domhan.

• Stopfadh an próiseas aosaithe ag fiche a cúig. Piocadh an uimhir sin mar go mbeadh muid sách sean lenár gcuid cinntí féin a dhéanamh ach fós sách óg chun go maithfí dúinn na rudaí amaideacha a dhéanann muid.

• Bheadh dragúin againn ar fad ionas go mbeadh muid in ann a bheith in aon áit ar domhan taobh istigh de chúpla nóiméad agus nach bheadh orainn a bheith imníoch faoi rialacha bagáiste Ryanair go brách arís.

An 'Volvo', an 'Fhéile is fearr ar domhan' [PIC : IAN ROMAN / VOLVO OCEAN RACE]

• Bheadh samhradh ceart againn in Éirinn, mar gurb í an tír is fearr ar domhan í nuair a bhíonn an ghriain ag scalladh.

• Bheadh an Rás Aigéin Volvo i nGaillimh chuile bhliain! Tuigeann muid ar fad cén fáth. Seo í an fhéile is fearr riamh.

• Bheadh sé riachtanach go mbeadh ar a laghad leathchéad péire bróg Christian Louboutin ag chuile bhean.

• Ní rithfeadh an domhan amach as airgead go deo mar go mbeadh rialtais chliste ag gach tír agus bheadh cosc ar dhaoine a bheith santach. (Níl sé santach go mbeadh leathchéad péire bróg Louboutin ag gach bean!)

• Ní chuirfeadh siúcra meáchan ar bith ort.

• Is ag na fir a bheadh na páistí. (Is linne, na mná, an domhan agus sin mar a bheadh sé,)

• Bheadh muid uilig in ann gach teanga ar domhan a labhairt.

• An t-aon uair a bheadh beagánín teannais idir dhá thír, ná nuair a bheadh an Chraobh Domhanda Iománaíochta á himirt.

• Bheadh Dé Luain mar chuid den deireadh seachtaine. Ceithre lá a bheadh i ngach seachtain oibre.

• Thiocfadh an mhaidin beagánín níos deireanaí sa lá agus bheadh ´siestas´ i ngach tír.

• Ní bheadh tíogair fiáin. Bheadh siad againn mar pheataí in éineacht lenár madraí agus na dragúin.

• Bheadh gach bean in ann cócaráil ar nós Nigella Lawson agus labhairt cosúil léi freisin agus muid ag cócaireacht?! (Ná fir a tháinig suas leis an gceann sin!)

• Agus ar deireadh bheadh Elvis, Marlyn Monroe agus Frank Sinatra fós beo! Ag casadh ar stáitse go minic in éineacht leis na Saw Doctors!

Faisnéis do Shaoránaigh

LÓ-GHLAO
1890 777 121
Luan go hAoine 9rn go dtí 9rn

Iarratas a dhéanamh ar dheontas mac léinn

Ceist

Beidh an scoil á fágáil agam agus tá súil agam freastal ar an gcoláiste an fómhar seo chugainn. Conas a dhéanaim iarratas ar dheontas mac léinn?

Freagra

Is iad Tacaíocht Uilíoch do Mhic Léinn Éireann (SUSI) an t-údarás aonair nua bronnta don uile iarratas nua ar dheontas do bhliain acadúil 2012/13. Go nuige seo, rinne gach mac léinn iarratas ar a n-údarás áitiúil nó ar a gCoiste Gairmoideachais le haghaidh a ndeontas (agus leanfaidh mic léinn leanúnacha le hiarratas a dhéanamh ar na comhlachtaí seo go fóill). Maidir le mic léinn a thosaíonn a gcúrsa staidéir in 2012/13, cuireann SUSI córas ar líne iarratais ar fáil atá láraithe agus furasta le húsáid.

Ba cheart duit iarratas a dhéanamh ar líne trí studentfinance.ie a luaithe is féidir leat. Teastóidh d'Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (Uimhir PSP) uait chun iarratas a dhéanamh.

Ní gá duit an cúrsa féin ar a bhfreastalóidh tú a bheith ar eolas agat, áfach. Ná fan chun iarratas a dhéanamh go dtí bhfaigheann tú tairiscint áite nó chláraithe i gcoláiste.

Nuair a bhíonn d'iarratas seolta ar aghaidh ar líne, deimhneofar d'incháilitheacht. Má tá tú incháilithe, cuirfidh SUSI chugat sa phost faomhadh sealadach deontais agus liosta pearsantaithe de na cáipéisí tacaíochta a bheidh ort a sheoladh ar ais d'fhonn d'iarratas a chomhlánú. Ná seol ar aghaidh ach fótachóipeanna den cháipéisíocht tacaíocht, ná seol bunchóipeanna.

Nuair a bhíonn an uile cháipéisíocht tacaíochta arna seoladh ar ais agat, agus nuair a dheimhníonn tú do ghlacadh le háit ar chúrsa faofa, bronnfar ort do dheontas mac léinn. Íocfar do dheontas ar bhonn míosúil (faoi réir deimhniú freastail) go díreach isteach sa chuntas bainc Éireannach a shannann tú.

Má bhíonn aon cheisteanna agat faoin bpróiseas iarratais nó faoin Scéim Deontais do Mhic Léinn go ginearálta, is féidir leat dul i dteagmháil le Deasc Thacaíochta SUSI, a bhíonn á hoibriú idir 9rn agus 10in ó Luan go hAoine agus ar an Satharn.

Guthán: 0761 08 7874
Ríomhphost: support@susi.cdvec.ie

Tá tuilleadh eolais le fáil ón Ionad Faisnéise do Shaoránaigh thíos.

Chuir Ionad Faisnéise do Shaoránaigh 'Bíodh Eolas agat ar do Chearta' le chéile. Cuireann an tIonad seo seirbhís shaor in aisce agus faoi rún ar fáil don phobal. Tá faisnéis le fáil freisin ar líne ag citizensinformation.ie agus ón tSeirbhís Teileafóin um Fhaisnéis do Shaoránaigh, 0761 07 4000.

Seachtain chinniúnach sna sléibhte ag Roche

Labhraíonn **Nicolas Roche** le Gaelscéal

Cillian Ó Conchúir

Le naoi staid críochnaithe (dhá thriail ama ina measc), agus sos faighte, tiontaíonn Nicolas Roche a aigne ar sprioc na bliana seo, críochnú sa deichniúr tosaigh sa Tour de France. "Inniu táim úr, ach beidh sé difriúil i gceann cúpla seachtain," a deir Roche le Gaelscéal.

"Tá an Tour déanta agam trí huaire roimhe seo agus tháinig mé i mbliana, den chéad uair, gan fadhb agus i gcruth maith." Anuraidh, de thoradh timpiste a chuir deireadh lena pháirt san Critérium du Dauphiné, ní raibh Roche i mbarr a mhaitheasa ag dul isteach san Tour. I mbliana, a mhalairt atá fíor tar éis dó an deichiú háit a bhaint amach san Tour de Suisse.

"Is rás chomh mór é an Tour go dtéann tú isteach sa rás le beagáinín strus agus amhrais in ainneoin muinín a bheith agat nó gan a bheith. Caithfidh tú fanacht leis na sléibhte móra chun a fheiceáil cé chomh maith agus atá tú. Beidh strus orm go dtí sin.

Is iad na sléibhte a bhfuil Roche ag tagairt dóibh ná an Col du Grand Colombier (dreapadh 10.8 míle agus an barr 1,501 méadar os cionn leibhéal na farraige), an Col de la Madeleine agus Col de la Croix de Fer amárach (barr an dá ceann acu 2000m os cionn na farraige) agus an Col du Grand Cucheron agus an Col du Granier ar an Aoine (barr an dá cheann acu sin 1100m os cionn na farraige).

Le blianta, ní raibh Roche chomh héifeachtach sna trialacha ama, agus chaill sé am dá bharr. Sa dá cheann i mbliana, choimeád sé suas leis na ridirí móra, Fabian Cancellara san Prologue agus Bradley Wiggins ar an Luan sa caite. In ainneoin nach raibh lá iontach aige, níl sé ach 5' 29" taobh thiar de Wiggins sa gheansaí buí. "Cheap mé go dtitfinn siar sa triail ama," arsa Roche, " toisc go bhfuil 65km de ann san iomlán.

Tá sé léirithe agam sna sléibhte go bhfuil sé ar mo chumas fanacht leis na ridirí móra, ach d'fhéadfadh an triail ama deireanach a bheith mar thurnaimh mór dom. Ciallaíonn sé sin go bhfuil orm a bheith níos treise sna staid ná blianta eile." Idir seo agus sin tá na Alpa agus na Píréiní romham, ach in ainneoin an chruatain a bhaineann leo, deis a bhéas ann do Roche.

"Táim muinineach sna sléibhte tar éis dom an Tour de Suisse a dhéanamh, ach táim ag dul isteach iontu ag iarraidh gan mórán ama a chailleadh." Ceithre bliana ó shin, agus é ag cur tús lena chéad rás, bhí air rothaíocht chun iarracht an geansaí buí a ghnóthaigh baill foirne, Rinaldo Nocentini, a chosaint. Bhí sé ag rothaíocht leis na ridirí a bhris amach ón peleton, chun iarracht staid a bhuachan. Anois, tá sé mar cheannaire na foirne, ag rásaíocht d'áit sa rangú ginearálta.

Ach in ainneoin an dul chun cinn ar fad, ní thugann Roche aon aird air. "Cheap mé go mbeinn níos faide chun tosaigh chun a bheith macánta. In 2010 bhí mé sa 14 áit déag nuair a chaill mé an-chuid ama de bharr John Cadret. Cheap mé go raibh áit sa deichniúr tosaigh ann dom (Chríochnaigh sé sa 15ú háit). Anuraidh, scrios mé mé féin san Dauphiné agus bhí mé ó rath nuair a tháinig an Tour. I mbliana tá mé i riocht níos fearr. An t-aon rud ná go bhfuil an cúrsa níos deacra ná mar a bhíodh.

Tá súil agam i mbliana gur féidir liom críochnú sa deichniúr tosaigh." Is féidir dialann Roche faoin Tour, a thosaigh sé chun fanacht i dteagmháil lena chairde le linn an Tour, a leanúint go laethúil ar www.nicolasroche.com.

Nicolas Roche

Bradley Abú!

Páidí Ó Lionáird

TÁ nath cainte sa rothaíocht a deir nach féidir leat rás mar an Tour De France a bhuachaint in aon lá amháin; ach is féidir leat an rás a chailliúint in aon lá amháin. Tá an nath seo níos ábhartha i mbliana ná mar a bhí le blianta beaga anuas.

Ón uair ar fhógair Christian Prudhomme, Stiúrthóir an Tour De France, cúrsa na bliana seo roimh dheireadh na bliana seo caite, táim cinnte go raibh na foirne rothaíochta Sky, Radioshack, Omega-Pharma-Lotto agus BMC ag cuimilt a lámha le teann áthais agus iad ag súil le haghaidh a thabhairt faoin gcúrsa a bhí deartha, nach mór go huile agus go hiomlán, in oiriúint don speisialtóir trialach ama.

Óir is ag na foirne seo atá na rothaithe is mó agus is fearr iomaíochta sa rás contre la montre, nó rás na macántachta mar a tugtar ar an dtriail ama. Ní hamháin go mbeadh staid amháin trialach ama ach bheadh trí cinn - an prologue ag 6.4km, an chéad triail ama aonair ar an gcéad lá agus deis láithreach do na speisialtóirí a neart a léiriú.

Bradley Wiggins

Bheadh an lá le Fabian Cancellara (Radioshack) agus an geansaí diamhair buí ar a ghuaillí ar feadh formhór na seachtaine nó go mbainfeadh an Sasanach Bradley Wiggins (Sky) uaidh é le teann misnigh sna cnoic.

I staid 9, áfach, chuirfeadh Wiggins go mór lena bhuntáiste nuair a chloífeadh sé gach a mbeadh roimhe sa triail ama idir Arc-et-Senans agus Besançon - é ag méadú an bhearna idir é fhéin agus buaiteoir na bliana seo caite, Cadel Evans (BMC), go 1'53", achar dochreidte.

Inniu, tá an rás ag tabhairt aghaidh i ndáiríre ar na sléibhte, iad ag fágaint Mâcon agus iad ag sní a slí soir, soir ó dheas i dtreo cheann scríbe i Bellegarde-Sur-Valserine i dtaobh tíre álainn cheantar Rhone-Alps, gar do Ghinéiv na hEilvéise. Coimeádaigí súil amach do Dan Martin (Garmin) sna cnoic; seans go dtriailfidh sé ceann acu a bhaint.

Is sa taobh seo tíre a fhanfaidh siad go ceann trí lá sula ndruidfidh siad i dtreo shliabhraon na bPiréin le corrstaid réasúnta cothrom idir eatarthu. Ní chuirfidh na sléibhte seo as do Wiggins. Tá sé cruthaithe aige cheana féin cé chomh maith agus atá sé fhéin agus a fhoireann ag dreapadh nuair a lean sé a chomhghleacaí foirne, Chris Froome (Sky), go barr La Planche Des Belles Filles Dé Satharn seo caite.

Tá sé róluath toradh deiridh an Champs Élyséeses a thuar, ach mar atá agus i gcomhthéacs go bhfuil staid trialach ama eile ar an dara lá deireanach, is deacair buaiteoir eile seachas Wiggins a fheiceáil, an chéad Bhriotanach riamh a bhuafadh an Tour De France.

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 11 Iúil, 2012

Ar an gclaí

Le John Allen

Tá deireadh leis an leadrán!

Táimid beagnach bréan anois ó bheith ag féachaint ar chaptaen Chill Chainnigh ag dreapadh chéimeanna Ardán Uí hÓgáin ag bailiú corn éigin, ach chuir iománaithe iontacha na Gaillimhe deireadh leis an monaplacht sin le taispéantas den scoth an Domhnach seo caite.

Bhíodar dochreidte ón tosach, ag imirt le luas, neart, crógacht agus clisteacht ó chaitheamh isteach na liathróide. Bhíodar in uachtar ar fud na páirce ach cé a chreidfeadh nach bhfaigheadh na Cait a gcéad scór ón imirt go raibh leathuair an chloig caite, geall leis.

Taispéanann sé sin cé chomh mór in uachtar a bhí fhir Anthony Cunningham.

Ar an taispéantas sin beidh sé deacair na Gaillmhigh a bhualadh, ach chonaiceamar taispéantas mar sin cheana uathu agus a mhalairt an chéad uair eile a chuaigh siad amach.

Tabharfaidh an bua misneach do na foirne go léir atá fágtha sa chomórtas, ach ná ceap go bhfuil deireadh leis na Cait. Tá siad sa bhabhta ceathrú ceannais agus ocht saol fós acu.

Beidh lucht tacaíochta na nDéise agus Thiobraid Árann ag déanamh a mbealach go Páirc Uí Chaoimh an Domhnach beag seo. N'fheadar an bhfuil tromluí na bliana seo caite fós beo in aigne imreoirí na Déise nuair a chuir tosaithe Thiobraid Árann an sliotar san eangach seacht n-uaire (ceithre cinn ag Lar!) ar an bpáirc chéanna. I ndiaidh slad an lae sin ní haon ionadh go raibh imreoirí agus lucht bainistíocht na nDéise ag iarraidh cluiche an Domhnaigh a athrú go Dúrlas.

Faraor, níor ceadaíodh é sin agus téann an chraobh ar aghaidh i gCorcaigh agus Tiobraid Árann mar rogha na n-údar agus an teidil sin tuillte acu.

Tá fhir Declan Ryan ag dul isteach sa chraobh le buntáiste dhá cluichí craoibhe a bheith imeartha acu, dhá chluiche a bhí dian agus nach raibh an toradh cinnte go dtí deireadh an chluiche.

Ach bhuadar an dá chluiche agus d'fhoghlaimíodar roinnt i ngach choimhlint acu. Ach i mo thuairim-se níl an bhainistíocht ag fáil an méid is mó as an bhfoireann. Níl aon dabht ach go bhfuil painéal thar a bheith láidir ag Declan Ryan agus níl aon dabht freisin nár imir siad fós ar ardchaighdeán i mbliana. Bhuel beidh na Déise ag súil nach dtosóidh siad ag imirt i gceart an Domhnach seo ach an oiread.

Tá trí seachtainí traenála déanta ag Lar Corbett agus is mór an chabhair é sin dó agus don fhoireann. Thógadar isteach fir ionaid i gcoinne Chorcaigh, mar a rinneadar i gcoinne Luimnigh sa chéad babhta, a rinne difríocht ollmhór. Tá an saibhreas sin acu.

Ar an taobh eile den scéal, bhí an tádh ar Phort Láirge ina gcluiche i gcoinne an Chláir agus beidh orthu feabhsú go mór chun an ceann seo a thabhairt leo. Ní dóigh liom gur féidir leo an ceann seo a bhuachan. Ceapaim go mbeidh tosaithe Thiobraid Árann róghlic agus róthapa do chúlaithe na nDéise agus mura mbíonn John Mullane ar ard-form beidh sé an-deacair ar na Déise díoltas a bhaint amach ar thoradh Chraobh 2012. Agus, cé go n-imreoidh siad le spiorad agus le dóchas, ní dóigh liom gur leor san i gcoinne na seaimpíní. Ach cinnte tabharfaidh bua iománaithe na Gaillimhe spreagadh dóibh.

An lámh in uachtar ag Gaillimh ar na Cait! Bhí bua stairiúil ag Gaillimh ar Chill Chainnigh Dé Domhnaigh chun Craobh 'Laighean' a bhuachan. [PIC : BRIAN LAWLESS / SPORTSFILE]

Ar ndóigh, bhíos i mo shuí go luath maidin Dé Luan ag súil le tarraingt bhabhta a trí na gcluichí dícháilithe iomána a bhí ar siúl beo ar an gclár Ireland AM ar TV3. Bhí fhios againn ón Satharn cé hiad na foirne a bhí sa dhá mhias ach bhí orainn fanacht go dtí an Luan chun a fháil amach cé bhí ag imirt a chéile.

Tabharfaidh an bua misneach do na foirne go léir atá fágtha sa chomórtas, ach ná ceap go bhfuil deireadh leis na Cait. Tá siad sa bhabhta ceathrú ceannais agus ocht saol fós acu.

Sna cluichí sin ar an Satharn b'iad an Clár a sheas amach domsa. Tá anchuid oibre déanta ag Davy Fitz leo agus tá an óige acu.

Bhíomar go léir ag feitheamh le "cic" ó Bhaile Átha Cliath ar an Satharn seo chaite ach faraor níor tháinig sé. Bhí trua agam dóibh sna cluichí sraithe agus an t-uafás gortuithe ag cur isteach orthu. Ansin i gcoinne Chill Chainnigh agus an chuid is mó de na himreoirí is fearr ar fáil acu, theip orthu arís agus cheapamar gur "blip" a bhí ann ach bhí an "blip" céanna le feiscint ar an Satharn, mar d'fhéachadar gan spiorad, gan fhuinneamh gan plean arís.

Sa cluiche eile idir Corcaigh agus Uíbh Fhailí bhí caighdeán na himeartha íseal go leor agus an t-ádh ar Chorcaigh nár chríochnaigh fir Ollie Baker níos láidre.

Ach ar an Luan, rinne Uachtarán an Chumainn, Liam Ó Néill, an tarraingt don chéad babhta eile ina mbeidh Corcaigh agus Loch Garman in aghaidh a chéile agus Luimneach in aghaidh an Chláir (don triú huair i mbliana agus an scór ag dó a náid d'fhir an Chláir).

Ach beidh Luimneach réidh an iarraidh seo agus tá súil agam go n-athróimid na táblaí. Ceapaim go ndéanfaimid amhlaidh, mar sin ar aghaidh linn sa bearna baoil.

Obair agus Foighne ag teastáil ó Ghaillimh in aghaidh Aontroma

Dé Sathairn, Babhta Cáilithe, Aontroim v Gaillimh, Páirc Mhic Asmaint @ 3.00i.n

Gráinne McElwain

"BHÍ sé maslach do Shligeach an bealach a raibh na meáin chumarsáide ag caint fúthu," a dúirt Dónal Ó Flatharta, fear an Spidéil atá mar roghnóir le foireann sinsir peile na Gaillimhe agus é ag breathnú siar ar an gcluiche inar díbríodh Gaillimh as Craobh Chonnacht. "In 2010, bhuaigh Sligeach in aghaidh Mhaigh Eo agus na Gaillimhe i gCraobh Chonnacht agus ní drochfhoireann iad ar chor ar bith."

Baineadh geit as go leor nuair a fuair Sligeach an lámh in uachtar ar Ghaillimh, 2-14 le 0-15, i gCluiche leathcheannais Chonnacht inar aimsigh laoch na himeartha, Adrian Marren, 2-6. Ach an bhfuil aon rud foghlamtha ag Gaillimh as an chluiche sin? "Bhí Sligeach go maith agus níor thóg muid ár seansanna ag deireadh an chéad leatha agus ag tús an dara leatha. Mura dtógann tú do chuid seansanna ag an leibhéal seo, ní féidir leat buachaint.

Ag féachaint siar, b'fhéidir nár oibrigh muid sách crua agus nach raibh muid dírithe go hiomlán ar an gcluiche.

Foireann Peile na Gaillimhe [PIC : RAY MCMANUS / SPORTSFILE]

Lig muid d'imreoirí éalú uainn agus scaoileadh isteach thar imreoirí eile iad. Sin rud go gcaithfidh muid feabhas a chur air má tá muid ag iarraidh dul níos faide sa chraobh i mbliana."

An chúis gur bhain an toradh sin geit as go leor daoine ná go raibh bua compordach ag Gaillimh, 3-15 le 0-10, sa chéad chluiche a bhí acu in aghaidh Ros Comáin i mí Bealtaine.. Ní aontaíonn Dónal, áfach, leis an tuairim go raibh Gaillimh rómhuiníneach roimh an gcluiche in éadán Shligigh. "Thóg muid ár seansanna in aghaidh Ros Comáin agus fuair muid na cúil in amanntaí tábhachtacha sa chluiche. Sin é an difríocht a bhí idir an dá lá."

"Tar éis an chluiche in aghaidh Shligigh, bhí coicís ag na himreoirí lena gclubanna agus thug sé briseadh do na leaids ón gcontae, rud a bhí go maith dóibh. Coicís ó shin, chuaigh muid go Corcaigh le chéile don deireadh seachtaine agus labhair muid faoi na rudaí a bhí mícheart in aghaidh Shligigh agus an bealach gur féidir linn iad a réiteach. Painéal óg é seo le himreoirí ar bheagán taithí ag imirt le himreoirí a bhfuil neart taithí acu agus tógann sé tamall orthu a theacht le chéile. Níl muid in ísle brí nó aon rud mar sin sa champa tá gach duine ag súil le cluiche an tSathairn," a deir Dónal.

An lá sin, caithfidh Gaillimh an turas go Páirc Mhic Asmaint a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar Aontroim. Bhí mí-ádh ar fhir an tuaiscirt nuair a chaill siad in aghaidh Mhuineachán i gCraobh Uladh agus bhí an t-ádh leo a theacht as Ruislip le bua dhá chúilín in aghaidh Londain cúpla seachtain ó shin sa chéad bhabhta de na babhtaí cáilithe.

"Tá Londain go maith agus chonaic muid cé chomh deacair is a bhí sé ag Maigh Eo anuraidh toradh a fháil ina n-aghaidh agus mar sin ní bheinn ag tabhairt mórán aird ar thaispeántas Aontroma an lá sin.

Tá neart DVDs feicthe againn ar stíl imeartha s'acu. Cuireann Aontroim neart daoine taobh thiar den liathróid agus tá siad go maith ar an ionsaí. Caithfidh foighne a bheith agat chun iad a imirt mar ní thagann na scóranna éasca os comhair an bhalla sin. Sin rud eile a bhí orainn in aghaidh Shligigh, easpa foighne agus beidh feabhas mór ag teastáil ar an Satharn"

Seo an chéad bhliain ag Dónal agus ag an bhfoireann bhainistíochta faoi Alan Mullholland leis na sinsir i nGaillimh ach d'oibrigh siad le chéile i ngrád na mionúir agus faoi-21.

"Tá mé ag baint an-taitneamh as ach, mar a luaigh mé, seo foireann óg agus tá muid go léir ag foghlaim. Tá muid muiníneach go bhfaighidh muid an toradh ceart ach caithfidh foighne a bheith againn, caithfear an ráta oibre a ardú agus na seansanna a thógáil má tá muid chun an cluiche seo a bhuachan".

Meon na mbuaiteoirí ag Gaillimh

Labhraíonn Cillian Ó Conchúir le **Cathal Moore**

B'FHÉIDIR gurb é seo meon an bhuaiteora. Bhí uair an chloig caite ó bhuaigh Gaillimh Craobh Laighean.

Ní raibh aon agallamh déanta ag Anthony Cunningham leis na meáin chlóite agus ní raibh ach fear amháin tar éis an seomra feistis a fhágáil, chun maidí croise a chaitheamh isteach faoin mbus.

Ar deireadh, tháinig siad amach le chéile agus gan mórán cainte as an gcuid ba mhó díobh.

Ní raibh corn sinsir sa Chraobh buaite acu ó Chraobh na hÉireann 1988, ach ní raibh mórán le ceiliúradh faoi láthair, dar leo. Nuair a thiocfaidh Meán Fómhair agus iad mar churaidh na hÉireann, b'fhéidir gurb shin an uair a dhéanfar an obair chrua a cheiliúradh.

Bhí an meon sin le braith i gcaptaen na Gaillimhe, Fergal Moore.

"Ní bheadh sé sin maith go leor chun cluiche leathcheannais a bhuachan," ar sé agus Corn Uí Chaoimh ina seilbh aige. "Is faoi chluiche leathcheannais na hÉireann atá sé anois. Caithfimid an caighdeáin a ardú cúpla céim agus beidh orainn obair chrua a chur isteach chun an sprioc sin a bhaint amach."

Is gá dóibh forbairt a dhéanamh ar an bua seo má tá súil acu Corn Mhic Cárthaigh a ardú in Ardán Uí Ógáin i Meán Fómhair. Ach cad chuige an rath?

Faoin am seo in 1988, ní raibh cluiche imeartha acu go dtí seo. Faoi deireadh an tséasúir bhí trí chluiche imeartha acu; Londain sa cluiche ceathrú ceannais (Iúil),

Cathal Moore, Gailllimh. [PIC : DAMIEN EAGERS / SPORTSFILE]

Uíbh Fhailí sa bhabhta leathcheannais (Lúnasa) agus Tiobraid Árann i gCraobh na hÉireann (Meán Fómhair).

I mbliana, tá an Iarmhí, Uíbh Fhailí agus Cill Chainnigh imeartha acu cheana féin sa Craobhchomórtas.

An forbairt is mó atá tar éis a theacht orthu gan amhras, ná gur glacadh leo isteach i gCraobhchomórtas Laighean do Chraobh na bliana 2009. Is gné suntasach é sin a bhfuil Moore fíorbhuíoch dó.

"Tugann sé cluichí níos luaithe dúinn i gcoinne freasúra atá ar ardchaighdeán.

San am atá thart, shroicheamar mí Iúil agus aghaidh á thabhairt againn ar fhoirne a d'imir trí nó ceithre chluiche roimh sin. Go tobann bhíomar díbeartha ón gCraobhchomórtas. Tá sé níos éasca aghaidh a thabhairt ar traenáil i mí Eanáir nuair a bhíonn fhios agat go bhfuil cluichí diana agat i mí Bealtaine, seachas i mí Iúil."

I dtreo dheireadh na sraithe is ar éigean gur chreid aon duine sa tír go bhféadfadh foireann na Gaillimhe dul in iomaíocht le Cill Chainnigh, gan trácht ar bhua a fháil orthu tar éis 35 nóiméad.

"Chun cothrom na Féinne a thabhairt d'Anthony (Cunningham, bainisteoir na foirne) agus an fhoireann bhainistíochta, leagadar an bhunchloch nuair a thosaíodar amach i mí Eanáir leis an bpainéal a phioc siad."

Bíodh sin mar atá, ní fhéadfadh siad a shamhlú go mbeadh siad ag seasamh faoi bhun sheastán Uí Ógáin mar churaidh Laighean agus iad ag dul isteach i gcluiche dícháilithe i gcoinne Bhaile Átha Cliath ag deireadh na sraithe.

"Sin áilleacht an spóirt," dar le Moore le miongháire, "ach go foil, níl an Corn amháin sin againn atáimid ag iarraidh bhuachan i mbliana.

Téann gach foireann i mbun traenála i mí Eanáir don Chraobh sin i mí Meán Fómhair.

Seo sprioc amháin a bhí againn, Craobh Laighean a bhuachan, ach caithfimid forbairt as cuimse a dhéanamh chun dul in iomaíocht i gcluiche leathcheannais na hÉireann.

Níl an staid sin sroichte againn ó 2005 agus is céim mhór atá ann dúinn."

Le Cill Chainnigh scriosta acu i tréimhse leathuaire, tosaíonn an obair don chluiche leathcheannais anocht, nuair a filleann siad ar an bpáirc traenála. Idir seo agus 12 Lúnasa, beidh am ag Cunningham a chéad cheacht foghlamtha eile a réiteach.

Le máistir na spéire Joe Canning, (1-21 sa dá chluiche dheireanacha) cé a chuirfeadh geall ina choinne?

Seans eile ag Cill Dara agus buíoch as

Dé Domhnaigh, Cill Dara v An Cabhán, Páirc Bhréifne Kingspan @ 3.00i.n

Gráinne McElwain

Anuraidh an uair dheireanach go raibh mé ag caint le cosantóir Chill Dara, Aindriú Mac Lochlainn, tráth a raibh Cill Dara curtha amach as an gCraobh. Bhí sé an-diomúch tar éis dóibh cailliúint le haon chúilín amháin in aghaidh Bhaile Átha Cliath i gCluiche Leathcheannais Laighean agus arís le cúilín in aghaidh Dhún na nGall i gCluiche Ceathrú Ceannais na hÉireann. Mhothaigh sé ag an am nach raibh sé in ann leanstan ar aghaidh ag imirt dá chontae agus bhí sé ag smaoineamh éirí as ag deireadh an tséasúir sin.

Ach idir seo agus sin d'athraigh sé a intinne agus chas mé leis arís agus iad tar éis cailleadh uair amháin eile, an uair seo in aghaidh na Mí i gCluiche Leathcheannais Laighean. Ar an Domhnach tosóidh Cill Dara amach ar bhóthar na mbabhtaí cáilithe in aghaidh an Chabháin.

"Is í an aisling atá agam ná bonn Laighean agus bonn Uile-Éireann a bhuachan agus sin é an fáth gur tháinig mé ar ais. Tá triúr páistí óga agam faoi cheithre bliana d'aois agus tá sé deacair ach níl mé ag iarraidh críochnú suas le mo shaol imeartha agus aiféala orm. Anuraidh, bhí a fhios agam go raibh Kieran agus an bhainistíocht agus na himreoirí eile ag teacht ar ais agus tionchar aige sin ar mo chinneadh. Ach tá an painéal ag éirí níos sine agus caithfidh muid rud éigin a bhuachan i mbliana" a deir Aindriú.



Aindriú Mac Lochlainn, Cill Dara [PIC : RAY MCMANUS / SPORTSFILE]

Le cúpla seachtain anuas, ó d'éirigh Paddy O'Rourke as an phost bainistíochta in Ard Mhacha, tá ainm McGeeney luaite leis an bpost in Ard Mhacha ach deir Aindriú nach bhfuil na ráflaí ag cur isteach nó amach ar an bpainéal. " Níor chas mé le haon duine riamh a dhéanann an méid sin oibre le painéal agus a dhéanann Kieran. Bíonn sé ar an bhfón leat gach lá agus fiú in amanntaí bíonn sé ag déanamh na meáchan leat sa seisiún traenála chomh maith. Tá sé an-dílis do Chill Dara."

Bhí muid ag súil le go leor ó Chill Dara i mbliana le bua maith in aghaidh Uíbh Fhailí (0-19 le 0-6) i mbabhta Ceathrú Ceannais Laighean agus iad mar rogha na n-údár chun dáta a shocrú leis na Dubs ar an 22ú Iúil. Níor imir muid go maith in aghaidh na Mí agus níl a fhios agam cén fáth. Ní raibh an caighdeán sách maith agus rinne muid go leor botún. Bhí seansanna againn an cluiche a bhuachan ach níor thóg muid iad. Chuir muid cúig nó sé sheans ar fóraoil ag am tábhachtach sa chluiche agus d'íoc muid go daor astu."

"Bhí seisiún againn ar an Luan tar éis chluiche na Mí agus bhí an-díomá orainn ach ag an am céanna thug an seisiún sin deis dúinn féachaint chun cinn. D'fhéach muid ar an DVD chomh maith agus ar na rudaí a rinne muid go maith agus ar na rudaí a gcaithfidh muid feabhas a chur orthu. Tá áthas an domhain orm go bhfuil seans eile againn sa chraobh."

Ar an Domhnach imreoidh Cill Dara agus an Cabhán in aghaidh a chéile ar Pháirc Bhréifne Kingspan leis an gconspóid faoi Sheánie Johnston mar chúlra don chluiche. Cé go bhfuil gortú gualainne air, tá an-seans ann go mbeidh Johnston ag imirt i ngeansaí Chill Dara don chéad uair in aghaidh a chontae dúchais ach cén tionchar a bheidh aige sin ar Chill Dara. "Is leaid álainn é Seánie atá ag iarraidh peil idirchontae a imirt. Ní raibh fadhb ar bith ag an bpainéal leis roimh an gcluiche in aghaidh na Mí agus níl fadhb ar bith againn leis anois ach an oiread. B'fhéidir go bhfuil cuid den lucht tacaíochta míshásta, ach ní dóigh liom go bhfuil an méid atá ráite faoi ag Joe Brolly, Colm O'Rourke ná Ciarán Whelan féaráilte. Níl a fhios acu an scéal iomlán."

"Seo cluiche eile dúinn agus caithfidh muid é a bhuachan, táim cinnte go mbeidh foireann an Chabháin ag iarraidh é a bhaint chomh maith agus is dócha go bhfuil siad ag iarraidh pointe a dhéanamh. Beidh orainn an liathróid á úsáid níos fearr agus an liathróid a chiceáil isteach níos gaiste do na tosaithe rud nach ndearna muid in aghaidh na Mí. Caithfimid feabhsú ach táim ag súil leis an gcluiche"

Seoladh Craobhacha TG4 i bPeil na mBan

Gráinne McElwain

BEIDH TG4 ag craoladh Cluichí Ceannais na hÉireann i gCraobhacha Pheil na mBan ar chaighdeán ardghléine (HD) den chéad uair riamh ar an 30 Meán Fómhair 2012, a dheimhnigh Ardstiúrthóir TG4, Pól Ó Gallchóir, ag seoladh Chraobh TG4 i bPeil na mBan ag tús na seachtaine i bPáirc an Chrócaigh. Ag labhairt dó ag an seoladh, d'fhógair Ó Gallchóir go bhfuil síneadh trí bliana aontaithe don chonradh urraíochta agus cearta craolta idir TG4 agus Cumann Peil Gael na mBan agus go mairfidh an comhaontú nua go deireadh an tséasúir 2015.

Le linn na tréimhse sin, déanfaidh TG4 craoladh be oar suas le 60 cluiche agus beidh comórtas bliantúil na gcoláistí triú leibhéil, Corn Uí Chonchúir, le craoladh den chéad uair ar an stáisiún an bhliain seo chugainn.

Thréaslaigh Pádraig Quill, Uachtarán Cumann Peil Gaeil na mBan, na forbairtí seo le hArdstiúrthóir TG4 agus mhol sé an síneadh ama atá curtha leis an chonradh. "Tá TG4 luaite le Peil na mBan in intinn an phobail le fada an lá anois agus tá muid thar a bheith sásta go bhfuil athnuachan déanta acu ar an urraíocht ar na comórtais Chraoibhe se'againne, sinsear, idirmheánach agus sóisear go dtí 2015."

Feicfear neart aicsin i bPeil na mBan an deireadh seachtaine seo leis na cluichí craoibhe i gCúige Uladh, Cúige Mumhan agus Cúige Laighean le cinntiú. Ar an Satharn, beidh seaimpíní na hÉireann, Corcaigh, ag tabhairt aghaidh ar Chiarraí i gCluiche Ceannais na Mumhan agus Corcaigh mar rogha na coitiantachta an iarraidh seo. Ar an Domhnach, beidh an Mhí agus Baile Átha Cliath ag casadh le chéile i gCúige Laighean. "Seo scrúdú mór do na cailíní Dé Domhnaigh agus níl mórán ag tabhairt deise dúinn," a dúirt Paula Cunningham, bainisteoir na Mí. "Ach tá muid fíor-mhuíníneach as ár gcumas féin. Tá cúpla gortú ag cur as dúinn ach tá muid ag súil go mór leis an gcluiche."

In Uladh, feicfear Muineachán agus Dún na nGall ag imirt in aghaidh a chéile ar an Domhnach agus go leor ag súil go dtiocfaidh seaimpíní na sraithe i roinn a haon, Muineachán, amach chun cinn. "Tá Muineachán fíorláidir agus beidh teist mhór romhainn," a deir Michael Naughton, bainisteoir Dhún na nGall. "D'imir muid in aghaidh Thír Eoghain i gCluiche Leathcheannais Uladh agus cé gur bhuaigh muid, thosaigh naonúr cailíní nua an lá sin. Tá athrú mór millteach tagtha ar an bhfoireann a bhuaigh Craobh Idirmheánach na hÉireann dhá bhliain ó shin, ach tá na cailíní réidh don dúshlán seo," a deir Michéal.

Rena Buckley (Corcaigh), Clare Hehir (Gaillimh), Gemma Fay (Baile Átha Cliath) agus Aoife McAnespie (Muineachán) ag tabhairt teachtaireact faoi HDTV agus Craobhacha na hÉireann i bPeil na mBan ar TG4 i mí Mheán Fómhair